

Curaclam na
Bunscoile



Gaeilge

Teanga

Treoirlínte do Mhúinteoirí



BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR

Le ceannach díreach ón
OIFIG DHÍOLTA FOILSEACHÁN RIALTAIS
TEACH SUN ALLIANCE
SRÁID THEACH LAIGHEAN
BAILE ÁTHA CLIATH 2

nó tríd an bpost ó
FOILSEACHÁIN AN RIALTAIS
AN RANNÓG POST-TRÁCHTA
4-5 BÓTHAR FHEARCHAIR
BAILE ÁTHA CLIATH 2
(Teil: 01-6476834-5; Fax: 01-4752760)
nó trí aon díoltóir leabhar

Comhairleoir deartha:	Páirtíocht Bradley McGurk
Arna dhearadh ag:	The Identity Business
Grianghrafadóireacht:	Críostóir Mac Conmara
Arna chur i gcló ag:	Spectrum Print Management
Arna chlóbhualadh ag:	Mozzon Giuntina - Florence agus Officine Grafiche De Agostini - Novara



Gaeilge

Teanga

Treoirlínte do Mhúinteoirí

Clár

Roinn 1

An Ghaeilge sa bhunscoil

An Ghaeilge sa bhunscoil	2
An Ghaeilge—treo nua	2
Cur chuige cumarsáideach	2
Na feidhmeanna teanga	3
An Ghaeilge i gcuraclam páistelárnach	4

Roinn 2

Ábhar an churaclaim Ghaeilge

Ábhar teagaisc agus foghlama an churaclaim Ghaeilge	8
Leagan amach agus struchtúr an churaclaim	8
Snáitheanna an churaclaim Ghaeilge	8
Na snáithaonaid	11
Cineálacha scoileanna	13
Cur chuige cumarsáideach	14

Roinn 3

Pleanáil sa scoil

Pleanáil sa scoil	18
Eagrú na pleanála	23

Roinn 4

Pleanáil sa seomra ranga

Pleanáil sa seomra ranga	28
Measúnú sa seomra ranga	33
Áiseanna teagaisc agus foghlama	35
Greillí pleanála samplacha	43

Roinn 5

Forbairt na cumarsáide

Forbairt na cumarsáide	52
Cur chuige cumarsáideach	53
Struchtúr do chur chuige cumarsáideach	58
Modhanna múinte	64
Straitéisí éagsúla chun cumas cumarsáide an pháiste a fhorbairt	67
Scéalaíocht	100
Filíocht	105
Éisteacht	116
Labhairt	122
Léitheoireacht	125
Scribhneoireacht	139
Ceachtanna samplacha	145
Teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide	171
Ag féachaint go géar ar obair an pháiste	173

Roinn 6

Aguisín

Tagairtí sa churaclam agus sna treoirlínte	178
Leabhair: Seoltaí na n-eagraíochtaí agus na bhfoilsitheoirí	184
Gluais	187
Ballraíocht an Choiste Curaclaim Ghaeilge	193
Ballraíocht an Choiste Comhordaithe Bunscolaíochta	194
Buíochas	195

Comhtháthú na Gaeilge le hábhhar eile



Roinn 1

An Ghaeilge sa bhunscoil

An Ghaeilge sa bhunscoil

- Cumarsáid
- Úsáid na teanga

An Ghaeilge—treo nua

Is ar chumarsáid agus ar úsáid na teanga mar ghnáth-theanga bheo a leagtar béim sa churaclam Gaeilge. Tá béim ann ar líofacht cainte agus ar leathnú chumas cumarsáide an pháiste i gcoitinne. Cuirfidh foghlaim na Gaeilge ar chumas an pháiste cumarsáid a dhéanamh in dhá theanga.

Ciallaíonn ‘cumarsáid’ daoine ag caint agus ag éisteacht lena chéile, ag scríobh teachtaireachtaí chuig a chéile agus á léamh. Cruthaíonn an múinteoir na suímh agus na comhthéacsanna sa seomra ranga agus sa scoil ina mbeidh gá ag an bpáiste le cumarsáid a dhéanamh trí Ghaeilge. Bíonn tascanna nó cluichí éisteachta agus labhartha ar siúl ag an bpáiste i rith an cheachta chun úsáid a bhaint as an nGaeilge i gcomhthéacs an tseomra ranga. Bíonn cluichí boird agus tascanna scríofa ar siúl freisin chun go mbeidh an léitheoireacht agus an scríbhneoireacht ní hamháin pléisiúrtha ach feidhmiúil chomh maith.

Cur chuige cumarsáideach

Is ar an bpáiste féin agus ar na riachtanais teanga atá aige/aici agus ar a c(h)uid ábhar spéise atá an phríomhbhéim sa chur chuige a úsáideann an múinteoir. Cuirtear béim ar thaitneamhacht an ábhair theagaisc agus ar an gcaoi a gcoinneoidh sé seo an páiste gafa le linn na foghlama. Tugtar aird faoi leith ar úsáid na teanga chun cumarsáid a dhéanamh, agus cruthóidh an múinteoir comhthéacsanna ina mbeidh gá ag an bpáiste an Ghaeilge a úsáid chun tasc a chur i gcrích. Cuireann cur chuige cumarsáideach béim ar úsáid na teanga chomh luath agus chomh minic agus is féidir i rith an cheachta. Cuireann tascanna, cluichí teanga agus comhthéacsanna taitneamhacha a chruthaíonn an múinteoir ar chumas an pháiste cumarsáid a dhéanamh ag baint úsáide as na ceithre scil teanga: éisteacht, labhairt, léitheoireacht agus scríbhneoireacht. Bíonn an bhéim ar sprioc cumarsáideach a bheith ag gach cuid den cheacht; agus cé go mbíonn athrá agus druileanna ar siúl ag na páistí bíonn a fhios acu go bhfuil siad ag cleachtadh chun cumarsáid a dhéanamh ina dhiaidh sin sa cheacht. Chomh fada agus is féidir bíonn cumarsáid ar siúl idir na páistí i ngach ceacht Gaeilge, cé gur cumarsáid faoi threoir a bhíonn ar siúl cuid mhaith sa bhunscoil. Mar sin féin bíonn sprioc na fíorchumarsáide ag an múinteoir do na páistí i gcónaí.

Caint nádúrtha

Ceist:

‘Conas atá tú?’

Freagra gairid:

‘Go maith.’

- dul i gcion ar dhuine eile

cuireadh a thabhairt

Ar mhaith leat teacht linn?

a dhiúltú

Ní féidir!

glacadh leis

Ba bhreá liom! Go raibh maith agat.

Caint nádúrtha

Nuair a labhraíonn daoine lena chéile go nádúrtha agus fíorchumarsáid ar siúl acu ní bhíonn an seans céanna acu an teanga a ullmhú is a bhíonn nuair a bhíonn siad ag scríobh. Is iad gnéithe na cainte sin ná leathabairtí agus stopanna fad is atá an duine ag smaoineamh. Ligtear don pháiste caint mar sin a chloisteáil ar théipeanna agus ar fhíseáin agus í a thabhairt faoi deara. Bíonn caint nádúrtha le léamh freisin i gcomhráití samplacha agus i scéalta agus le sonrú ar theanga an tseomra ranga freisin. Beidh saoirse ag an bpáiste an abairt a thosú arís más gá, agus tuigtear go n-úsáidfídh sé/sí leathabairt nó frása agus stopanna mar a dhéantar sa ghnáthchaint. Gné thábhachtach eile den chaint nádúrtha ná an freagra gairid, agus nuair a bhíonn an teanga labhartha á múineadh lorgaítear é i gcónaí. Faigheann an páiste cleachtadh ar an abairt iomlán le linn ceist a chur, le linn na léitheoireachta agus sa scríbhneoireacht fhoirmiúil freisin. Is ar úsáid na teanga nádúrtha a bhíonn an bhéim sa churaclam Gaeilge.

‘Idirtheanga’ an pháiste a thugtar ar an teanga a bhíonn ag fás agus ag forbairt le linn na foghlama. Tá difríochtaí idir an chaint nádúrtha thuas agus idirtheanga an pháiste. Go hiondúil bíonn gramadach na cainte nádúrtha cruinn go leor ach ní bhíonn comhréir na hidirtheanga ceart i gcónaí. Nuair a bhíonn cluiche nó tasc cumarsáideach ar siúl úsáideann an páiste an teanga a

bhíonn ar a c(h)umas ag an am, agus má bhíonn an teachtaireacht soiléir ní cheartaítear an teanga.

Na feidhmeanna teanga

Tá difríochtaí idir teanga an pháiste agus teanga an duine fhásta ach tá gánna cumarsáide acu araon. Bíonn gach duine ag iarraidh é/í féin a chur in iúl trí rudaí a rá agus trí éisteacht le daoine eile. Tugtar ‘feidhm teanga’ ar an úsáid a bhaineann duine as an teanga chun cuspóir éigin cumarsáide a bhaint amach, mar shampla chun é/í féin a chur in aithne do dhuine eile nó chun ceist a chur air/uirthi nó chun freagra a thabhairt. Bíonn duine ag comhlíonadh feidhmeanna teanga nuair a bhíonn an chumarsáid sin ar siúl.

Is féidir feidhm amháin a chomhlíonadh trí úsáid a bhaint as eiseamláirí difriúla teanga, mar shampla ‘*Ní maith liom borgaire!*’ nó ‘*Is fuath liom borgaire!*’ nó ‘*Tá an ghráin agam ar bhorgaire!*’ Úsáidtear eiseamláirí éagsúla freisin ag brath ar chuspóir agus ar ról an chainteora agus ar an suíomh ina bhfuil sé/sí. Labhraíonn páiste le cara ar bhealach neamhfhoirmiúil cairdiúil, ach bíonn sé/sí i bhfad níos foirmiúla le duine fásta. De réir a chéile tagann na páistí isteach ar úsáid chuí na teanga, is é sin an úsáid a oireann don ócáid agus don ról atá acu sa suíomh.

Is féidir leis an bpáiste na feidhmeanna teanga a chomhlíonadh ní hamháin i suíomh réalaíocha sa seomra ranga ach freisin i suíomh insamhlaithe, cuir i gcás

i rólanna difriúla agus i ndrámáíocht. Tá roghnú an-ghinearálta déanta de na heiseamláirí teanga a bhíonn in úsáid ag páistí, agus tá liostaí feidhmeanna le fáil sa churaclam.

An Ghaeilge i gcuraclam páistelárnach

Déanann an curaclam freastal ar an bpáiste sa bhunscoil ag baint úsáide as iliomad seifteanna chun é/í a fhorbairt ina (h)iomláine, ag aithint na ndifríochtaí atá idir pháistí. Chun an freastal seo a dhéanamh tá an curaclam Gaeilge páistelárnach agus é intuigthe go mbainfear cuspóirí an churaclaim amach ag leibhéal a oireann don pháiste. Caithfear a bheith réalaíoch faoin méid a bhfuiltear ag súil leis ón bpáiste, ag cur san áireamh cúinsí ar leith an pháiste aonair agus nach ionann an éirim ó thaobh foghlaim teanga de atá ag gach páiste. Cuirtear an cineál scoile san áireamh freisin.

Cuirfear béim ar leith ar thuiscint na teanga agus ar léiriú na tuisceana sin mar chéim thábhachtach i bhfoghlaim na teanga. Ar dtús léireoidh an páiste tuiscint ar an teanga sula mbeidh sé ar a c(h)umas í a úsáid. Nuair a bheidh an múinteoir ag roghnú an ábhair theagaisc agus foghlama beidh saoirse aige/aici freastal ar ghánna uile an pháiste, ar bhealaí agus ar ráta foghlama an pháiste aonair. Beidh an t-ábhar taitneamhach chun go mbeidh dearcadh dearfach ag an bpáiste ina leith.

Dearcadh na scoile i leith na Gaeilge

Is fearr a chuirfear an curaclam Gaeilge i bhfeidhm má bhíonn an uile dhuine i bpobal na scoile báúil. Is fearr má bhíonn gach duine—an príomhoide, na múinteoirí, na tuismitheoirí agus an bord bainistíochta—ar aon intinn faoi chur chuige na scoile i leith na Gaeilge. Beidh siad aontaithe faoi na straitéisí a úsáidfear chun na páistí a chur ag úsáid na Gaeilge. Tabharfaidh pobal uile na scoile tacaíocht dá chéile chun go bhfeicfidh na páistí gur féidir an Ghaeilge a úsáid chun labhairt faoi ghnáth-tharlúintí an lae inniu. Spreagfaidh fearas nua-aimseartha na páistí agus beidh éagsúlacht gníomhaíochtaí ar siúl. Déanfar ceangal idir saol an lae inniu agus an Ghaeilge sna tascanna agus sna gníomhaíochtaí teanga, agus bainfidh na páistí taitneamh as comhthéacsanna nua-aimseartha i bhforbairt na gceithre scil teanga.

Chomh maith leis an gceacht Gaeilge ba chóir go mbeadh atmaisféar na scoile fabhrach don Ghaeilge agus go mbeadh an teanga le feiceáil ar fhógraí agus ar pháipéarachas na scoile agus le cloisteáil ag na páistí agus í á labhairt ag na múinteoirí ina measc féin agus idir na tuismitheoirí agus na múinteoirí ó am go ham. B'inmholta don scoil tacaíocht a thabhairt d'imeachtaí Gaeilge an cheantair, do na féilte agus do na comórtais áitiúla agus náisiúnta,

agus glacfaidh na páistí páirt
ghníomhach sna himeachtaí sin nuair a
fheileann sé.

Is sa bhaile, i ranganna na naíonán agus
i ranganna eile na bunscoile a leagfar
bunchloch dhearcadh an pháiste i leith
na Gaeilge mar theanga nua-
aimseartha. Is mór an chabhair í
tacaíocht na dtuismitheoirí chun an
plean scoile a chur i gcrích. Tacaíonn an
scoil le dearfacht na dtuismitheoirí go
háirithe má bhíonn an fhoireann go léir
ar aon fhocal faoi úsáid na Gaeilge sa
scoil.



Tasc á dhéanamh trí Ghaeilge



*Éisteacht agus
gníomhú*

Ábhar an churaclaim Ghaeilge

Ábhar teagaisc agus foghlama an churaclaim Ghaeilge

Leagan amach agus struchtúr an churaclaim

Tá an curaclam Gaeilge roinnte ina dhá chuid: an t-ábhar teagaisc agus foghlama do na scoileanna ina bhfuil an Ghaeilge mar dhara teanga i dtosach na cáipéise agus an t-ábhar do na scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge ansin. Tá sé roinnte ar cheithre rang-ghrúpa: naíonáin, ranganna 1 agus 2, ranganna 3 agus 4, agus ranganna 5 agus 6. Tá sé eagraithe faoi cheithre shnáithe:

Éisteacht

Labhairt

Léitheoireacht

Scribhneoireacht.

Tá na snáitheanna neamhspleách ar a chéile sa churaclam, ach sa cheacht Gaeilge bíonn siad comhtháite go minic. Is iad na trí phríomh-shnáithaonad ná:

‘Ag cothú spéise’

‘Ag tuiscint teanga’

‘Ag úsáid teanga’.

Tá foramharc le fáil ar na snáitheanna agus ar na snáithaonaid sin ag tús an ábhair theagaisc agus foghlama do gach rang-ghrúpa; féach, mar shampla, leathanach 49 den churaclam. Tugtar na catagóirí feidhmeanna agus ainmneacha na dtéamaí don rang-ghrúpa sna táblaí foramhairc freisin. Sna leathanaigh a leanann na táblaí foramhairc roinntear an t-ábhar teagaisc ar na snáithaonaid agus tugtar eispéiris foghlama— tascanna, gníomhaíochtaí, cluichí

teanga, scéalta, dánta agus amhráin— lenar féidir cuspóirí foghlama an ábhair sin a chomhlíonadh.

Snáitheanna an churaclaim Ghaeilge

Éisteacht

Éisteacht ghníomhach atá i gceist le héisteacht i gcomhthéacs na cumarsáide. Múintear do na páistí conas éisteacht, agus is minic a bhíonn an t-ionchur teanga sna gníomhaíochtaí éisteachta ag leibhéal níos airde ná cumas cainte an pháiste. Bíonn cuspóir faoi leith leis an éisteacht i gcónaí. Foghlaimíonn an páiste conas éisteacht go ghníomhach, is é sin léiríonn an páiste go dtuigeann sé/sí an chaint trí ghníomh a dhéanamh. Is féidir leis an múinteoir aire an pháiste a dhíriú ar ghnéithe áirithe den ábhar éisteachta, agus ansin gríosáíonn sé/sí an páiste chun tuiscint a léiriú ar bhealaí éagsúla, cuir i gcás pictiúr a tharraingt nó treoracha a leanúint. De réir a chéile léiríonn an páiste a t(h)uiscint tríd an gcaint.

Cé go bhfuil béim ar scil na héisteachta, bíonn na scileanna eile i gceist freisin, agus comhtháthaítear iad ar bhealaí éagsúla sna tascanna. Bíonn béim láidir ar éisteacht sna ranganna sóisearacha. Ní gá go dtuigfeadh an páiste gach focal i gcónaí, ach uaireanta tuigeann sé/sí cuid mhaith de bhrí na cainte sin ón gcomhthéacs agus mar gheall ar na modhanna múinte a úsáidtear. Socraíonn an múinteoir cuspóir na héisteachta le ceisteanna réamhéisteachta, ach

Bíonn cuspóirí cinnte ag gach ceacht gach lá:

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- treoracha a thabhairt agus a thuiscint chun pictiúr a dhathú
- soiléiriú a lorg faoi na treoracha sin
- úsáid a bhaint as ainmneacha na ndathanna



uaireanta ní chuirtear aon cheist agus éisteann an páiste le hábhar taitneamhach ar son pléisiúir amháin.

Labhairt

Tá sé mar aidhm ag an gcuraclam Gaeilge go mbeidh an páiste in ann Gaeilge a labhairt ar fhágáil na bunscoile dó/di fiú mura bhfuil ann ach labhairt go simplí. Roghnóidh múinteoirí na ranganna go léir na feidhmeanna teanga atá riachtanach don pháiste chun a c(h)uid mianta a chur in iúl agus chun a c(h)uid riachtanas teanga a chomhlíonadh ag leibhéal a oireann dá (h)aois.

Déantar na scileanna eile, go háirithe éisteacht, a chomhtháthú le labhairt i dtascanna agus i ngníomhaíochtaí a mbeidh cuspóir cinnte leo. Sna scoileanna ina múintear an Ghaeilge mar dhara teanga (scoileanna T2) bíonn cumarsáid ar siúl sna ceachtanna Gaeilge agus le linn úsáid na Gaeilge go neamhfhoirmiúil. Luann an curaclam na bealaí a thugann seans don pháiste an Ghaeilge a labhairt, agus feictear é seo i roinn 5 de na treoirlínte seo. Mar shampla, tugtar deis don pháiste labhairt go simplí faoi/fúithi féin, faoi na topaicí a bhfuil spéis aige/aici féin iontu—a m(h)uintir, a c(h)airde agus a c(h)uid mianta. Cuirtear ar a c(h)umas cabhair agus soiléiriú a lorg nuair nach bhfuil an focal nó an frása ceart aige/aici. Múintear dó/di conas tús a chur le comhrá agus conas tuairimí simplí a nochtadh. Glacann sé/sí páirt i dtascanna teanga, i gcluichí cainte agus in imirt i rólanna agus faigheann sé/sí cleachtadh i gcomhair na cumarsáide sna gníomhaíochtaí sin mar gurb í seo an tslí is taitneamhaí chun an teanga a fhoghlaim.

I scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge bíonn fíorchumarsáid ar siúl sna ceachtanna go léir mar go n-úsáidtear an Ghaeilge mar theanga theagaisc. Bíonn deiseanna breise ag an bpáiste sna scoileanna sin plé agus díospóireacht a dhéanamh, páirt a ghlacadh in agallaimh bheirte agus seiftiú a chur ar siúl. Bíonn sé/sí in ann comhrá a stiúradh, an topaic a roghnú, tús a chur leis an idirghníomhú agus í a chríochnú.

Téacsanna sa seomra ranga

Ar na ballaí

póstaeir
nótaí ón múinteoir
cártaí poist
cártaí d'ócáidí
speisialta
ainmneacha na bpáistí
laethanta na seachtaine

I gcúinne na leabhar

pictiúrleabhair
leabhair rann
cartúin
páipéir ghrinn

Lipéid ar rudaí áirithe

'uisce'
'planda'
'cathaoir'

Fógraí do na páistí

'Cúinne na leabhar'
'Nímid ár lámha'

Léitheoireacht

Faigheann an páiste léargas eile ar an saol trí mheán na léitheoireachta, agus is cuid an-tábhachtach den eispéaras foghlama í. Cé gur scil ghabhchumais í an léitheoireacht go bunúsach ní hionann sin agus a rá nach mbíonn an páiste gníomhach sa phróiseas. Bíonn sé/sí ag iarraidh ciall a bhaint as an téacs agus é/í i mbun léitheoireachta. Léann sé/sí téacsanna faoi ábhair a bhaineann lena s(h)aol: scéalta, rainn, dánta, téacs na n-amhrán, nótaí agus cártaí ócáide. Is féidir ceangal a dhéanamh le feachtas cultúir tríd an léitheoireacht.

De ghnáth ní thosófar ar léitheoireacht na Gaeilge go foirmiúil roimh rang 2 i scoileanna T2. Moltar gan tosú ar léitheoireacht fhoirmiúil sa dá theanga ag an am céanna i scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. Moltar gan tosú ar léitheoireacht na Gaeilge sula mbíonn bonn maith faoi chumas tuisceana agus cainte an pháiste. Roimh thosú ar an léitheoireacht fhoirmiúil treisítear scileanna éisteachta agus labhartha an pháiste. Éistean sé/sí leis an múinteoir ag léamh os ard nó le taifeadadh de scéal as leabhair oiriúnacha. Imríonn na páistí beaga cluichí léitheoireachta, atá luaite sa churaclam, chun iad a ullmhú don léitheoireacht fhoirmiúil. Bíonn an bhéim ar cheol agus ar rithim na cainte ó bheith ag éisteacht le scéalta agus ag aithris rann agus amhrán.

Labhraíonn an múinteoir leis na páistí faoina muintir, a bpeataí agus a saol laethúil. Cabhraíonn sé/sí leo scéal beag a insint faoina saol féin agus éisteacht le scéalta na bpáistí eile. Léann sé/sí scéalta dóibh agus cabhraíonn sé sin leo brí a bhaint as an saol, cé nach mbeidh siad in ann é sin a phlé as Gaeilge go fóill. Ar an mbealach sin leagtar bunchloch d'fhorbairt litearthacht an pháiste.

Scríbhneoireacht

Is ar thuiscint agus ar labhairt na Gaeilge atá an phríomhbhéim sa churaclam Gaeilge, ach chun cumarsáid iomlán a dhéanamh beidh na páistí in ann a gcuid smaointe a bhreacadh síos i bhfoirm scríofa chomh maith, agus beidh páistí eile in ann iad a léamh.

Is gníomhaíocht chumarsáideach í an scríbhneoireacht, agus chun go dtuigfeadh na páistí é sin bíonn siad ag obair ina ngrúpaí agus ina mbeirteanna ag scríobh nótaí beaga nó teachtair-eachtaí agus scéalta chun a chéile. Scil ghinchumais í an scríbhneoireacht, agus is eispéaras sásaimh do na páistí é an scríbhneoireacht ranga nuair a roinneann siad a gcuid smaointe ar a chéile.

Bíonn comhtháthú le labhairt na teanga agus le scil na héisteachta go háirithe san obair seo, sa phlé agus san athdhréachtú a leanann é. Tosaítear le scileanna ealaíne agus scrábadh an pháiste agus le hiarrachtaí luatha an pháiste chun é/í féin a chur in iúl tríd an scríbhneoireacht.

Sna meánranganna agus sna hardranganna bíonn béim ar théacsanna gairide atá gaolmhar do shaol an pháiste agus in oiriúint dá (h)aois. Beidh idirdhealú á dhéanamh freisin idir na cineálacha téacs:

- scríbhneoireacht fheidhmiúil
lipéad do phictiúr nó do scéal
nóta, litir ríomhphoist
tuairisc, cur síos
- scríbhneoireacht chruthaitheach
scéal, scéal grinn, tomhas
cluichí don ríomhaire
téacs scéil don ríomhaire, go
mór mór sna scoileanna lán-
Ghaeilge agus Gaeltachta.

VIRÓ SÉ
ER SKOL

Scríbhneoireacht an pháiste bhig

Comhtháthú na snáitheanna

Cé go bhfuil cur síos ar na snáitheanna *Éisteacht*, *Labhairt*, *Léitheoireacht* agus *Scríbhneoireacht* ceann i ndiaidh a chéile sa churaclam, is ar bhealach comhtháite a mhúintear iad sna ceachtanna Gaeilge. Mar shampla, sa ghníomhaíocht ‘Tarraing an pictiúr’ is féidir le páiste amháin na treoracha a léamh os ard nó a thabhairt ó bhéal in obair bheirte, fad is atá an páiste eile ag éisteacht agus ag tarraingt. Is léir go bhfuil labhairt, léitheoireacht agus éisteacht ar siúl le chéile sa ghníomhaíocht sin. Is cuid den scríbhneoireacht í an tarraingt do pháistí óga, agus mar sin tá na ceithre scil comhtháite. Léifidh páiste fógra a scríobhadh don pháipéar nuachta, agus scríobhfaidh sé/sí litir nó cuirfidh sé/sí glao gutháin mar fhreagra. Is léir mar sin gur féidir na scileanna teanga a chomhtháthú go minic sna ceachtanna Gaeilge agus sna rang-ghrúpaí difriúla.

Na snáithaonaid

‘Ag cothú spéise’

Is féidir leis an múinteoir spéis an pháiste a chothú tríd an snáithaonad seo, pé acu ag éisteacht, ag labhairt, ag léamh nó ag scríobh a bhíonn sé/sí. Is é an sprioc atá leis an snáithaonad seo ná an páiste a spreagadh chun an Ghaeilge a fhoghlaim agus chun taitneamh a bhaint aisti. Bíonn an cothú spéise seo ar siúl i rith an cheachta go léir agus go tánaisteach ag amanna eile. Ag tús an cheachta

- Críochnaigh an pictiúr.
- Líon an greille.
- Lean an bealach tríd an mbaile mór.
- Lean na treoracha chun bád páipéir a dhéanamh.
- Lean na treoracha ar an gcluiche boird.

- Gaeilge neamhfhoirmiúil
- cluichí teanga
- drámaí do phuipéid
- ról i suímh bunaithe ar na téamaí
- agallaimh bheirte
- ag roinnt eolais
- an Ghaeilge mar theanga theagaisc

cuireann an múinteoir ceistanna agus toghann sé/sí gníomhaíocht nó cluiche chun suim an pháiste a spreagadh sa topaic. Cothaíonn sé/sí spéis an pháiste ansin i rith an cheachta má bhíonn an t-ábhar foghlama taobh istigh de réimse spéise agus taithí an pháiste, simplí ó thaobh na teanga de, agus spreagúil ó thaobh na ngníomhaíochtaí de.

‘Ag tuiscint teanga’

Sa snáithaonad seo léiríonn na páistí ar bhealach éigin go dtuigeann siad an méid a chuala siad nó a léigh siad. Mar a léireofar ar ball, beidh an snáithaonad seo mar dhlúthchuid de thús an cheachta. Cruthóidh an múinteoir suímh agus comhthéacsanna ina léireoidh na páistí a dtuiscint tríd an idirghníomhaíocht a bhíonn ar siúl. Beidh tuiscint i gceist go háirithe sna freagraí a thabharfaidh an páiste nuair a bhíonn cumarsáid ar siúl.

‘Ag úsáid teanga’

Is ionann úsáid na teanga agus cumarsáid a bheith ar siúl sna hidirghníomhaíochtaí éisteachta nó labhartha, léitheoireachta agus scríbhneoireachta a bhíonn ar siúl ag an bpáiste. Is sa snáithaonad seo a thaispeánfaidh an páiste cumas sa teanga. Tá cuid mhaith gníomhaíochtaí luaite i gceachtanna samplacha i roinn 5 de na treoirilínte seo a chabhróidh leis an bpáiste a c(h)umas cumarsáide a fhorbairt.

‘Cumas agus muinín, samhlaíocht agus mothúcháin’

Beidh sé tábhachtach deis a thabhairt do na páistí i ngach cineál scoile a bheith chomh muiníneach agus is féidir as a gcumas Gaeilge. Sna scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta bíonn an múinteoir ag súil le breis cumais agus muiníne a chabhróidh leis an bpáiste tabhairt faoi ábhar éisteachta agus labhartha níos dúshlánaí ar na meáin agus sa timpeallacht. Is fearr a léiríonn an páiste sin a m(h)uinín chun tabhairt faoi ábhar cainte agus chun an comhrá a oscailt, a stiúradh agus a dhúnadh.

I ngach cineál scoile léann an múinteoir scéalta agus dánta a théann chun sochair d’fhorbairt shamhlaíoch agus mhothúcháin an pháiste. Spreagtar an páiste chun páirt a ghlacadh i ndrámáíocht chruthaitheach agus i seiftiú, ag brath ar a c(h)umas teanga, agus is sna réimsí seo a gheobhaidh sé/sí scóip dá c(h)uid samhlaíochta.

Tá dhá ghné eile an-tábhachtach i múineadh, agus foghlaim teangacha: feasacht teanga, agus feasacht cultúir.

Feasacht teanga

Is é is brí le feasacht teanga ná aire an pháiste a dhíriú ar an teanga agus ar struchtúir nó ar phatrúin éagsúla inti, ar phatrúin sa Ghaeilge féin agus ar na cosúlachtaí agus na difríochtaí atá idir an Ghaeilge agus an Béarla agus teangacha eile. Mar sin is féidir géarchúis an pháiste i leith na teanga a dhúiseacht agus é/í a spreagadh chun smaoineamh níos doimhne fúithi.

Spreagfaidh an múinteoir na páistí le ceisteanna ar ghnéithe éagsúla den teanga agus de theangacha eile: ord na bhfocal san abairt Ghaeilge, go háirithe áit an bhriathair, agus ord an ainmfhocail agus na haidiachta. Tá focail Bhéarla agus focail iasachta sa Ghaeilge agus focail Ghaeilge i mBéarla na hÉireann ar féidir tagairt a dhéanamh dóibh agus iad a thabhairt faoi deara nuair a sheoltar isteach sa chaint iad. Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste an Ghaeilge thart timpeall air/uirthi i logainmneacha agus i sloinnte na ndaoine a thuiscint agus a bheith bródúil astu. Sa bhreis air sin is féidir díriú ar an nGaeilge mar a labhraítear í sa Ghaeltacht.



B'inmholta an rud é páistí a ghríosú chun páirt a ghlacadh in imeachtaí cultúrtha

Feasacht cultúir

Is í an Ghaeilge an ghné is saineúla den chultúr Gaelach, ach tá tábhacht faoi leith freisin ag baint le gnéithe d'fheasacht cultúir na hÉireann nach mbaineann go díreach leis an teanga. Is féidir an dá ghné a chur i láthair an pháiste sa bhunscoil. B'inmholta an rud é na páistí a ghríosú chun páirt a ghlacadh in imeachtaí Gaelacha taobh amuigh agus taobh istigh den scoil: cluichí, damhsaí, ceol agus an drámaíocht. Cuirfear san áireamh oidhreacht na tíre, idir nádúrtha agus tógtha, agus cultúr comhaimseartha na hÉireann, a bhaineann le saol an pháiste i ngach cineál scoile. Sa tslí seo tugtar comhthéacs níos leithne agus níos réalaíche do mhúineadh agus d'fhoghlaim na Gaeilge.

Cineálacha scoileanna

Féachann an curaclam le freastal a dhéanamh ar thrí chineál scoile: scoileanna na Gaeltachta, scoileanna lán-Ghaeilge, agus na scoileanna ina múinteoir an Ghaeilge mar dhara teanga. Sa Ghaeltacht agus sna scoileanna lán-Ghaeilge beidh an Ghaeilge in úsáid ar fud an churaclaim mar theanga theagaisc agus mar mheán cumarsáide. Sna scoileanna eile (T2) bíonn an múinteoir ag iarraidh cumarsáid a chur ar siúl sa cheacht Gaeilge trí roghnú tascanna agus cluichí teanga a chruthóidh gá d'úsáid na teanga. Bíonn cumarsáid ar siúl freisin in úsáid na Gaeilge go neamhfhoirmiúil i rith an lae. Déanann an fhoireann iarracht atmaisféar fabhrach

don teanga a chruthú sa scoil agus sa seomra ranga, mar má bhaineann an páiste taitneamh as an gceacht agus má bhíonn sé/sí saor ó bhrú agus ó strus is fearr a fhoghlaiméoidh sé/sí an Ghaeilge.

Cur chuige cumarsáideach

Déantar iarracht sa cheacht Gaeilge cumas cumarsáide an pháiste a fhorbairt ar chontanam ó ionchur theanga an mhúinteora go dtí idirghníomhú sóisialta an pháiste. Roinntear an ceacht ar thrí thréimhse teagaisc agus foghlama:

- an thréimhse réamhchumarsáide
- an thréimhse cumarsáide
- an thréimhse iarchumarsáide.

Ciallaíonn ‘réamhchumarsáid’ go bhfuil an teanga socraithe cuid mhaith ag an múinteoir ach go bhfuil sé/sí ag iarraidh an páiste a réiteach chun na cumarsáide. Bíonn ceangal díreach idir an teanga a mhúintear sa thréimhse seo agus an teanga a bhíonn le húsáid ag an bpáiste sa chéad thréimhse eile, an thréimhse cumarsáide. Téann an múinteoir ar aghaidh chomh tapa agus is féidir go dtí an thréimhse cumarsáide chun go bhfeicfidh an páiste gur féidir úsáid a bhaint as an teanga. Is féidir tuilleadh cleachtaidh a dhéanamh sa thréimhse iarchumarsáide más gá.

Ag tús an cheachta is féidir leis an múinteoir an t-ionchur teanga a dhéanamh taitneamhach agus spreagúil le gníomhaíochtaí nó cluiche. Ní gá don mhúinteoir a bheith ag déanamh na

cainte go léir, fiú sa thréimhse seo. Déantar gníomhaíochtaí freisin cosúil leis na cinn a bhí ar siúl riamh sa cheacht teanga—foghlaim foclóra nua trí scéal, trí agallamh taifeadta nó i bhfoirm dráma agus trí imirt cluichí struchtúrtha. Is iondúil go mbíonn an thréimhse réamhchumarsáide ag tús an cheachta, ach ar ndóigh b’fhéidir go gcaithfeadh an múinteoir ionchur teanga a dhéanamh go minic i rith an cheachta. Tá modhanna múinte difriúla ann, agus moltar gan cloí le haon cheann amháin ach éagsúlacht a bheith sa chaoi a dtugann an múinteoir faoi na ceachtanna. Is féidir leis an múinteoir an modh díreach le bréagáin nó an modh closlabhartha le téip nó scéal le pictiúir a úsáid chun an t-ábhar nua a mhúineadh do na páistí.

Ansin, gan rómhoill, cruthaíonn an múinteoir gá le húsáid na teanga chun cumas cumarsáide an pháiste a fhorbairt agus chun seans a thabhairt dó/di teanga nua a chruthú dó/di féin. Déantar é seo trí úsáid a bhaint as gníomhaíochtaí cumarsáide—tascanna, fadhbanna le réiteach, cluichí cumarsáide, bearna a líonadh in agallamh taifeadta, imirt i rólanna, déanamh drámaí agus ábhar eile a mhúineadh trí mheán na Gaeilge.


Nuair a bhíonn an páiste tar éis bheith ag éisteacht agus ag labhairt le páiste nó le páistí eile i rith na thréimhse cumarsáide, tugtar seans dó/di dul siar ar theanga an cheachta trí ghníomhaíochtaí iarchumarsáide. Déantar anailís ar an teanga i gceacht ar fheasacht teanga, cleachtaítear gramadach a

- Éagsúlacht modhanna múinte a úsáid sa thréimhse réamhchumarsáide


bheadh úsáideach arís, déantar tasc eile chun traschur scileanna agus eolais a thaispeáint, úsáidtear an teanga chéanna i suíomh nua, cantar amhrán nó tugtar tomhas ina bhfuil cuid den teanga chéanna.

Níl sna liostaí gníomhaíochtaí a mholtar anseo ach samplaí, agus taispeántar conas ceann nó dhó acu a fhí isteach i gceacht amháin sna ceachtanna samplacha i roinn 5 de na treoirlínte seo.

Déantar cur síos ar shaintréithe gach tréimhse foghlama agus ar na modhanna múinte agus na straitéisí foghlama is fearr a fheileann do gach ceann acu i bhfráma tagartha ar leathanach 63. Is féidir iad a léiriú ar chontanam cumarsáide, mar atá thíos; ach cé go bhfuil siad léirithe i gcontanam leanúnach anseo ní gá go mbeadh na trí thréimhse ar siúl as a chéile gach lá.



*Éisteacht agus
tarraingt*



Pleanáil sa scoil

Pleanáil sa scoil

Braitheann cur i gcrích an churaclaim Ghaeilge ar chomhoibriú idir rannpháirtithe an phobail scoile. Tá tábhacht sa chéad áit ag baint le pleanáil an churaclaim sa scoil agus le comhoibriú idir an príomhoide agus na múinteoirí. Tá tábhacht freisin le comhoibriú idir an fhoireann teagaisc agus na tuismitheoirí, ag obair i gcomhar leis an mbord bainistíochta nuair a fheileann. Sa roinn seo de na treoirlínte tá dhá ghné den phleanáil i gceist:

- pleanáil an churaclaim Ghaeilge
- conas is féidir an phleanáil seo a eagrú.

Pleanáil an churaclaim Ghaeilge

Is í an ghné is tábhachtaí atá le cur san áireamh sa scoil ná spéis sa Ghaeilge a chothú trí na páistí a spreagadh chun í a úsáid in atmaisféar taitneamhach gan bhrú. Chuige sin ba chóir go mbeadh gach duine sa phobal scoile—an príomhoide, na múinteoirí, na tuismitheoirí agus an bord bainistíochta—ar aon intinn faoi úsáid na Gaeilge sa scoil. Is féidir leis an bpríomhoide agus na múinteoirí straitéisí éagsúla a úsáid sa phlean scoile a chuirfidh an Ghaeilge chun cinn. Ní féidir tábhacht dhearcadh na dtuismitheoirí i leith na Gaeilge a mholadh sách ard. Tá a gcomhoibriú thar a bheith tábhachtach chun dearcadh dearfach don Ghaeilge a chothú sna páistí. Má oibríonn siad i

gcomhar leis an scoil tríd an Ghaeilge a úsáid sa bhaile (mar shampla ag an mbricfeasta nó trí bhreathnú ar chláir theilifíse leis na páistí) tacaíonn siad le húsáid na Gaeilge sa scoil. Tá cur síos ar an gcomhoibriú seo idir na tuismitheoirí agus an scoil faoi ‘Eagrú na pleanála’.

Cur chuige chun an Ghaeilge a mhúineadh

Chabhródh sé go mór le múineadh na teanga dá mbeadh an príomhoide agus na múinteoirí aontaithe faoin gcur chuige a bheidh á úsáid chun an Ghaeilge a mhúineadh, is é sin cur chuige ina mbeidh béim ar fhorbairt chumas cumarsáide an pháiste. Tá tagairt déanta don chaoi ar féidir é seo a dhéanamh i roinn 1 agus 2 agus forlíonadh déanta air sna straitéisí teagaisc agus foghlama atá sna ceachtanna samplacha i roinn 5. Ar na ceistanna is tábhachtaí ó thaobh na pleanála chun an Ghaeilge a mhúineadh go cumarsáideach sa scoil tá:

- comhtháthú na gceithre scil teanga sna ceachtanna: éisteacht, labhairt, léitheoireacht agus scríbhneoireacht
- raon modhanna múinte a bheith á úsáid ag na múinteoirí agus saoirse acu na cinn is fearr a fheileann do na páistí agus don scoil a roghnú, ag cur san áireamh cúlra teanga na bpáistí

Curaclam Gaeilge cothrom agus leathan

Ba cheart go mbeadh cur síos sa phlean scoile

- ar chomhtháthú na scileanna teanga
- ar raon modhanna múinte
- ar na feidhmeanna teanga ag freagairt do riachtanais teanga an pháiste
- ar na téamaí agus na feidhmeanna teanga a chomhtháthú le chéile i dtascanna agus i gcluichí spreagúla
- ar an nGaeilge neamhfhoirmiúil a úsáid chun tacú le foghlaim na Gaeilge sa cheacht foirmiúil
- ar an nGaeilge mar theanga theagaisc
- ar leanúnachas ó rang go rang san ábhar teagaisc agus foghlama, na feidhmeanna teanga agus an ghramadach
- ar thús na léitheoireachta
- ar thús na scríbhneoireachta.

- na feidhmeanna teanga a chur in eagar do na rang-ghrúpaí difriúla, mar shampla an liosta feidhmeanna teanga do rang 5 agus 6 a fhorleathnú le heiseamláirí den teanga a fheileann do riachtanais teanga na ranganna sin i scoil faoi leith. Níl sna heiseamláirí teanga sa churaclam ach léiriú ar conas is féidir an fheidhm teanga chéanna a chomhlíonadh ar bhealaí éagsúla
- na téamaí a chur in oiriúint don pháiste, dá c(h)úlra teanga agus baile. Tá na deich dtéama céanna roghnaithe do gach rang-ghrúpa. Caithfear topaicí a bhfuil spéis ag na páistí iontu a roghnú agus foclóir agus feidhmeanna teanga a chur leo chun nach mbeidh na topaicí céanna ar siúl gach bliain. Mar shampla, nuair a bhíonn ‘Mé féin’ á ullmhú i rang naíonán beidh topaicí nó fo-théamaí á roghnú a bheidh difriúil leis na cinn a roghnófar do ranganna 5 agus 6
- na tascanna, na cluichí agus na gníomhaíochtaí atá luaite in ábhar teagaisc agus foghlama an churaclaim a éagsúlú ó bhliain go bliain freisin
- aire a thabhairt do shnáithaonaid uile an churaclaim. Beidh béim láidir ar ‘spéis a chothú’ sa Ghaeilge ag na leibhéil go léir.

Chomh maith leis na ceisteanna sin thuas tá pleanáil do mhúineadh na scileanna teanga agus gnéithe eile a chabhraíonn le forbairt chumas cumarsáide an pháiste, mar atá:

Éisteacht agus labhairt na Gaeilge

Nuair a thosóidh ceacht ar thopaic nua nó ar fheidhm teanga nua beidh béim ar thuiscint na teanga (agus béim speisialta ar thuiscint an t-am ar fad ó rang na naíonán suas go rang 2). Is de réir a chéile a bheifear ag súil le labhairt na teanga sna ranganna sin, ach beifear ag súil go mbeidh cumas agus muinín in úsáid na Gaeilge ag na páistí de bharr roghnú tascanna agus cluichí teanga spreagúla.

Gabhann an dá scil, éisteacht agus labhairt, le chéile de ghnáth, ach ag tús na foghlama agus an cheachta is féidir gan ach freagairt fhisiceach a iarraidh ar threoir nó ar ordú. Téann an páiste ar aghaidh ón tuiscint agus ón éisteacht go labhairt na Gaeilge nó an chumarsáid: mar shampla, téann an páiste ar aghaidh chun freagraí ó bhéal a thabhairt, chun treoir a thabhairt é/í féin, agus chun cumarsáid a dhéanamh le páistí eile i gcluichí agus i dtascanna deartha ag an múinteoir. Bíonn an fhorbairt cumarsáide seo le sonrú sna gníomhaíochtaí réamhchumarsáide agus trí na gníomhaíochtaí cumarsáide. Roimh dheireadh an cheachta is féidir dul siar ar fheidhmeanna teanga agus ar choincheapa an cheachta, féachaint an bhfuil an páiste in ann an t-eolas nua a thraschur agus a ghinearálú go suímh nua. Is féidir freisin gramadach an cheachta a dhearbhu agus dul siar ar aon fhuaim, ar aon fhocal deacair nó ar struchtúr nach raibh á láimhseáil i gceart le linn na cumarsáide.

Éisteacht agus labhairt na Gaeilge mar bhunús don litearthacht

sa súgradh

i rainn

i ngníomhamhráin

i rith obair ealaíne

i gcluichí

An léitheoireacht agus an scríbhneoireacht

Moltar polasaí i leith na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta a bheith sa phlean scoile. Tugtar aitheantas do na modhanna múinte is coitianta agus do na straitéisí éagsúla múinteoireachta agus foghlama sa phlean freisin. Socrófar ann cé na modhanna a úsáidfear agus cinnteofar go mbeidh éagsúlacht sna ceachtanna agus go mbeidh an dá scil, léitheoireacht agus scríbhneoireacht, comhtháite leis na scileanna eile. Beidh plean cuimsitheach don litearthacht i ngach scoil agus fearas cuí chun í a mhúineadh.

An litearthacht luath

Má bhíonn plean ag an scoil faoi fhás na litearthachta tabharfar tús aite don chaint a dhéantar leis an bpáiste faoina s(h)aol féin agus faoi na hábhair spéise atá aige/aici taobh amuigh agus taobh istigh den scoil. Déantar an-chuid cainte i rith súgradh le bréagáin, le héadaí, le huisce agus le gaineamh, le cruthanna agus dathanna agus i rith obair ealaíne. Déanann an múinteoir cur síos as Gaeilge ar obair nó ar ghníomhaíocht an pháiste. Beidh fáil sa scoil ar chluichí meaitseála, leithéidí snap, *bingo* agus míreanna mearaí. Tosófar ar fhorbairt treoshuíomh clé-deas le hobair ealaíne agus scrábadh ar pháipéar nó tarraingt i ngaineamh. Éistfidh na páistí le hábhar taifeadta agus leis an múinteoir ag insint scéalta agus ag tabhairt teoracha chun cluichí

a imirt agus chun gníomhaíochtaí éagsúla a dhéanamh.

Léitheoireacht agus scríbhneoireacht fhoirmiúil

Moltar go mbeidh bunús maith faoi thuiscint agus faoi labhairt na teanga sula dtosófar ar í a léamh nó í a scríobh go fhoirmiúil. I scoileanna T2 moltar gan tosú ar an léitheoireacht fhoirmiúil roimh rang 2. Moltar gan léitheoireacht fhoirmiúil sa dá theanga a thosú ag an am céanna sna scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. Socróidh na múinteoirí eatarthu féin cén uair a dtosófar ar an scríbhneoireacht fhoirmiúil. Tarlóidh traschur scileanna ó léitheoireacht agus ó scríbhneoireacht an Bhéarla i scoileanna T2, mar shampla suí i gceart, bheith in ann scéal a leanúint nó a thuar ón bpictiúr, aithint cruthanna, patrún agus litreacha, breith ar pheann, treoshuíomh clé-deas, patrúin a tharraingt agus mar sin de.

Gaeilge neamhfhoirmiúil

Moltar an Ghaeilge a úsáid go neamhfhoirmiúil chun tacú le foghlaim fhoirmiúil eiseamláirí na bhfeidhmeanna teanga. B'inmholta an rud é Gaeilge a úsáid chomh minic agus is féidir i rith an lae chun comhthéacs réalaíoch a thabhairt d'úsáid na n-eiseamláirí teanga. Beidh an páiste in ann éisteacht leis an múinteoir ag comhlíonadh riachtanas cumarsáide, mar shampla ag beannú, ag fágáil slán agus ag cur ceiste, agus b'fhéidir go mbeidh an páiste in ann teachtaireacht

a thabhairt, cead a iarraidh agus cabhair a lorg le gné éigin de cheacht nach dtuigeann sé/sí. Beidh úsáid na Gaeilge mar seo ag brath ar an bplean scoile agus ar chomhoibriú an phríomhoide agus na múinteoirí go léir.

An Ghaeilge mar theanga theagaisc

Moltar iarracht a dhéanamh gné éigin d'ábhar eile a mhúineadh anois is arís trí mheán na Gaeilge. Is fearr na hábhair sin a roghnú sa scoil. Ní miste do na múinteoirí ábhair dhifriúla a roghnú do na rang-ghrúpaí éagsúla, agus mar sin gheobhaidh na páistí blaiseadh ar ábhair dhifriúla agus tríd sin ar raon leathan foclóra.

An Ghaeilge sa timpeallacht

Is féidir Gaeilge a scríobh ar fhógraí na scoile agus an tseomra ranga agus an Ghaeilge a úsáid freisin chun fógraí ó bhéal a thabhairt sa scoil.

Tá Gaeilge scríofa ar chomharthaí bóthair agus ar na sráideanna ar fud na tíre, agus is féidir na logainmneacha seo a cheangal leis an stair agus leis an tíreolaíocht. Tá fógraí agus foirmeacha Gaeilge le fáil sna leabharlanna, sna bainc, in oifigí an phoist agus i roinnt siopaí. Is féidir na foirmeacha a bhailiú agus a fhorlónadh mar cheachtanna comhtháite léitheoireachta agus scríbhneoireachta. Beidh an t-ábhar dílis seo praiticiúil, feidhmiúil agus réalaíoch agus ag cur le cumas cumarsáide an pháiste ina iomláine.

Is fearr a éireoidh leis má phleanáiltear an obair sa scoil.

Leanúnachas ó rang go rang

Cuirfidh an plean scoile leanúnachas ó rang go rang san ábhar teagaisc agus foghlama san áireamh. Beidh eiseamláirí na bhfeidhmeanna teanga níos deacra ó thaobh struchtúr de sna hardranganna. Comhlíonann 'Haló' an fheidhm teanga 'Beannú' ach is féidir 'Conas atá tú?' a rá freisin nó 'Cén scéal?' Socrófar an Ghaeilge is simplí a chomhlíonann feidhm teanga do na naíonáin, agus cuirfear léi sin de réir a chéile. Beidh an leanúnachas le feiceáil freisin sa mhéid gramadaí a mhúinfear ó rang go rang. Tá grádú déanta ar an ngramadach sa churaclam, ach níl sé i gceist go mbeadh aon bhéim ar an ngramadach fhoirmiúil ach amháin sna hardranganna.

Measúnú

Is cuid lárnach de phróiseas teagaisc agus foghlama na Gaeilge é an measúnú. Bhí na múinteoirí ag déanamh measúnaithe go neamhfhoirmiúil go dtí seo ach tá polasaí na scoile i leith an mheasúnaithe le socrú ar bhonn foirmiúil anois mar chuid de phleanáil an churaclaim Gaeilge sa scoil. Is gné fhiúntach den phróiseas teagaisc agus foghlama é an measúnú, agus cabhraíonn sé le múinteoirí nuair atá siad ag cur curaclaim Gaeilge i bhfeidhm agus á phleanáil ar bhonn scoile.

Cuspóirí an mheasúnaithe

Tá cur síos ar chuspóirí na gcineálacha éagsúla measúnaithe ar leathanach 142–151 den churaclam.

Is féidir leis an gcóras measúnaithe scoile

- eispéiris foghlama an pháiste a leathnú agus a dhoimhniú aird má dhírítear ar thorthaí an mheasúnaithe
- fáil amach ó am go ham cén dul chun cinn atá á dhéanamh ag an bpáiste i snáitheanna éagsúla an churaclaim: cén fhorbairt atá á déanamh ar scileanna tuisceana agus éisteachta, labhartha, léitheoireachta agus scríbhneoireachta an pháiste
- teacht ar laigí atá á dtaispeáint sna snáitheanna éagsúla chun cabhrú le diagnóis a dhéanamh agus teacht i gcabhair ar an bpáiste le hobair feabhais
- taispeáint cé na rátaí éagsúla foghlama atá ag páistí difriúla
- eolas faoi pháistí a choimriú agus a chur ar aghaidh chuig múinteoir eile
- cabhrú le pleanáil na gclár teagaisc sa scoil agus leis na straitéisí teagaisc agus foghlama atá á n-úsáid inti
- eolas a chur ar fáil do thuismitheoirí
- eolas suimitheach a chur ar fáil faoi pháiste ar aistriú go scoil eile dó/di
- cabhrú le luacháil an phlean scoile agus lena leasú ó am go ham.

Uirlisí éagsúla measúnaithe

Tá cur síos sa churaclam ar an raon uirlisí measúnaithe ar féidir leis an múinteoir úsáid a bhaint astu chun cumas tuisceana agus cumarsáide an pháiste a mheasúnú. Nuair atá pleanáil an churaclaim ar siúl ag an scoil ba chóir teacht ar réiteach faoi na huirlisí ab fhearr a d'fheilfeadh do chúinsí na scoile. Níl sé i gceist go mbeadh na huirlisí go léir á n-úsáid gach lá ach go socrófaí sa scoil cén roghnú a dhéanfaí astu chun pictiúr de dhul chun cinn an pháiste a fháil. Tá cuid de na huirlisí measúnaithe seo neamhfhoirmiúil, ar nós dhírbhreathnú an mhúinteora, agus cinn eile foirmiúil, ar nós trialacha caighdeánaithe.

Tuiscint chomónta ar an measúnú

Má tá measúnú an churaclaim Ghaeilge chun cur leis an bpróiseas teagaisc agus foghlama caithfidh an fhoireann teacht ar chomhréiteach faoi na huirlisí a úsáidfear sa scoil. Is mar sin a chinnteofar polasaí aontaithe measúnaithe agus cláraithe sa scoil. Is ar an bpolasaí sin a bhunófar an tuiscint agus an bhrí a bhainfear as an eolas nuair a chuirfear ar fáil do na tuismitheoirí, don chéad mhúinteoir eile agus don chéad scoil eile é.

Eagrú na pleanála

Agus riachtanais na scoile do churaclam cumarsáideach na Gaeilge curtha san áireamh, tá sé tábhachtach díriú ar an eagrú a bheidh ag teastáil chun é a chur i gcrích. Is próiseas é seo a bhfuil comhoibriú phobal uile na scoile ag teastáil chuige—an príomhoide agus na múinteoirí agus, nuair a fheileann, na tuismitheoirí agus an bord bainistíochta.

Is cuid lárnach den phlean scoile í an phleanáil don Ghaeilge. Is féidir leis an mbord bainistíochta tacú le pé socruithe praiticiúla atá le déanamh a chabhróidh le curaclam cumarsáideach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm sa scoil taobh istigh de chúinsí eacnamaíocha an bhoird.

Agus an méid sin socraithe, ba cheart aitheantas a thabhairt do:

- *ról an phríomhoide i bhforbairt plean chuimsithigh don Ghaeilge.* Beidh an príomhoide agus na múinteoirí i gcomhairle lena chéile faoin bplean don Ghaeilge. Tabharfaidh an príomhoide ceannaireacht, tacaíocht agus spreagadh do na múinteoirí ina gcuid oibre chun go mbeidh an Ghaeilge taitneamhach agus go mbeidh na háiseanna teagaisc agus foghlama comhaimseartha úr
- *dearcadh na múinteoirí agus an phríomhoide i leith na Gaeilge.* Beidh dearcadh dearfach le cothú d'úsáid na Gaeilge i measc na bpáistí agus beifear ag súil le tacaíocht don

dearfacht seo ó na tuismitheoirí freisin. Baineann tábhacht ar leith le dearcadh dearfach an mhúinteora. Téann an dearcadh sin i bhfeidhm go mór ar pháistí agus bíonn dea-thionchar aige ar dhul chun cinn an ranga. Ba chóir go mbeadh deiseanna ag na páistí a chloisteáil ag úsáid na Gaeilge sa scoil féin agus i dtimpeallacht na scoile

- *spéis faoi leith ag múinteoir amháin sa Ghaeilge nó i múineadh agus i bhfoghlaim teangacha.* Má tá an spéis seo ag múinteoir amháin beidh sé/sí ina f(h)oinse eolais do na múinteoirí eile. Cabhróidh sé/sí leo teacht ar leabhair, ar phóstaeir agus ar fhíseáin a fhoilsíonn eagraíochtaí éagsúla. Beidh a fhios aige/aici cá bhfuil fáil ar chatalóga agus ar fhoinsí ónar féidir ábhar teagaisc agus foghlama a cheannach
- *múinteoir le speisialtacht ríomhaireachta.* Beidh cúram ar an múinteoir seo eolas a roinnt faoina bhfuil le fáil do mhúinteoirí agus d'fhoghlaimeoirí na Gaeilge agus conas ceangal leis an idirlíon agus le ríomhphost
- *an plean fadtéarmach ina sprioc ag an múinteoir.* Tá eolas le fáil sa churaclam faoin ábhar teagaisc agus foghlama, faoi na feidhmeanna teanga agus na téamaí do gach rang-ghrúpa. Beidh an tsraith leabhar a bheidh á húsáid tríd an scoil ainmnithe sa phlean

Ról na dtuismitheoirí i múineadh agus i bhfoghlaim na Gaeilge

Tá tábhacht thar cuimse ag baint le ról na dtuismitheoirí chun cabhrú le hobair na scoile. Is féidir leo dearcadh dearfach don Ghaeilge a chothú sna páistí agus tacaíocht a thabhairt d'obair na scoile agus d'obair an ranga. Cabhróidh siad trí thacaíocht a thabhairt d'imeachtaí Gaeilge sa scoil agus sa cheantar, trí chabhrú leis an obair bhaile, agus trí Ghaeilge a chleachtadh ar ócáidí áirithe sa bhaile. Mura bhfuil muinín ag na tuismitheoirí as a gcuid Gaeilge féin cuideoidh an scoil a chur ina luí orthu cé chomh tábhachtach is atá dearcadh dearfach. Is féidir na gnéithe seo a leanas a chur san áireamh:

- a thuiscint cé chomh tábhachtach is atá a ndearcadh sa bhaile. Is féidir an Ghaeilge a úsáid ar ócáidí faoi leith go rialta más féidir: am bricfeasta, am dinnéir nó ag dul a luí. Is féidir taifeadadh de scéalta agus d'amhráin a cheannach agus éisteacht leo in éineacht leis na páistí. D'fhéadfaí físeáin a cheannach agus féachaint orthu leis na páistí
- a bheith fabhrach d'obair na scoile agus d'úsáid na Gaeilge go neamhfhoirmiúil sa scoil agus sa cheantar. Ba mhaith an rud é dá mbeidís in ann freastal ar choirmeacha ceoil, ar dhrámaí nó ar gheamaireachtaí agus freagra a

thabhairt don Ghaeilge a úsáidtear ag cluichí peile agus ar ócáidí poiblí eile

- na páistí ag cloisteáil na dtuismitheoirí ag labhairt Gaeilge leis na múinteoirí agus leis an bpríomhoide sa scoil más féidir leo, nó iad ag scríobh seic nó litreach as Gaeilge nó ag cur teachtaireacht ríomhphoist chuig cara. Ba leor an seoladh a scríobh as Gaeilge nó beannú as Gaeilge do chara ar an nguthán chun dearcadh dearfach a chothú sna páistí agus le go bhfeicfidís gur féidir an Ghaeilge a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh taobh amuigh den scoil
- féachaint le bealaí a fháil chun cabhrú le heagrú na leabhar nó na bhfíseán nó na ndioscaí don ríomhaire
- comhairle agus cabhair a thabhairt le cuairteanna ó scéalaithe áitiúla, ó amhránaithe, ó cheoltóirí nó ó pheileadóirí chun cabhrú le hatmaisféar taitneamhach don chultúr Gaelach a chruthú sa scoil
- tacú leis an scoil agus cabhrú le páistí a thabhairt chuig dráma Gaeilge, Slógadh nó feis sa cheantar ach a thuiscint nach bhfuil aon dualgas orthu é seo a dhéanamh.

An teilifís

- cartúin
- cluichí sacair agus peile
- eolas faoin timpeallacht nádúrtha agus dhaonna éin
- ainmhithe
- an fharraige
- fionnachtana
- tráth na gceist
- sraithchláir agus drámaí
- ceol
- feacht teanga
- fotheidil i mBéarla

Ábhar teagaisc agus foghlama don Ghaeilge

- *An leabharlann mar fhoinsé leabhar.* B'inmholta dá mbeadh réimse leabhar Gaeilge agus téacsleabhar ina bhfuil eolas i nGaeilge chomh maith le leabhair scéalaíochta, drámaí agus filíochta le fáil sa leabharlann scoile. Is inti a bheadh teacht ar ábhar taitneamhach léitheoireachta, mar leabhair eolais, quizleabhair, oidis chócaireachta agus foclóirí do pháistí. Ba maith an rud leabhair léitheoireachta bhreise nach bhfuil á n-úsáid mar shraith oifigiúil na scoile agus irisí nó páipéir ghrinn a choimeád inti freisin.
- *Acmhainní scoile.* Eagrófar na háiseanna teagaisc agus foghlama i ngach scoil ar bhealach a oireann do na múinteoirí. Socrófar i ngach scoil cá gcoimeádfar na taifeadáin, na fístaifeadáin agus na ríomhairí. Is féidir caiséid, dlúthcheiríní, físeáin ghairmiúla, giotaí cóipeáilte ón teilifís, cláir ríomhaire, catalóga ó na foilsitheoirí, póstaer mhóra ildaite agus cluichí boird b'fhéidir a choimeád le chéile.
- *Cláir Ghaeilge ar Theilifís na Gaeilge, RTÉ, Raidió na Gaeltachta, Raidió na Life agus raidió áitiúla eile.* D'fhéadfaí polasaí scoile a shocrú faoi úsáid na n-acmhainní seo. Tá raidhse clár do pháistí óga ar Theilifís na Gaeilge. Níl aon chóipcheart ag baint le giota de

chlár a thaifeadadh ach gan dul thar chúig nóiméad. Is ábhar dílis é an t-ábhar seo go léir ó na meáin, agus ba ghá do na múinteoirí tascanna bunaithe ar na cláir a ghrádú. Bíonn ábhar dílis mar seo úsáideach mar spreagadh do cheacht comhrá nó do sceitse.

- *Scéalaithe, amhránaithe, filí agus ceoltóirí áitiúla* ar cuairt chun na scoile. Is féidir béaloideas, tarlúintí stairiúla agus nósanna áitiúla a cheangal leis an nGaeilge. B'fhéidir go mbeadh tuismitheoirí nó na cuairteoirí thuasluaite sásta cuid den tallann atá acu a roinnt leis na páistí.
- *Áiseanna teagaisc.* Tá seoltaí na n-eagraíochtaí ónar féidir ábhar teagaisc agus foghlama a cheannach le fáil i Roinn 6 de na treoirlínte seo. Táthar ag súil go gcuirfear acmhainní breise ar fáil do gach rang-ghrúpa diaidh ar ndiaidh. Beidh an t-ábhar taifeadta (caiséid agus físeáin) nó ríomhaireachta réamhullmhaithe agus comhtháite leis an ábhar comhrá, léitheoireachta agus scríbhneoireachta. Beidh na múinteoirí in ann an t-ábhar seo a chur in oiriúint dá ranganna féin.

Pleanáil sa seomra ranga

Pleanáil sa seomra ranga

- Feidhm amháin
Beannú
- Eiseamláirí éagsúla
Haigh!
Haló!
Dia duit!
Lá breá!
Tá sé ina shamhradh!

Leagan amach agus struchtúr an churaclaim

Tá ábhar teagaisc agus foghlama an churaclaim Ghaeilge leagtha amach ina snáitheanna agus ina snáithaonaid chun cabhrú le múinteoirí a gcuid oibre a phleanáil. Tá na snáithaonaid roinnte ar eispéiris foghlama a thugtar i gcló iodálach, ach níl iontu seo ach samplaí agus is féidir cinn a fheilfidh níos fearr don pháiste agus do chúinsí na scoile a roghnú don phleanáil ghearrthéarmach sa seomra ranga. Chomh maith leis na snáitheanna agus na snáithaonaid tugtar léargas ar na feidhmeanna teanga a d'fhéadfadh a bheith mar chuspóirí cumarsáide do cheacht faoi leith. Is féidir na heispéiris foghlama a roghnú chun na feidhmeanna teanga a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs na dtéamaí. Tugtar deich dtéama as a roghnófar na suímh faoi leith a bheidh mar theideal don cheacht aonair. Is féidir na téamaí a leathnú ina dtopaicí breise, agus déanfar iarracht leanúnachas a bheith ann ó rang go rang agus éagsúlacht a bheith sna ceachtanna agus topaicí difriúla a bheith ann ó bhliain go bliain.

Na feidhmeanna teanga

Is é is ciall le feidhm teanga ná an úsáid a bhaineann duine as an teanga chun cuspóir éigin cumarsáide a bhaint amach: é/í féin a chur in aithne nó eolas a lorg nó a thabhairt. Is féidir an fheidhm chéanna a chomhlíonadh trí úsáid a bhaint as eiseamláirí difriúla teanga. Tagann athrú ar na heiseamláirí freisin, ag brath ar chuspóir agus ar ról an chainteora agus ar an suíomh ina bhfuil an cainteoir. Bíonn an múinteoir á chur seo san áireamh nuair a bhíonn sé/sí ag ullmhú ceachta, agus úsáideann sé/sí na heiseamláirí teanga go neamhfhoirmiúil i rith an lae chun iad a shuíomh i gcomhthéacs réalaíoch an tseomra ranga agus chun iad a dhaingniú. Seo a leanas na catagóirí feidhmeanna teanga a bheidh i gceist:

- Caidreamh sóisialta a dhéanamh
- Soiléiriú a lorg i gcomhrá
- Dul i gcion ar dhuine nó ar dhaoine eile
- Dearcadh a léiriú agus a lorg
- Eolas a thabhairt agus a lorg
- Struchtúr a chur ar chomhrá

Feidhmeanna teanga i bplean leanúnach

D'fhéadfadh an múinteoir an topaic 'Lá breithe' a roghnú chun suíomh a thabhairt do na feidhmeanna teanga. B'fhéidir go roghnódh an múinteoir na feidhmeanna sna catagóirí seo a leanas mar sprioc foghlama don chéad cheacht:

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- caidreamh sóisialta a dhéanamh agus
- dul i gcion ar dhuine nó ar dhaoine eile.

Ansin leanfadh sé/sí ar aghaidh chun na heiseamláirí oiriúnacha a roghnú, agus d'fhéadfadh sé/sí dul go dtí leathanach 20 agus 21 den churaclam chun iad sin a fháil. Níl iontu sin ach eiseamláirí, agus is féidir iad a athrú de réir mar a oireann.

Is iad seo a leanas na cuspóirí samplacha a bheadh ag an múinteoir ag tarraingt ar na heiseamláirí atá sa churaclam:

Topaic: Lá breithe

Cuspóirí foghlama agus úsáide:

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- beannú do pháiste eile ar a lá breithe
'Lá breithe sona duit!'
- freagra a thabhairt don bheannacht sin
'Go raibh maith agat!'

- bronntanas a thairiscint
'Seo duit!'
- buíochas a ghlacadh as an mbronntanas
'Go raibh maith agat!'

Roghnóidh an múinteoir ansin as na gníomhaíochtaí agus as an ábhar teagaisc agus foghlama atá luaite sa churaclam don rang-ghrúpa sin. Ar dtús beidh an múinteoir ag smaoineamh ar chothú spéise san ábhar nua le beart mór feiceálach mar spreagthach, cuir i gcás. D'fhéadfadh sé/sí ar an lámh eile de tosú le rann nó amhrán do lá breithe. Leanfaidh ionchur teanga ansin, le béim ar an tuiscint. Ní bheidh ar an bpáiste a bheith ag caint ag an bpointe seo ach ag leanúint teoracha i gcluiche nó ag léiriú tusiceana chun go gcuirfí ar a c(h)umas páirt a ghlacadh in imirt rólanna ag cóisir lá breithe. (Féach na ceachtanna samplacha do rang-ghrúpa 1 agus 2 i Roinn 5 de na treoirlínte seo.)

Cur chuige comhtháite

Chomh maith leis sin déanfar comhtháthú le hábhair eile anois is arís trí na téarmaí Gaeilge a úsáid, trí na páistí a mholadh, agus trí threoracha a thabhairt le linn na gceachtanna. Moltar an Ghaeilge a úsáid mar theanga theagaisc i snáitheanna de na hábhair eile. Tugtar cúpla smaoineamh ag bun gach snáithe sa churaclam do scoileanna T2 chun cabhrú leis an múinteoir comhtháthú a dhéanamh le:

OSIE: stair, tíreolaíocht, an timpeallacht dhaonna

Corpoideachas: cluichí, damhsa,
lúthchleasaíocht

Ceol: amhráin Ghaeilge, ceol
Gaelach, uirlisí ceoil

Matamaitic: uimhreas, áireamh,
fadhbanna le réiteach

Amharcealaíona: péint agus dath

Drámaíocht trí Ghaeilge.

Féach na greillí samplacha ag deireadh
na coda seo de na treoirlínte.

Comhtháthú na snáitheanna

Cé go bhfuil cur síos ceann ar cheann
ar na snáitheanna difriúla *Éisteacht*,
Labhairt, *Léitheoireacht* agus
Scribhneoireacht sa churaclam, déanfar
iad a chomhtháthú lena chéile de
ghnáth sa cheacht Gaeilge. Is féidir é
sin a dhéanamh trí na gníomhaíochtaí
atá luaite faoi na snáitheanna san ábhar
teagaisc agus foghlama. Ag úsáid na
topaice céanna, má thosaíonn an
múinteoir ceacht le cárta lá breithe,
spreagfaidh sé suim agus aithneoidh an
páiste an cárta ón leagan amach agus
óna (h)eolas ar an saol, dá óige é/í. Is
léitheoireacht a bheidh ar siúl ag an

bpointe seo. Is féidir leanúint ar
aghaidh leis an léitheoireacht le cárta
cuiridh chun cóisir lá breithe. Beidh
spásanna fágtha ar an gcárta agus is
féidir leis na páistí a insint don
mhúinteoir céard ba cheart a scríobh
sna spásanna. Tá sé seo ar eolas acu óna
n-eolas ar an saol freisin. Is í an
scribhneoireacht a bheidh ar siúl ansin.
Is féidir leis na páistí na cártaí a
mhalartú ar a chéile ansin, agus léifidh
siad cártaí a chéile. Ag an gcóisir féin is
féidir na rólanna a imirt agus úsáid a
bhaint as na heiseamláirí teanga a bhí
mar ionchur teanga thuas, agus beidh
éisteacht agus labhairt lena chéile ar
siúl ansin. Mar sin is léir gur féidir na
scileanna a chomhtháthú fiú i rang 1
agus 2. Cé go bhfuil sé i gceist an
phríomhbhéim a bheith ar scil amháin i
dtascanna áirithe, is fearr na scileanna
go léir a chomhtháthú chomh fada agus
is féidir, ag brath ar leibhéal teanga an
pháiste.

Eagar an ranga

Tá bealaí difriúla ag an múinteoir chun
an rang a eagrú i gcomhair an cheachta
Ghaeilge. Braitheann eagar an ranga ar
an gcineál gníomhaíochtaí atá ar siúl
agus ar an scil teanga atá á cleachtadh
nó á húsáid. Go hiondúil eagraíonn an
múinteoir an rang mar aonad, ina dhá
leath, i ngrúpaí agus anois is arís ina
mbeirteanna nó ina n-aonar.

An rang mar aonad

I ranganna na naíonán úsáidtear an
t-eagar seo níos minice ná in aon rang



eile. Beidh an múinteoir ag déanamh ionchuir le réimse leathan teanga chun go dtabharfadh na páistí leo an oiread Gaeilge agus is féidir ar bhealach nádúrtha. Beidh sé/sí ag léamh nó ag seinm scéalta dóibh agus ag canadh amhrán leis an rang ar fad.

Is minic na múinteoirí eile ag obair leis an rang go léir mar aonad, go háirithe nuair atá sé/sí

- ag déanamh ionchuir theanga nua ag tús an cheachta
- ag cur ceisteanna a léiríonn tuiscint na bpáistí ar fhoclóir nua nó ar choincheapa an cheachta
- ag míniú don rang cad atá le déanamh i dtasc nó i gcluiche samplach
- ag tabhairt an ranga go léir le chéile arís tar éis taisc nó cluiche éisteachta, léitheoireachta nó scríofa agus ag dul siar nó ag déanamh anailíse ar an teanga nó ag cur ceisteanna oscailte orthu faoin méid a rinne siad.

Dhá leath a dhéanamh den rang

- ag athrá dhá chuid de chomhrá taifeadta
- ag féachaint agus ag éisteacht le fiseán ag an am céanna.

Grúpaí beaga i gcomhair

- cluichí boird sna meánranganna
- gníomhaíochtaí scríbhneoireachta agus léitheoireachta sna hardranganna

- gníomhaíochtaí nó cluichí ríomhaireachta
- tascanna teanga
- ullmhú sceitse.

Conas grúpaí a eagrú

Bealach éasca chun grúpaí a eagrú ná cártaí daite a scaipeadh agus a rá leis na páistí le cárta dearg nó buí fanacht le chéile. Is ceart ligean do chairde fanacht le chéile ó am go ham. Má bhíonn beirt os comhair beirte sa seomra ranga cheana féin is éasca a rá le beirt iompó thart, agus déanann sé sin grúpa de cheathrar. Tugtar na treoracha don ghrúpáil as Gaeilge agus úsáidtear na méara, uimhreacha nó léaráid ar an gclár dubh chun cabhrú leis an rang tuiscint a bhaint as na treoracha.


Beirteanna

Tá an t-eagar seo úsáideach

- do chluichí teanga agus tascanna
- do ghníomhaíochtaí scríbhneoireachta
- d'obair ar an ríomhaire.

Conas an rang a eagrú ina mbeirteanna

Eagraítear na páistí ina mbeirteanna don obair bheirte. Deirtear leo cén uimhir nó litir atá acu, 1 nó 2, A nó B, agus d'fhéadfaí cárta a thabhairt dóibh dá réir. Ní thugtar na pictiúir do na páistí go dtí go dtuigeann siad cad atá le déanamh acu. Má bhíonn an chaint go léir le déanamh ag an bpáiste a



Grúpaí beaga ag caint

fhaigheann pictiúr uimhir 1, déantar deimhin de go mbeidh pictiúr uimhir 2 aige/aici an chéad lá eile.

Buntáistí na ngrúpaí beaga agus na mbeirteanna

Bíonn obair bheirte agus obair ghrúpa ar siúl níos minice i gceacht cumarsáideach chun níos mó am teagmhála leis an nGaeilge a thabhairt don pháiste, pé acu ag éisteacht, ag léamh, ag labhairt nó ag scríobh a bhíonn sé/sí. Bíonn béim ar líofacht na cainte seachas ar ghramadach. Ag deireadh an cheachta le linn na ngníomhaíochtaí iarchumarsáide is féidir leis an múinteoir an ghramadach, na nathanna agus an foclóir a bhí mícheart i rith na ngníomhaíochtaí cumarsáide a cheartú. Braitheann fad an obair bheirte nó ghrúpa ar an múinteoir agus ar leibhéal teanga an ranga. Mar shampla, tugtar níos mo ama don ghrúpáil seo sa Ghaeltacht agus sna scoileanna lán-Ghaeilge agus sna hardranganna i gcoitinne.

Éagsúlacht cumais

Is féidir leis an múinteoir tascanna agus gníomhaíochtaí a dhearadh chun freastal ar éagsúlacht cumais na bpáistí.

- Is féidir gach páiste a chur ag déanamh an taisc chéanna ach de réir a c(h)umais féin.
- Is féidir tascanna difriúla a dhearadh chun go mbeidh na páistí ag comhlíonadh na bhfeidhmeanna teanga céanna le mím, le gníomh, le

teanga shimplí nó le teanga níos casta.

- Beidh na páistí éagsúla ag léiriú tuiscint na teanga go simplí trí ghníomh a dhéanamh, trí mhím nó trí phictiúr a tharraingt. Beidh siad ag léiriú ábaltacht níos sofaisticiúla in úsáid na teanga trí cheist a chur, trí thús a chur le comhrá agus é a chríochnú.
- D'fhéadfadh an múinteoir tasc nó cluiche a roghnú nach bhfuil ach cainteoir láidir amháin ag teastáil chuige. Is féidir leis an bpáiste sin na treoracha a thabhairt nó na leidchártaí a léamh agus an tasc nó an cluiche a mhíniú do na páistí eile sa ghrúpa. Ní bheidh ag teastáil uathu sin ach tuiscint na teanga agus é sin a léiriú le freagra gairid nó le gníomh.
- Is féidir an t-idirdhealú céanna idir tuiscint agus úsáid a dhéanamh in obair bheirte. D'fhéadfadh gach páiste a bheith ag comhlíonadh na feidhme céanna ach de réir a c(h)umais féin. Mar shampla, sa tasc 'Dathaigh nó tarraing an pictiúr' tugann an páiste is líofa na treoracha ar dtús, agus níl le déanamh ag an dara páiste ach tarraingt nó dathú. Is féidir leis/léi sin na treoracha a thabhairt sa dara háit, ach ní gá abairtí fada a úsáid. Comhlíonann an eiseamláir 'Tarraing X' nó 'Cuir X i do phictiúr' an fheidhm chéanna.

- Is féidir le páistí pictiúir a léamh seachas téacs, agus is féidir éisteacht le scéalta seachas iad a léamh. Tá bealaí éagsúla ann chun go mbeidh seans ag gach páiste eolas a chur ar an nGaeilge agus ar an gcultúr.
- D'fhéadfaí clár suimiúil ar fheasacht cultúir a leanúint fiú mura leanfaí an clár iomlán teanga. Tá beannachtaí le tuiscint agus le húsáid ag cluichí Gaelacha agus ar ócáidí poiblí eile. Bíonn amhráin agus scéalta le cloisteáil ar an raidió, ar an teilifís agus i lárionaid oidhreacht, cé go mb'fhéidir go mbeidís i mBéarla uaireanta. Tá na logainmneacha áitiúla agus náisiúnta le míniú, ainmneacha baiste agus sloinnte freisin. Tá tábhacht le ceol agus leis an damhsa, cé nach mbeadh aon ghá leis an teanga labhartha ar chor ar bith seachas an ceoltóir a ghríosú le *'Dia leat!'*



Fógraí Gaeilge sa seomra ranga

Measúnú sa seomra ranga

Is próiseas ciorclach é pleanáil, múineadh, foghlaim agus measúnú na Gaeilge, agus is cuid lárnach den phróiseas sin é an measúnú. Is féidir leis an múinteoir a c(h)uid múinteoireachta a phleanáil ar bhonn an eolais a fhaigheann sé/sí ón measúnú. Is féidir eolas leanúnach a bhailiú ar bhonn rialta, ag brath ar pholasaí na scoile agus ar na huirlisí éagsúla measúnaithe atá á n-úsáid ag an múinteoir aonair nó ag an scoil.

Uirlisí measúnaithe

- Dírbhreathnú an mhúinteora ar an bpáiste
- Tascanna agus trialacha deartha ag an múinteoir
- Bailiúchán d'obair agus de thionscadail an pháiste
- Próifílí curaclaim
- Trialacha diagnóiseacha
- Trialacha caighdeánaithe

Tá cur síos sa churaclam ar leathanach 142–151 ar conas na huirlisí éagsúla a úsáid chun na ceithre scil teanga a mheasúnú. Nuair a bheidh teacht ar thrialacha oibiachtiúla is féidir leis an scoil agus an múinteoir aonair na cinn is fearr a fheileann dóibh féin a roghnú agus a úsáid. Idir an dá linn is féidir measúnú neamhfhoirmiúil a dhéanamh ar scileanna teanga an pháiste agus ar

dhearcadh an pháiste i leith na Gaeilge taobh istigh agus taobh amuigh den cheacht Gaeilge. Tá scileanna breise comhoibrithe agus comhréitithe an pháiste in obair bheirte, in obair ghrúpa agus i dtionscadail ranga le cur san áireamh freisin. Nuair is é/í an múinteoir a chumann na tascanna agus na trialacha bíonn siad ar aon dul leis an gcur chuige atá in úsáid sa rang. Ní gá tasc nua a dhearadh don mheasúnú i gcónaí ach féachaint an bhfuil an páiste in ann an scil chumarsáide a ghinearálú go dtí suíomh nua. Mar shampla, má mhúintear don pháiste conas beannú do pháiste sa seomra ranga, féachann an múinteoir an bhfuil sé/sí in ann beannú do pháiste sa tsráid nó beannú do pháiste ar an teileafón. Is féidir leis an múinteoir samplaí d'obair an pháiste a roghnú le cur i mbailiúchán, agus beidh idir obair a roghnóidh an múinteoir agus obair a roghnóidh an páiste le fáil ann.

Leagan amach ceachta

Beidh cuspóir cumarsáideach le gach ceacht agus beidh na ceachtanna á gcur i láthair ar bhealach comhtháite, is é sin na scileanna go léir fite fuaite lena chéile. Sa phlean ceachta taispeánfar cén t-ionchur teanga a dhéanfaidh an múinteoir, cé na tascanna a shocróidh sé/sí do na páistí, agus cén idirghníomhú a bheidh ar siúl idir an múinteoir agus na páistí agus idir na páistí féin. B'inmholta na cuspóirí do gach ceacht a bheith cinnte agus ag leibhéal teanga atá oiriúnach don

pháiste, mar shampla i ranganna 5 agus 6:

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- Soiléiriú a lorg i gcomhrá

Ní thuigim an focal ...

Cén Ghaeilge atá ar ...?

Conas a deir tú ...?

Solúbthacht na dtréimhsí teagaisc

Leanfaidh na tréimhsí teagaisc agus foghlama—an tréimhse réamhchumarsáide, an tréimhse cumarsáide agus an tréimhse iarchumarsáide—a chéile ó thaobh ama de in an-chuid ceachtanna, ach ní gá go leanfaidís an t-ord céanna i gcónaí.

Má tá a fhios ag an múinteoir go bhfuil na páistí in ann chuige d'fhéadfadh sé/sí tosú gan aon tréimhse ionchuir ach le tasc ina mbeadh ar an bpáiste éisteacht le Gaeilge, í a labhairt, a léamh nó a scríobh. Mar shampla, bheadh ar an bpáiste eolas a lorg chun bearnaí eolais a líonadh ar cheistiúchán atá aige/aici nó ceisteanna a fhreagairt faoi ábhar taifeadta nó faoi fhíseán gan aon ullmhúchán leis an bhfoclóir nó na ceisteanna, mar a bhíonn go hiondúil sa tréimhse réamhchumarsáide. Ba cheart go mbeadh an múinteoir sna scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta in ann triail a bhaint as tosú leis an tasc nó leis an ngníomhaíocht ó am go ham.

Dá ndéanfaidh an páiste iarracht ar thasc a dhéanamh gan aon tréimhse ullmhúcháin nó ionchuir b'fhéidir nach mbeadh an teanga aige/aici. Shocródh

an múinteoir agus na páistí ansin cén teanga a bheadh ag teastáil chun an tasc a dhéanamh, agus d'fhéadfadh an múinteoir í a mhúineadh ar dtús. Sa tslí sin d'fheicfeadh an páiste an fáth a bhí leis an ionchur teanga agus le foghlaim an fhoclóra agus na n-eiseamláirí teanga. Dá gcuirfí tús le ceacht gan aon ionchur teanga d'fhéadfadh an múinteoir diagnóis a dhéanamh ar na bearnaí a bheadh in eolas an pháiste.

Ní gá go leanfaidh gníomhaíochtaí iarchumarsáide na gníomhaíochtaí eile gach uair. Is féidir tús a chur le ceacht le dul siar go tapa ar an teanga a foghlaimíodh an lá roimhe sin nó le tasc nua mar thús don chéad cheacht eile, nó mar mheasúnú. Feicfidh an múinteoir ar an mbealach sin an bhfuil an páiste in ann an teanga chéanna a ghinearálú agus a úsáid i suíomh nó i dtasc nua. Is mar seo a bheadh ceangal idir na ceachtanna ó lá go lá agus idir an múinteoireacht agus an measúnú.



Áiseanna teagaisc agus foghlama

Go hiondúil bíonn leabhar ag an múinteoir agus leabhar ag na páistí, chomh maith le téip nó dlúthcheirnín le scéalta, amhráin agus dánta taifeadta. Is fiú go mór úsáid a bhaint as áiseanna comhaimseartha chun go mbeidh éagsúlacht sa cheacht agus chun aire na bpáistí a choinneáil. Is iad na cinn is coitianta ná:

- fístaifeadán
- scannáin
- taifeadán
- ríomhaire
- osteilgeoir agus tarraingt ar an gclár dubh
- bréagáin agus samhlacha agus bosca éadaigh i gcomhair imirt i rólanna
- pictiúir agus póstaeir
- cártaí éagsúla—luascháirte, leidcháirte, rólcháirte
- puipéid de gach cineál.

Fístaifeadán

Áis an-éifeachtach é an fístaifeadán, ach ní hionann físeán a thaispeáint sa cheacht Gaeilge agus féachaint ar chartún nó ar scannán iomlán i rith am lóin ar lá fliuch. Nuair a úsáidtear físeán sa cheacht mar áis teagaisc agus foghlama caithfidh an múinteoir an giota den scannán nó den chartún, fad nóiméid nó dhó, a roghnú go cúramach agus é a ullmhú roimh é a thaispeáint

do na páistí. Is féidir leis an múinteoir an giota a roghnú ó na cláir do pháistí atá ar TG4: quizeanna, comórtais, cartúin agus scannáin eolais faoin timpeallacht agus an nádúr. Tá físeáin curtha ar fáil ag TG4 agus ag Telegael cheana féin.

Tá cur síos ar conas físeán a úsáid sa rang ar leathanach 98–100.

Scannáin

Ní gá ach tús aon scannáin a úsáid, agus go minic ní bhíonn aon chaint sa mhéid sin. Is féidir leis na páistí an scéal a thomhas ón tús.

- Cuireann an múinteoir ceist réamhfhéachana gach uair. Tomhaiseann na páistí an teideal.
- Seinntear cúpla nóiméad de thús an scannáin agus deirtear leis na páistí roimh ré go mbeidh orthu teideal a chur air.
- Stoptar an téip.
- Stoptar tar éis eachtra ghairid. Deirtear leis na páistí an chéad chuid eile den scéal a thuar. *‘Céard a tharlóidh ansin, meas tú?’*
- Seinntear an chéad phíosa eile. Cuirtear an tomhas i gcomparáid leis an rud a tharlaíonn sa scannán.

Scannáin gan chaint

Is féidir an chaint a thomhas agus imirt i rólanna a bhunú uirthi. Is féidir seanscannáin thostacha nó scannán leithéide Mr Bean a úsáid.

Taifeadán

B’inmholta an rud é taifeadán a bheith ag gach múinteoir. Más féidir, b’fhearr ceann le huimhreacha comhairimh a cheannach. D’fhéadfaí na páistí a thaifeadadh sa rang. Is féidir imirt i rólanna, rainn á rá agus amhráin á gcanadh a thaifeadadh agus a sheinm do na páistí arís. Is féidir an taifeadadh a choinneáil le haghaidh mheasúnú an ranga freisin.

Is féidir cluasáin do cheathrar a cheannach, agus ar an gcaoi sin beidh grúpa páistí in ann éisteacht le scéal i rith am lóin nó in am spártha. Tá neart ábhair taifeadta go gairmiúil le



Grúpa páistí ag éisteacht leis an scéal céanna

Ríomhphost

- nótaí
- teachtaireachtaí

An t-idirlíon

- eolas a lorg agus a fháil
- úsáid a bhaint as an eolas
- ceachtanna Gaeilge sa seomra ranga fíorúil

Grafaicí

Cluichí

ceannach, ach is féidir leis an múinteoir ábhar dá c(h)uid féin a thaifeadadh freisin. Féach freisin 'Éisteacht' i roinn 5.

Ríomhaire

Tá ról ag an ríomhaire pearsanta i múineadh agus i bhfoghlaim na Gaeilge. Is geal le páistí é, agus tá béim láidir ar úsáid an ríomhaire i ngach gné den saol. Ní gá go mbeadh páistí óga in ann clóscríobh, ach is féidir leo cnaipe a bhrú nó roghnú idir A, B agus C. Tuigfidh siad teoracha simplí mar

*Lean ar aghaidh!
Bain triail eile as!
Maith thú!/Mí-ádh!*

Uaireanta is féidir úsáid a bhaint as cláir Bhéarla nó cláir i dteangacha eile ach bun an scáileáin a chlúdach má tá scríbhneoireacht air. Is féidir pictiúir gan téacs a úsáid agus a chur in ord chun scéal a insint. Tá cláir ghraificí ar fáil ar féidir le páistí iad a úsáid, agus tá cluichí le himirt ar féidir caint fúthu i nGaeilge.

Tá an ríomhaire úsáideach chun eagarthóireacht a dhéanamh ar phíosa scríbhneoireachta agus chun cabhrú i bpróiseas na scríbhneoireachta chun giota a dhréachtú agus a athdhréachtú.

Is bealach é an t-idirlíon agus an ríomhphost chun na páistí a spreagadh chun scríbhneoireachta. Scríobhann an páiste nóta nó litir ina c(h)óipleabhar agus clóscríobhann sé/sí é ar an ríomhaire. Ansin seolann sé/sí ar aghaidh ar an ríomhphost chuig páiste i

scoil eile í. Beidh air/uirthi ansin an freagra a fhaigheann sé/sí a léamh agus brí a bhaint as agus a rá leis an múinteoir nó le páiste eile cad a bhí sa fhreagra.

Is bealach an-mhaith é an t-idirlíon chun na páistí a chur ag bailiú eolais faoi pháistí agus faoi thíortha eile. Bíonn léitheoireacht Ghaeilge i gceist nuair atá an gréasán i nGaeilge.

Is féidir Gaeilge a fhoghlaim taobh amuigh den scoil sa seomra ranga fíorúil ach a bheith ceangailte tríd an idirlíon leis an gclár sin.



Osteilgeoir

Tá dhá bhuntáiste ag an osteilgeoir:

- an t-ábhar teagaisc agus foghlama ullmhaithe roimh ré
- an múinteoir in ann súil a choimeád ar an rang.

Is féidir leis an múinteoir sleamhnáin a ullmhú roimh an gceacht. Is féidir úsáid a bhaint as

pictiúr aonair
cur síos, aidiachtaí

dhá phictiúr
aimsigh na difríochtaí

ceithre nó sé phictiúr
inis an scéal/cuir an scéal in ord

abairtí easnamhacha
*ainmfhocail, aidiachtaí,
réamhfhocail, briathra sa bhearna*

druileanna gramadaí
*na heiseamláirí teanga riachtanach
do chluiche teanga nó do ról éigin.*

Is féidir pinn dhaite a úsáid agus sleamhnáin a chur síos ceann ar cheann agus scéal nó pictiúr a iomlánú mar sin. Is féidir pictiúir mhóra a theilgean ar an scáileán agus an fheidhm chéanna acu is atá ag póstaeir. Tá sleamhnáin don osteilgeoir níos éadroime, níos so-athraithe agus níos éasca le stóráil ná póstaeir. Is iomaí buntáiste atá ag na sleamhnáin seo nuair a úsáidtear iad mar fhócas don rang go léir.

Clár dubh

Is é an clár dubh nó an clár cailce an áis is sine de na háiseanna teagaisc agus foghlama, ach is féidir an-leas a bhaint as fós. Tá sé an-áisiúil agus éasca a úsáid. Is féidir leagan amach an chláir dhuibh a réiteach mar chuid d'ullmhúchán an cheachta. Ba cheart cailc bhán nó bhuí a úsáid. Is féidir luaschártaí a ghreamadh de, ach b'fhearr póstaeir a chrochadh ar an mballa.

Is breá le páistí féachaint ar phictiúir á dtarraingt, fiú murar ealaíontóir críochnaithe an múinteoir. Is féidir pearsana agus cur síos ar dhaoine a léiriú, agus is féidir pictiúir a tharraingt chun scéal a insint.


Leagan amach an chláir dhuibh d'ábhar an cheachta:

Ábhar sealadach

- le glanadh ó am go ham
- pictiúir shoiléirithe

Ábhar buan

- eiseamláirí teanga an cheachta
- foclóir an cheachta



Pictiúir ar an gclár dubh do na réamhfhocail

Bréagáin, samhlacha agus bosca éadaigh

Is féidir cairr, bábóga, troscán do theach bábóige, teileafón bréige, clog, blocanna nó Lego nó seanteilifíseán a úsáid sa rang. Tá ceangal idir na samhlacha agus na bréagáin agus an saol lasmuigh den seomra ranga, agus úsáidtear iad leis an modh díreach chun foclóir a mhúineadh. Úsáidtear iad san imirt i rólanna: ‘ar an teileafón’, mar shampla, nó i sceitse ‘ar an teilifís’. Is áis an-úsáideach é an bosca éadaigh freisin le hataí, scaifeanna daite d’fhir agus do mhná agus maisc i gcomhair sceitsí agus scéaldrámaíochta agus don imirt i rólanna.

Pictiúir agus póstaeir

Is féidir pictiúir a bhailiú ó irisí agus ó fhoinsí eile. Ba chóir cinn mhóra shoiléire a roghnú. Is féidir póstaeir a cheannach, a fháil saor in aisce go minic nó a dhéanamh as pictiúir eile: mar shampla

éadaí, bia do na béilí éagsúla, stíleanna gruaige, seomraí an tí agus an troscán do na seomraí éagsúla, codanna an ríomhaire, an taifeadán agus an teilifíseán.

Is féidir catalóga a bhailiú ó shiopaí éadaigh agus turasóireachta agus ó shiopaí físeán, agus na pictiúir a ghearradh amach agus a ghreamú de chairtchlár. Is féidir luascháartaí le haghaidh cluichí léitheoireachta luaithe agus áiseanna do thús an cheachta a dhéanamh le húsáid leis an modh closamhairc.

Cártaí éagsúla

Luascháartaí

Úsáidtear luascháartaí don léitheoireacht luath, agus tá cleachtadh maith ag múinteoirí ar a n-úsáid. Ba chabhair na briathra neamhrialta, na briathra is minice a úsáidtear, deirí na n-aimsirí agus athruithe áirithe ar bhriathra a bheith ullmhaithe roimh cheacht agus iad a choimeád lena n-úsáid arís agus arís. Tá cártaí samplacha thíos:

teidí	beidh	mé
carr		tú
eitleán	leoraí	



Leidchártaí

Úsáidtear iad seo i gcluichí teanga agus go háirithe i ngníomhaíochtaí réamhchumarsáide chun cabhrú leis na páistí tús a chur le cumarsáid faoi threoir. Tugtar an teanga féin ar an leidchárta d'agallamh nó d'imirt i rólanna.

Leidchárta d'agallamh:

Áine: **Haigh!** Conas atá tú?

Brian: **Haló!** Go breá, agus tú féin?

Áine: Ar chuala tú? Beidh **mé** ag dul **go Corcaigh amárach**.

Brian: Faigh **cluiche nua don ríomhaire!**

Áine: Níl mo dhóthain airgid agam.

A: **Haló!** Conas atá tú?

A: —

A: Beidh mé ag dul **go Gaillimh** amárach.

A: —

A: Níl mo dhóthain airgid agam.

B: —

B: **Haigh!** Go breá.

B: —

B: Faigh **dlúthdhiosca nua don CD-ROM**.

B: —

Úsáid puipéad

- scéalta
- rainn
- amhráin
- dráma beag
- sceitse
- agallamh le dhá phuipéad

Rólchárta A

Is cailín óg thú. Ba mhaith leat smidiú a chaitheamh chuig an dioscó. Labhair le do mhamáí.

Rólchártaí

Tugann rólchártaí eolas do na rannpháirtithe faoin ról atá le himirt acu. Tugann siad leideanna faoi na mothúcháin, faoin dearcadh agus faoin bpearsa a bheidh ag an duine i ról áirithe. Úsáidtear iad i rith na ngníomhaíochtaí cumarsáide. Ní thugtar an teanga féin: bheadh sí sin ar leidchárta a thugtar do na páistí do na ngníomhaíochtaí réamhchumarsáide. Seo thuas dhá rólchárta samplacha do rang 6 sna scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta.

Puipéid

Puipéid déanta as páipéar, lámhainní, puipéid méar agus láimhe na cinn is coitianta a úsáidtear. Déantar ainmhithe de gach uile chineál go héasca as málaí páipéir, agus déanfaidh na páistí féin go tapa iad agus iad ag leanúint treoracha simplí. Úsáidtear spúnóga adhmaid agus seanéadach nó olla chun puipéid láimhe a dhéanamh freisin. Tá puipéid ghalánta le ceannach sna siopaí, go háirithe thart ar an Nollaig.

Tugann na puipéid éagsúlacht don cheacht, agus ligtear do na páistí a gcuid mothúchán a nochtadh tríothu.

Nuair a úsáideann an múinteoir dhá

Rólchárta B

Is máthair thú. Tá d'iníon dhá bhliain déag ag iarraidh smidiú a chaitheamh chuig dioscó. Smidiú! Dioscó! Bí ag caint léi.

phuipéad is féidir leis/léi teanga shamplach a mhúineadh do na páistí tríd an dá phuipéad. Labhraíonn puipéad A ar dtús agus freagraíonn puipéad B ansin. De réir a chéile freagraíonn na páistí, ag déanamh aithrise ar theanga phuipéid B.

Puipéid as málaí páipéir



leon



cat



madra



ulchabhán

Agallamh do phuipéid

Is féidir agallamh do dhá phuipéad a bhunú ar struchtúr gramadaí nó ar eiseamláir éigin teanga. Chomh fada agus is féidir bíodh an t-agallamh gearr agus sothuigte ón gcomhthéacs. Píosa spraoi atá san agallamh seo a chuirtear le ceacht mar thúis nó mar dhaingniú. Ní gá fanacht go dtí go mbeadh sé ar eolas de ghlanmheabhair ag na páistí. Is féidir na struchtúir agus na samplaí den teanga a bhíonn in úsáid go minic (mar shampla na briathra neamhrialta) a tharraingt isteach sna hagallaimh, agus de réir a chéile tiocfaidh na páistí isteach orthu. Mar sin féin bíodh an bheim ar bhrí na cainte agus ar theanga atá ciallmhar do pháistí.



Páistí ag spraoi le puipéid

Agallaimh le dhá phuipéad ina bhfeictear athchúrsáil na teanga

- Puipéad 1: A Mhicí!
 Puipéad 2: An bhfuil sé fíor?
 Puipéad 1: Céard é féin?
 Puipéad 2: Go bhfaca tú taibhse!
 Puipéad 1: Chonaic go deimhin!
 Puipéad 2: Ní fhaca tú, ag rámhaille atá tú!
- Puipéad 1: Cad é mar atá tú?
 Puipéad 2: Haigh!
 Puipéad 1: An bhfaca tú an scannán aréir?
 Puipéad 2: Ní fhaca.
 Puipéad 1: Bhuel, bí ag féachaint ar “Star Wars” anocht!
 Puipéad 2: Á, chonaic mé é sin cheana.
- Puipéad 1: Haigh!
 Puipéad 2: Haló!
 Puipéad 1: Ar chuala tú?
 Puipéad 2: Céard é féin?
 Puipéad 1: Tá mé ag dul chuig Funderland!
 Puipéad 2: Ba cheart duit fanacht ann!


Greilí pleanála samplacha

Seo a leanas cúpla greille pleanála chun cabhrú le múinteoirí an Ghaeilge a chomhtháthú le hábhair eile, chun téama faoi leith, amhrán agus scéal a fhorbairt. Is féidir greilí a ullmhú do ranganna faoi leith bunaithe ar an leagan amach atá anseo.

Comhtháthú leis na hábhair eile


Aonad teagaisc agus foghlama

Meánranganna agus ardranganna




Pleanáil d'aonad teagaisc agus foghlama

Ardranganna



Pleanáil d'aonad teagaisc agus foghlama


Meánranganna agus ardranganna scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta



Scéal

Pleanáil do ghníomhaíochtaí éagsúla


Ranganna 3 agus 4



Amhrán

Pleanáil do ghníomhaíochtaí éagsúla

Meánranganna agus ardranganna





Tionlacan ceoil leis an amhrán Gaeilge

A young boy with light brown hair, wearing a dark blue school sweater over a white shirt and a striped tie, is holding a black telephone handset to his ear. He is smiling slightly. In the background, other children in similar school uniforms are visible, along with colorful toys like a yellow and blue toy truck and a red and white toy house. The scene is set in a classroom or play area.

*An páiste
gníomhach
san fhoghlaím*

Forbairt na cumarsáide

Forbairt na cumarsáide

Is iomaí bealach atá ann chun freastal ar na slite éagsúla ina sealbhaíonn páistí teanga agus ar na rátaí éagsúla foghlama atá acu. Tá sé i gceist i múineadh na Gaeilge an chuid is fearr de na straitéisí agus na modhanna múinte aithnidiúla a úsáid ach an bhéim a bheith ar fhorbairt chumas cumarsáide an pháiste—is é sin go mbeidh an chumarsáid ina cuid lárnach den phróiseas teagaisc agus foghlama. Tugtar fráma tagartha modheolaíoch chun an chumarsáid a chur chun cinn sa seomra ranga. Tugtar straitéisí múinteoireachta agus ceachtanna samplacha anseo ina bhfuil na snáitheanna *Éisteacht*, *Labhairt*, *Léitheoireacht* agus *Scribhneoireacht* comhtháite le chéile, ina dtaispeántar an úsáid is féidir a bhaint as an ábhar teagaisc agus foghlama sa churaclam.

- Tá cur síos sa roinn seo de na treoirlínte ar chur chuige atá cumarsáideach agus ar an gcaoi a bhfuil gach cuid den cheacht chomh cumarsáideach agus is féidir. Sa struchtúr don cheacht cumarsáideach, tá trí thréimhse: an tréimhse réamhchumarsáide, ina ndéantar cleachtadh agus gníomhaíochtaí réamhchumarsáide; an tréimhse cumarsáide, ina ndéantar tascanna agus idirghníomhú sóisialta; agus tréimhse iarchumarsáide, ina ndéantar anailís ar an teanga agus féachaint siar ar na gníomhaíochtaí. Tá cur síos ar na modhanna múinte is aithnidiúla, curtha in oiriúint

chun cumas cumarsáide an pháiste a fhorbairt. Beidh siad le húsáid go háirithe ag tús an cheachta i rith ionchuir an mhúinteora agus na ngníomhaíochtaí réamhchumarsáide. Rianaítear na straitéisí chun an chumarsáid a fhorbairt, ina measc agallaimh, imirt i rólanna, tascanna, cluichí agus gníomhaíochtaí cumarsáide, a bheidh le húsáid go háirithe i dtréimhse cumarsáide an cheachta.

- Tá cur síos ar scéalaíocht agus ar fhilíocht mar ionchur saibhir teanga agus mar fhoinsé litríochta agus feasacht cultúir.
- Cé go moltar iad a mhúineadh ar bhealach comhtháite, tá foscileanna agus straitéisí faoi leith a bhaineann le gach ceann de na scileanna teanga:
 - éisteacht
 - labhairt
 - léitheoireacht
 - scríbhneoireacht.
- Tugtar ceachtanna samplacha ina bhfuil na modhanna múinte agus na straitéisí teagaisc agus na gníomhaíochtaí cumarsáide fite fuaite lena chéile.
- Tá measúnú ceangailte leis an obair sa seomra ranga faoin rannóg Ag féachaint go géar ar obair an pháiste.

Cur chuige cumarsáideach

Tá cumarsáid i gceist le múineadh na scileanna teanga go léir. I rith an cheachta Ghaeilge cuirfear ar chumas an pháiste páirt a ghlacadh mar éisteoir nó mar chainteoir i gcomhrá faoi thopaic a bhfuil suim aige/aici féin ann. Cuirfear ar a c(h)umas freisin nóta nó teachtaireacht a scríobh chuig duine éigin agus téacsanna den chineál céanna ó dhaoine eile a léamh. Mar sin beidh na scileanna teanga comhtháite chomh minic agus is féidir sa cheacht cumarsáideach.

Caithfidh an páiste an teanga a úsáid chun í a fhoghlaim go héifeachtach. Tá cleachtadh éigin ag teastáil ó fhoghlaimeoirí, ach tá an bhéim anois ar sprioc cumarsáideach a bheith ag an gcleachtadh ón tús. Cruthaíonn an múinteoir suíomh ina mbeidh gá ag an bpáiste le húsáid na Gaeilge. Bíonn an páiste i bhfad níos gníomhaí nuair a bhíonn gá aige/aici le heolas éigin a fháil nó a thabhairt do dhuine eile. Fíorchumarsáid a bhíonn ar siúl nuair a bhíonn an páiste ag roinnt agus ag malartú eolais mar sin, agus nuair a bhíonn an chaint ar siúl bíonn sí chomh nádúrtha agus is féidir. Is iad gnéithe na cainte nádúrtha ná go mbíonn sí lán de stadanna agus d'abairtí easnamhacha agus d'fhreagraí gairide. Tá na tréithe sin den chaint nádúrtha le feiceáil sa chomhrá thall. Ní mhúintear caint mar sin ach bíonn sí le cloisteáil nuair a labhraíonn daoine lena chéile go laethúil.

Na gnéithe is tábhachtaí de cheacht cumarsáideach

- díriú ar ghánna an pháiste: intleachtúil, fisiceach agus mothúchánach
- ábhar teagaisc agus foghlama páistelárnach
- feidhmeanna teanga réalaiócha le comhlíonadh
- comhthéacsanna atá réalaióch do shaol an pháiste a úsáid
- an páiste a bheith gníomhach agus tascanna le déanamh aige/aice
- ionchur teanga le fáil ar bhealaí éagsúla mar ullmhúchán don fhíorchumarsáid
- bearna eolais le líonadh trí cheisteanna a chur agus a fhreagairt
- an bhéim ar úsáid chuí na teanga
- cumarsáid mar sprioc le gach ceacht a bhfuil cuspóir cinnte aige
- rogha éigin a bheith ag an bpáiste faoin ábhar foghlama
- an múinteoir ag glacadh le hidirtheanga an pháiste mar chuid den phróiseas foghlama
- gníomhaíochtaí réamhchumarsáide, tascanna agus cluichí cumarsáide agus gníomhaíochtaí iarchumarsáide a bheith sna ceachtanna

Fíorchumarsáid

(caint nádúrtha)

Múinteoir: Anois, tá pictiúr de chlog ag gach duine. Cén t-am é, er, a Sheáin?

Seán: Em, a dó a chlog.

Múinteoir: Agus, eh, a Mháire?

Máire: A, a sé a chlog.

Múinteoir: Tusa, a Bhríd? ... srl.

An múinteoir mar chomhairleoir

Ról an mhúinteora i bhforbairt na cumarsáide

Tá ról faoi leith ag an múinteoir nuair a mhúineann sé/sí go cumarsáideach. Spreagann sé/sí na páistí chun foghlama agus chun páirt ghníomhach a ghlacadh sa cheacht. Cuireann sé/sí ábhar spreagúil ar fáil do na ceachtanna a bhfuil ceangal aige le suim, le saol agus le caitheamh aimsire na bpáistí. Coinneoidh ábhar mar sin na páistí gafa. Bíonn teanga an mhúinteora mar shampla ag na páistí, agus stiúrfaidh sé/sí iad go háirithe ag tús an cheachta. Tugann sé/sí teoracha i gcomhair obair an ranga, agus nuair a bhíonn na páistí gníomhach i mbun taisc nó cluiche beidh sé/sí mar chomhlairleoir acu. Bíonn sé/sí ag éisteacht agus ag soláthar foclóra nó freagra ar cheist nuair a bhíonn an obair bheirte ar siúl. Déanann an múinteoir nóta de na botúin is coitianta a chloisfidh sé/sí, agus is féidir páirt a ghlacadh sa ghníomh, ach ní mholtar cur isteach ar chaint agus ar chumarsáid an pháiste le ceartú botún i rith na ngníomhaíochtaí cumarsáide.

Ról an pháiste sa cheacht cumarsáideach

Bíonn an páiste gafa gníomhach chomh minic agus is féidir sa cheacht cumarsáideach. An páiste féin agus a réimse spéise a bhíonn mar thúsphointe ag an múinteoir agus ábhar an cheachta á roghnú. Ag tús an cheachta bíonn an páiste páirteach le gach duine eile sa rang ag déanamh aithrise ar theanga an mhúinteora agus ag cleachtadh na

teanga chun go mbeidh sé/sí in ann úsáid a bhaint aisti ar ball. Bíonn béim ar thuiscint an pháiste le gníomhaíochtaí agus le geáitsí nó trí phictiúir a tharraingt agus trí fhreagra a thabhairt. Nuair a bhíonn gníomhaíochtaí cumarsáide ar siúl imríonn an páiste cluiche cumarsáideach nó glacann sé/sí ról i sceitsí nó i suímh ina mbeidh seans aige/aici an teanga a úsáid. Bíonn an bhéim ar dtús ar thuiscint an pháiste agus ansin ar úsáid na teanga chun tascanna sodhéanta a chur i gcrích nó chun gníomhaíochtaí taitneamhacha a dhéanamh. Is ina mbeirteanna nó ina ngrúpaí a bhíonn na páistí i gcomhair na gcluichí teanga nó na dtascanna de ghnáth. Is é an buntáiste is mó atá ag obair bheirte nó obair ghrúpa ná go mbíonn seans ag gach duine sa rang ceisteanna a chur agus a fhreagairt agus an teanga a chleachtadh agus a labhairt.

Forbairt na cumarsáide

Is de réir a chéile a thiochfaidh fás agus forbairt ar an gcumas cumarsáide atá ag an bpáiste bunscoile, go háirithe más í an Ghaeilge an dara teanga. I ranganna na naíonán beidh an bhéim ar éisteacht le hionchur saibhir teanga ón múinteoir agus ó ábhar taifeadta. Beidh na páistí beaga ag súgradh as Gaeilge: ag aithris rann agus amhrán, ag athinisint scéalta, agus ag glacadh páirt i ndrámaí beaga. Sa tréimhse réamhchumarsáide seo treiseofar scileanna éisteachta agus tuisceana na bpáistí agus beidh siad ag teacht isteach ar phatrúin fuaime agus comhréire na Gaeilge.

An páiste gníomhach

Cé nach mbeidh an páiste beag ag caint mórán as a stuaím féin, ní hionann sin is a rá nach bhfuil foghlaim teanga ar siúl. Léireoidh sé/sí a t(h)uiscint ar bhealaí eile seachas trí fhreagra labhartha. Is féidir gníomh a dhéanamh, cluiche a imirt, nó pictiúr a tharraingt. Beidh an cur chuige cumarsáideach i ranganna na naíonán sa mhéid is go léireofar don pháiste gur féidir cumarsáid a dhéanamh trí Ghaeilge sna drámaí do phuipéid, san idirghníomhaíocht a bheidh ar siúl ar chlár theilifíse, nó idir chuairteoirí agus an múinteoir ranga. Sa seomra ranga féin b'fhéidir go mbeadh cúinne Gaeilge, áit a labhródh an múinteoir Gaeilge mar fhreagra ar chaint an pháiste agus go mbeadh ábhar súgartha a chabhródh le forbairt na Gaeilge, na matamaitice, na healaíne, na rithime agus an cheoil.

Gaeilge neamhfhoirmiúil

Foghlaimíonn an páiste teanga sa bhaile ar bhealach neamhfhoirmiúil nádúrtha. Má úsáideann múinteoirí an Ghaeilge taobh amuigh den cheacht Gaeilge ba cheart go sealbhódh an páiste an teanga ar an mbealach céanna, mar beidh sé/sí ag éisteacht leis an gcaint agus á tuiscint ón gcomhthéacs. Tugtar 'Gaeilge neamhfhoirmiúil' ar úsáid na Gaeilge taobh amuigh den cheacht foirmiúil Gaeilge agus ar a húsáid sa seomra ranga mar theanga chaidrimh agus mar theanga bhainisteoireachta ranga. Bíonn an Ghaeilge á húsáid i gcaitheamh an lae ar fud an churaclaim sna scoileanna lán-Ghaeilge agus

Gaeltachta. Sna scoileanna eile moltar don mhúinteoir an Ghaeilge a labhairt chun treoracha a thabhairt, chun an rang a roinnt i gcomhair cluichí, chun am lóin agus am sosa a stiúradh, agus chun an rolla a ghlaoch.

Tugann úsáid neamhfhoirmiúil na Gaeilge seans don mhúinteoir agus don pháiste araon fíorchumarsáid a dhéanamh agus fíorúsáid a bhaint as an nGaeilge chun gnáthriachtanais chumarsáide agus shóisialta a chomhlíonadh. Chomh maith leis sin bíonn seans ag an bpáiste na heiseamláirí teanga a d'fhoghlaim sé/sí sa cheacht foirmiúil Gaeilge a chleachtadh go neamhfhoirmiúil sa chaint.

An Ghaeilge i ngnéithe eile an churaclaim

Bealach eile leis an nGaeilge a shealbhú agus a fhoghlaim ná í a úsáid i múineadh ábhar eile an churaclaim. Tarlaíonn sé seo go forleathan i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge. Tá sé á mholadh do scoileanna T2 an Ghaeilge a úsáid i snáitheanna áirithe d'ábhair eile, mar shampla corpoideachas, ceol agus ealaín, agus ábhar eile a roghnódh an scoil. Nuair a úsáidtear an Ghaeilge i ngnéithe uile an churaclaim bíonn an bhéim ar an mbrí agus ar an teachtaireacht i gcónaí. Bíonn na tascanna agus na gníomhaíochtaí réalaíoch. Bíonn bearna nádúrtha in eolas an pháiste agus bítear ag iarraidh í sin a sháru sa cheacht tíreolaíochta, staire, nó timpeallachta daonna. Tá

éifeacht ar leith ag baint le múineadh ábhar eile trí mheán na Gaeilge chun cur leis an méid a dhéantar sa cheacht foirmiúil agus chun é a bhuanú. Tugtar smaointe ag bun gach snáithe sa churaclam Gaeilge do scoileanna T2 i gcomhair comhtháthú na n-ábhar eile le múineadh na Gaeilge.

Cur chuige comhtháite

Tacaíonn na scileanna teanga—éisteacht, labhairt, léitheoireacht agus scríbhneoireacht—lena chéile, agus is minic a úsáidtear le chéile sa ghnáthchaint iad. Mar shampla, nuair a labhraíonn duine bíonn sé/sí ag éisteacht freisin, agus is iondúil go bpléann duine téacs tar éis é a léamh. Is féidir freisin freagra ar an téacs a scríobh seachas é a phlé. Tá cur síos ar na ceithre scil teanga i snáitheanna an

churaclam Ghaeilge, ach is ar bhealach comhtháite a mhúinfear iad. Beidh na ceithre scil teanga á n-úsáid go minic chun tasc a chur i gcrích.

Comhtháthú an ábhair theagaisc i gcur chuige cumarsáideach

San ábhar teagaisc agus foghlama luaitear gníomhaíochtaí éagsúla a chabhróidh leis an bpáiste an teanga a fhoghlaim agus a chleachtadh. Tá liosta téamaí ann freisin a thabharfaidh suíomh réalaíoch do na gníomhaíochtaí sin. Luaitear na catagóirí d'fheidhmeanna teanga atá riachtanach don pháiste ionas go mbeidh sé/sí in ann úsáid éifeachtach a bhaint as an teanga. Tá na trí ghné sin mar bhunchloch don churaclam seo.

Mar shampla, chun go mbeidh na páistí in ann tasc a chur i gcrích nó gníomhaíocht a dhéanamh trí Ghaeilge caithfidh siad a bheith in ann eolas a thabhairt agus a lorg nó struchtúr a chur ar chomhrá (dhá chatagóir feidhmeanna). Dá mbeadh an téama 'Sa bhaile' i gceist d'fhéadfadh na páistí ceisteanna a chur agus a fhreagairt chun eolas a fháil faoi thithe a chéile. D'fhéadfaí tasc beag a bhunú ar an téama ansin trí dhá phictiúr den seomra suí a thabhairt amach. Bheadh an pictiúr iomlán ag páiste B agus gan ach imlíne den seomra ag páiste A. Ba é tasc pháiste A ná an pictiúr a chríochnú trí cheisteanna a chur agus na freagraí a thuiscint. Ba é tasc pháiste B ná na treoracha a thabhairt agus ceisteanna



Beirteanna ag caint le chéile

pháiste A a fhreagairt chun go mbeadh sé/sí in ann an pictiúr a chríochnú.

Tá sé soiléir mar sin go bhfuil na trí ghné sin—na tascanna, na téamaí atá suimiúil don pháiste, agus na feidhmeanna teanga—ina ndlúthchuid de cheacht ina mbeadh an múinteoir ag iarraidh cumas cumarsáide an pháiste a fhorbairt.

Réamhchumarsáid	Spreagadh Múscailt suime Ionchur teanga ón múinteoir Aithris agus athrá Cleachtadh Cluichí gramadaí Gníomhaíochtaí faoi threoir
Cumarsáid	Tascanna le déanamh Cluichí cumarsáide Rólanna i suímh réalaíocha agus insamhlaithe Idirghníomhú sóisialta Drámaíocht, sceitsí, seiftiú Plé, díospóireachtaí Saorúsáid na teanga
Iarchumarsáid	Féachaint siar Cleachtaí gramadaí Anailís na teanga Traschur eolais go tascanna eile Cluiche breise Féachaint ar aghaidh


Struchtúr do chur chuige cumarsáideach

Is é atá á mholadh ná go mbeidh struchtúr áirithe ar gach ceacht a fheilfidh d'fhoghlaim, do thuiscint agus d'úsáid na teanga.

Is féidir an ceacht a roinnt ina thrí thréimhse, mar seo a leanas, agus tá saintréithe áirithe ag baint leo:

- an tréimhse réamhchumarsáide
- an tréimhse cumarsáide
- an tréimhse iarchumarsáide.

Ní gá cloí go docht leis na tréimhsí sin. Is é an rud atá nua ná an chumarsáid a bheith mar sprioc ag gach ceacht chomh fada agus is féidir gach lá. Is féidir an struchtúr a léiriú mar chontanam cumarsáide, mar atá thíos. Leagtar an bhéim ar fhoghlaim na teanga don tasc nó don chluiche ag tús an chontanaim agus ar úsáid na teanga nó ar an gcumarsáid ina dhiaidh sin agus ar fhéachaint siar nó an ceacht a phlé ag a dheireadh.



Tréimhse réamhchumarsáide

*Ag cothú spéise le gníomhaíochtaí
réamhchumarsáide*

Is sa tréimhse seo a spreagann an múinteoir spéis na bpáistí san ábhar nó sa topaic le ceisteanna agus le comhrá ginearálta, nó is féidir tasc beag a dhéanamh nó cluiche a imirt. Mar shampla, d'fhéadfadh an múinteoir a rá leis na páistí cártaí a bhfuil pictiúir orthu a roinnt ina ngrúpaí—ainmhithe allta nó peataí, éin na hÉireann nó cinn a d'fheicfeá sa zú nó thar lear. Is féidir tascanna difriúla a shocrú don rang ag scagadh na bpictiúr céanna: ainmhithe a itheann feoil agus ainmhithe a itheann glasraí a scaradh óna chéile, éisc, éin nó mamaigh agus mar sin de. Beidh na páistí in ann na gníomhaíochtaí seo a dhéanamh ón eolas ginearálta atá acu, ach spreagfar iad chun suim a chur sa cheacht atá ag teacht. Is féidir na tascanna difriúla seo a bhunú ar chártaí léitheoireachta nó ar ghníomhaíocht bheag scríbhneoireachta freisin. Beidh obair ullmhúcháin faoi leith ag teastáil roimh éisteacht le taifeadadh de chomhrá nó de scéal nó dán.

Is i rith na tréimhse seo a úsáideann na páistí an teanga atá acu

- chun ceist a chur agus freagraí a thabhairt

- chun eolas a lorg ón múinteoir agus a thabhairt dó/di:

Cén Ghaeilge ar X?

Níl a fhios agam, a mhúinteoir.

Cá gcuirfidh mé é seo?

Ionchur

Éilíonn an múinteoir an teanga agus eiseamláirí na bhfeidhmeanna teanga a bheidh ag teastáil ó na páistí don tasc a bheidh le déanamh. Mura bhfuil an teanga ar eolas ag an rang múineann sé/sí an foclóir agus na frásaí nua, ag úsáid raon de na modhanna múinte ar leathanach 64 de réir mar a oireann.

Úsáideann an múinteoir pé áiseanna atá riachtanach agus go leor aithrise agus athrá. Níor ghá go mbeadh an t-athrá sa chomhthéacs céanna i gcónaí. Bíonn an bhéim ar thuiscint na teanga ag an bpointe seo, agus cuireann an múinteoir béim ar an léiriú tuisceana roimh iarraidh ar na páistí an teanga a labhairt astu féin. Taispeánann an páiste go dtuigeann sé/sí an teanga nua trí ghníomhartha nó le geáitsí.

Cuir do lámh chlé ar do ghualainn dheas.

Faigh an glantóir agus glan an clár dubh, le do thoil!

Cleachtadh

Tá neart cleachtaidh ag teastáil ó na páistí, ach ní gá iad a thuirsiú leis na samplaí agus na comhthéacsanna céanna i gcónaí. Is féidir úsáid a bhaint as druileanna, as agallaimh faoi threoir, as cluichí struchtúrtha agus as drámaí gearra ag an bpointe seo. Tugann an múinteoir cabhair don pháiste an teanga atá foghlamtha cheana a úsáid i gcomhthéacsanna difriúla. Roghnaíonn an múinteoir cuid den teanga a bheidh á húsáid ag an bpáiste, nó toghann sé/sí suíomh nó ról ina gcleachtóidh an páiste an teanga ar bhealach nua. Nuair a bhíonn an páiste in ann léamh tagann an treoir seo i bhfoirm pictiúr, leidchártaí agus cluichí struchtúrtha. Bíonn na suímh agus na gníomhaíochtaí chomh cumarsáideach agus is féidir, ach ní féidir a rá fós gur fíorchumarsáid atá ann. Bíonn treoir faoi úsáid na teanga le fáil fós ón múinteoir nó ó riachtanais an taisc, ach tugann an cleachtadh muinín don pháiste máistreacht a fháil ar struchtúir agus ar fhrásaí áirithe. Bíonn an bhéim sa tréimhse seo ar úsáid cheart na teanga, agus ceartaíonn an múinteoir na páistí nuair is gá.

B'fhéidir go mbeadh níos lú cleachtaidh sna scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta ná mar a bheadh i scoileanna T2.

Tréimhse cumarsáide

Gníomhaíochtaí cumarsáide agus úsáid na teanga

Cabhróidh an tréimhse seo leis na páistí an teanga a shealbhú trína húsáid. Bíonn seans ag na páistí an teanga a d'fhoghlaim siad i rith an ionchuir theanga a úsáid chun tasc éigin a chur i gcrích nó chun ról a ghlacadh i suíomh faoi leith. Bíonn saoirse ag na páistí anseo an teanga a úsáid go cruthaitheach, ach bíonn an tasc nó an suíomh faoi threoir an mhúinteora chun go mbeidh ceangal leis an ullmhúchán a rinneadh ag tús an cheachta. Sa scoil lán-Ghaeilge agus Ghaeltachta ní gá an smacht céanna a choimeád ar theanga na bpáistí, mar beidh líofacht áirithe acu.

Sa tréimhse cumarsáide bíonn cluichí cumarsáide, sceitsí agus drámaíocht ar siúl i ngach cineál scoile. Sna scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta bíonn seiftiú, plé agus díospóireachtaí ar siúl.

Déanann an múinteoir iarracht idirghníomhú sóisialta a eagrú i rith gach ceachta chun go mbeidh seans ag na páistí úsáid a bhaint as an teanga gach lá. Beidh seans ag na páistí oibriú le chéile ina mbeirteanna nó ina ngrúpaí agus an múinteoir mar chomhairleoir, ag éisteacht agus ag tógáil nótaí den teanga a bhíonn fós lag. Nuair a bhíonn cumarsáid ar siúl ag na páistí sa rang ní chuireann an múinteoir isteach ar líofacht na bpáistí, ach ceartaíonn sé/sí na hearráidí tar éis na ngníomhaíochtaí cumarsáide. Tá an

Tabhair faoi deara:

Níos mó ná ceann amháin:

-aí, -anna
hataí, cailíní
busanna, scoileanna

An t-am atá le teacht:

-fidh, -faidh, -oidh, eoidh,
feicfidh, tiocfaidh,
éireoidh, ceannóidh

An t-am atá thart:

consan + h
dhún,
d' roimh ghuta agus fh
d'fhéach

- Idirghníomhú idir an múinteoir agus na páistí ag tús an cheachta
- Idirghníomhú idir na páistí i lár an cheachta

bhéim sa tréimhse cumarsáide ar bhrí na teanga agus ar an teachtaireacht. Má bhíonn an chaint soiléir ní chuirtear isteach ar líofacht an pháiste.

Tréimhse iarchumarsáide*Leathnú ar an gcumarsáid*

Cinntíonn an múinteoir go dtuigeann an páiste an teanga nua agus go bhfuil sé/sí in ann forleathnú a dhéanamh uirthi go suímh eile le gníomhaíochtaí iarchumarsáide.

Sna hisealranganna téann an múinteoir siar ar an teanga a bhí lag i bhfoirm aithrise, athrá agus cleachtaidh mar dhruileanna breise gramadaí arís. Is féidir rann nó dán gearr a dhéanamh a bhfuil na frásaí nó an foclóir céanna ann. Is féidir tasc cosúil leis an gceann a rinneadh roimhe sin a dhéanamh arís mar dhaingniú ar na scileanna a úsáideadh cheana. Beidh seans ag an bpáiste an teanga a úsáid arís, féachaint ar tháinig aon fheabhas uirthi ón gcéad uair a trialadh í.

Sna hardranganna beidh gá le cleachtadh arís nó le traschur na teanga a múineadh sa cheacht go dtí tasc nó gníomhaíocht eile. Is féidir anailís a dhéanamh ar an teanga mar cheacht ar fheasacht teanga. Tugann an páiste faoi deara go bhfuil brí éigin le -(a)í nó -(e)anna nó le -f(a)idh ag deireadh focail, go bhfuil brí le consan séimhithe agus le d' roimh ghuta nó roimh fh-. Is féidir cabhrú leis na páistí na gnéithe seo a thabhairt faoi deara trí cheisteanna a chur chun iad a threorú.

Próiseas ciorclach

Déantar iarracht leanúnachas a bheith ann ó cheacht go ceacht, agus beidh a fhios ag an múinteoir cén t-ionchur teanga atá ag teastáil nó cén teanga ar féidir úsáid a bhaint aisti i dtasc ag tús an chéad cheachta eile. Is próiseas ciorclach é cur i láthair ábhar teagaisc agus foghlama an cheachta, agus ní féidir cloí le tréimhse faoi leith go hiomlán. Ní gá go leanfadh na tréimhsí teagaisc agus foghlama a chéile san ord céanna i gcónaí.

Solúbthacht na dtréimhsí teagaisc

Mar a dúradh ar leathanach 34 tá solúbthacht ag baint le leanúnachas na dtréimhsí teagaisc agus cumarsáide. Má tá a fhios ag an múinteoir go bhfuil na páistí in ann chuige, d'fhéadfadh sé/sí tosú gan aon ionchur teanga ach le tasc cumarsáide gan aon ullmhúchán leis an bhfoclóir nó na ceisteanna. Ba cheart go mbeadh an múinteoir sna scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta in ann triail a bhaint as tosú leis an tasc nó leis an ngníomhaíocht ó am go ham.

Nuair a thosaítear le gníomhaíochtaí cumarsáide gan aon ullmhúchán, b'fhéidir go bhfeicfeadh na páistí iad féin nach bhfuil an teanga chuí acu. Shocródh an múinteoir agus na páistí le chéile ansin cén teanga a bheadh ag teastáil chun an tasc a dhéanamh, agus d'fhéadfadh an múinteoir í a mhúineadh. Sa tslí sin bheadh an páiste freagrach as a c(h)uid foghlama féin agus neamhspleách ar an múinteoir go pointe áirithe.

Fráma tagartha

Is fráma tagartha é an tábla ar leathanach 63 a thaispeánann na modhanna múinte agus na straitéisí éagsúla a fheileann do thréimhsí an cheachta. Tugtar léargas ar eagar an tseomra agus ar an idirghníomhú a bhíonn ar siúl idir an múinteoir agus an páiste sna tréimhsí den cheacht cumarsáideach. Taispeántar cé na modhanna múinte a fheileann don ionchur teanga sa tréimhse réamhchumarsáide go háirithe. Ansin sa tréimhse cumarsáide caithfear úsáid a bhaint as straitéisí éagsúla chun na páistí a chur ag úsáid na teanga. Ar deireadh b'fhéidir go gcaithfeadh an múinteoir dul siar ar fhoclóir nó é a mhúineadh nó eiseamláirí teanga a thabhairt chun cuimhne i rith na

ngníomhaíochtaí iarchumarsáide, agus bheadh an modh díreach nó an modh closamhairc á úsáid arís chun an foclóir a mhúineadh.

Eagar an ranga

Ag tús an cheachta is ina n-aonad a bhíonn na páistí go hiondúil don ionchur teanga mura mbíonn gníomhaíocht éigin ag an múinteoir dóibh. I rith na ngníomhaíochtaí cumarsáide is minic a bhíonn beirteanna nó grúpaí ag obair le chéile, agus tagann an rang le chéile arís ag deireadh an cheachta. Téitear ó idirghníomhú idir an múinteoir agus na páistí go dtí idirghníomhú i measc na bpáistí de réir mar a théann an ceacht ar aghaidh. (Féach freisin leathanach 30.)



An múinteoir mar mhonatóir

Fráma tagartha

Tréimhse	Saintréithe	Modh muinte nó straitéisí	Eagar an ranga	Idirghníomhú
Tréimhse réamhchumarsáide (Spéis sa teanga agus tuiscint na teanga á gcothú)	1. Spreagadh Múscailt suime	Modh na lánfhreagartha gníomhaí An modh díreach An modh closamhairc An modh closlabhartha Modh na ráite Modh na sraithe	An rang go léir Dhá thaobh an ranga Beirteanna oscailte Grúpaí beaga	Múinteoir agus na páistí Páistí agus an múinteoir
	2. Ionchur teanga			Páistí agus páistí
	3. Cleachtadh foclóir ceisteanna agus freagraí aithris agus athrá druileanna agallaimh faoi threoir cluichí struchtúrtha cumarsáid faoi threoir scéal			Páiste agus páiste
Tréimhse cumarsáide (Úsáid na teanga á cothú)	4. Úsáid na teanga Comhlíonadh na bhfeidhmeanna teanga Cumarsáid faoi threoir áirithe ach saoirse úsáide chomh fada agus is féidir Gníomhaíochtaí chun an bhearna eolais a sháru agus chun eolas a roinnt ar a chéile	Agallaimh le bearnaí Tascanna Cluichí cumarsáide Drámaí Sceitsí Gníomhaíochtaí Plé, díospóireachtaí	Obair bheirte Beirteanna dúnta Obair ghrúpa	Páiste agus páiste Páiste agus páistí
Tréimhse iarchumarsáide (Tuiscint á daingniú agus an teanga á húsáid)	5. Féachaint siar agus ar aghaidh Cleachtaí gramadaí bunaithe ar an téacs labhartha nó scríofa Aithris agus athrá fuaimeanna nó focail dheacra Traschur eolais le tasc nó cluiche nua i suíomh eile Féachaint ar aghaidh		Obair ranga Obair ghrúpa Obair bheirte	Múinteoir agus páistí Páiste agus páistí Páiste agus páiste

Féach ar na rudaí deasa atá anseo agam: bainne, cáis, úll, mála brioscán, iógart, oráiste, cóla, banana, dlúthdhiosca-ROM, saighdiúirí, fiseán ...

Modhanna múinte

Is é an modh múinte an chaoi a n-eagraíonn an múinteoir an t-ábhar teagaisc agus foghlama agus a gcuireann sé/sí i láthair na bpáistí é. Pé acu modh a úsáideann an múinteoir ag tús an cheachta, is í an Ghaeilge an teanga theagaisc chun an foclóir agus eiseamláirí na bhfeidhmeanna teanga a mhíniú den chéad uair. Bíonn gá le hionchur teanga uaireanta i rith an cheachta freisin. Cuirfidh an múinteoir spéis faoi leith sna modhanna a fheileann don ábhar teagaisc agus do bhealaí foghlama an pháiste. Cuirtear béim ar chéadfaí faoi leith i modhanna áirithe agus bíonn gá ag na páistí le húsáid na gcéadfaí go léir chun cabhrú leo an teanga a fhoghlaim. Ní bheidh an múinteoir taobh le haon mhodh, dá fheabhas é.

Is iad na sé mhodh is suntasaí ar féidir úsáid a bhaint astu ná:

- an modh díreach
- modh na sraithe
- modh na lánfhreagartha gníomhaí
- an modh closlabhartha
- an modh closamhairc
- modh na ráite.

An modh díreach

Is modh éifeachtach é an modh díreach chun cumarsáid a chur ar siúl idir an múinteoir agus na páistí. Sa tréimhse réamhchumarsáide úsáideann an múinteoir na rudaí iad féin, mar shampla bréagáin, gréithe, troscán agus pictiúir de rudaí taobh amuigh den seomra ranga. Is féidir é seo a dhéanamh aon uair a mbeadh gá leis i rith an cheachta chomh maith.

Is maith is fiú na focail a bhíonn á n-úsáid gach lá a mhúineadh go luath sa bhliain: an lón, fearas an tseomra ranga, na giuirléidí a bhíonn sa mhála scoile, áiseanna teagaisc, bréagáin, agus rudaí a bhíonn sa bhaile a bhaineann le caitheamh aimsire: seinm ceoil, an ríomhaire agus cluichí de gach sórt. Is deacair agallamh a shárú mar chomhthéacs don fhoclóir, do na struchtúir agus do na feidhmeanna teanga nua. Chun Béarla a sheachaint agus an t-agallamh á chur i láthair tá teidí nó puipéad láimhe an-áisiúil, an múinteoir i bpáirt amháin agus an puipéad sa pháirt eile.

Modh na sraithe

Leathnú ar an modh díreach atá sa mhodh seo. Ceanglaítear sraith abairtí le chéile i bhfoirm scéil agus léirítear iad le pictiúir nó le gníomhartha. Úsáidtear scéal leanúnach sa tréimhse réamhchumarsáide chun cabhrú leis an bpáiste cuimhneamh ar na briathra. Ceanglaítear gníomh nó pictiúr le gach briathar chun é a mhíniú. Nuair a dhéanann an múinteoir nó an páiste an

Sraith abairtí

Rinne me sú oráistí inné.

Ar dtús ghearr mé an t-oráiste
ina dhá leath.

Ansin d'fháisc mé leath amháin le
fáiscire.

Ansin d'fháisc mé an leath eile.

Faoi dheireadh dhoirt mé an sú
go léir isteach i ngloine agus
chaith mé siar é!

gníomh ina dhiaidh sin cuimhneoidh an
páiste ar an mbriathar.

Samhlaítear an modh díreach de ghnáth
le topaicí a bhaineann leis an seomra
ranga, ach is féidir iad a leathnú taobh
amuigh de. Mar shampla, is féidir sraith
pictiúr a insíonn scéal a úsáid nó
teoracha in ord chun meaisín a oibriú,
glao gutháin a dhéanamh, nó sailéad a
ullmhú. Ón uair nach n-úsáidtear aon
Bhéarla cloiseann an páiste cuid mhaith
Gaeilge san ionchur teanga. Tugann an
modh seo muinín don pháiste mar go
mbíonn ionchur faoi leith sa tsraith
briathra. Maidir leis na feidhmeanna
teanga cuireann siad ar chumas an
pháiste cur síos a dhéanamh agus scéal
a insint agus labhairt faoin am atá caite
nó le teacht. Múintear comharthaí
dioscúrsa freisin: 'ar dtús', 'ansin', agus
'faoi dheireadh'. Má thugtar téacs do na
páistí sna meánranganna nó sna
hardranganna is féidir leo an téacs agus
na pictiúir a mheaitseáil le cabhair na
gcomharthaí seo.

Modh na lánfhreagartha gníomhaí

Tá an modh seo cosúil leis an modh
díreach ach amháin go bhfuil sé
teoranta do ghníomhartha fisiceacha.
Déantar ceangal in intinn an pháiste
idir an gníomh agus an focal nó an frása
a fhreagraíonn dó. Úsáidtear an modh
seo chun an brú a bhíonn ar
fhoghlaimeoirí áirithe a laghdú agus
chun go mbainfidís taitneamh as an
gceacht teanga. Bíonn aithris agus athrá
ar chaint an mhúinteora i gceist, cosúil
le tús ceachta ar an modh díreach.
Déanann an múinteoir iarracht
speisialta smaoineamh ar threoracha a
bhíonn greannmhar agus seafóideach.
Nuair a bhraitheann an múinteoir go
bhfuil an páiste réidh tosaíonn an páiste
ag úsáid na teanga chun teoracha a
thabhairt do na páistí eile. Is féidir baill
choirp an pháiste a úsáid chun
gníomhartha agus brí na mbriathra a
mhúineadh.

Gníomhartha:

Tóg suas an banana.

Cuir glao ar Sheán.

Crom síos, seas suas!

Seas ar do chos chlé.

Léim ar do chos chlé síos go
bun an tseomra. Cas timpeall
agus fill ar ais ar do chos
dheas!



Bíonn an modh seo an-úsáideach ag tús na foghlama le páistí óga agus sa tréimhse réamhchumarsáide le páistí d'aon aois. Ar an mbealach seo cloisfidh na páistí an-chuid Gaeilge, bainfidh siad taitneamh as an bhfoghlaim, beidh siad saor ó bhrú, agus méadófar ar a gcuid muiníne, mar ní bheidh orthu freagra a thabhairt ach lena gcorp. Beidh dánta agus amhráin agus ionchur de shaghsanna eile ar siúl ag an am céanna.

An modh closlabhartha

Is é an bealach a gcuirtear an modh seo i bhfeidhm ná agallamh taifeadta a sheinm nó an múinteoir a bheith á rá chun scileanna éisteachta agus cainte an pháiste a fhorbairt. Is sa tréimhse réamhchumarsáide a d'úsáidfadh an múinteoir é, agus cheartódh sé/sí caint an pháiste de réir mar ba ghá. Ní gá mar sin féin go mbeadh an aithris agus an t-athrá foirfe nó go mbeadh focail an agallaimh de ghlanmheabhair. Ach chun an fócas a chur ar an gcumarsáid is féidir a bheith ag smaoineamh ar bhrí na cainte agus ar an úsáid is féidir a bhaint as an gcaint san agallamh i gcomhthéacs eile arís.

I gcomhthéacs na cumarsáide, má úsáideann an múinteoir téip éisteachta nó físeán ullmhaíonn sé/sí an foclóir, na frásaí nó struchtúir áirithe roimh é a sheinm. Cuireann an múinteoir ceist roimh éisteacht leis an téip chun fócas a thabhairt do na páistí. Seinneann an múinteoir an téip arís agus arís eile le ceist dhifriúil réamhéisteachta nó dhó

gach uair. Is féidir an phríomhbhéim a chur ar bhrí na cainte san agallamh agus ar an úsáid is féidir a bhaint as an gcaint ann i gcomhthéacs eile arís.

An modh closamhairc

Leathnú ar an modh closlabhartha atá sa mhodh seo. Úsáidtear pictiúir, stiallscannáin, clár nílóin agus deilbhíní. Sa tréimhse réamhchumarsáide taispeántar pictiúr amháin do gach cuid d'agallamh, mar shampla, agus an múinteoir ag rá an chomhrá nó ag seinm taifeadadh de. Dála gach aon mhodh eile, is féidir an chuid is fearr den mhodh seo a úsáid chun cumarsáid a chur chun cinn.

Ar dtús déanann an rang go léir aithris agus athrá ar chaint an mhúinteora nó na téipe. Ansin bíonn dhá thaobh an ranga páirteach san agallamh, ar dtús le cabhair an mhúinteora. Roghnaítear beirteanna ó dhá thaobh an ranga ansin (beirteanna oscailte) agus ansin beirteanna in aice lena chéile (beirteanna dúnta). Nuair a bhíonn beirteanna dúnta ag cleachtadh an agallaimh bíonn an rang go léir á chleachtadh ag an am céanna. Cé go bhfuil gach duine ag cleachtadh an agallaimh chéanna glacann an múinteoir le brí na cainte seachas a bheith ag lorg na teanga céanna focal ar fhocal. Is é seo an difríocht idir cur chuige gramadúil agus cur chuige cumarsáideach.

Is dóigh liom go ...
 Téigh síos go bun an tseomra ...
 Tá sé i lár an leathanaigh ...
 An féidir liom ...?
 An bhfuil cead agam ...?
 Ní thuigim an focal ...

Modh na ráite

Molann an modh seo frásaí nó ‘ráite’ úsáideacha a mhúineadh. Má fhoghlaímíonn na páistí frásaí agus nathanna beaga beidh siad in ann tarraingt orthu nuair a bheidh na nathanna sin ag teastáil uathu arís. Is fearr iad a mhúineadh i gcónaí i gcomhthéacs a thuigeann an páiste, is é sin mar chuid d’agallamh seachas ina liostaí.

Straitéisí éagsúla chun cumas cumarsáide an pháiste a fhorbairt

Baineann an múinteoir úsáid as straitéisí difriúla agus as comhthéacsanna éagsúla chun suim na bpáistí a choinneáil sa cheacht Gaeilge. Is é an cuspóir a bhíonn ag an múinteoir do gach ceacht ná go mbeidh na páistí in ann úsáid éigin a bhaint as an nGaeilge i gcomhthéacs a thaitníonn leo, is é sin páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí fíorchumarsáide chomh minic agus is féidir. Is iad na straitéisí is coitianta a úsáidtear chun cumas cumarsáide an pháiste a fhorbairt ná:

- agallaimh mar ionchur d’imirt i rólanna
- cluichí teanga
- tascanna agus fadhbanna
- druileanna
- drámaíocht
- físeáin
- scéalaíocht
- filíocht: rainn, dánta agus amhráin, rabhlóga, tomhais, seanfhocail agus tréanna.

Suíomh an tseomra ranga

Múinteoir: Bhuel, a Sheáin!

Páiste: Sea, a mhúinteoir?

Múinteoir: Cá bhfuil tú ag dul?

Páiste: **Go rang 2.**

Múinteoir: Tá go maith. Lean ort.

Páiste: Tá go maith!

‘Go rang 2’ á leathnú

Suíomh na scoile

‘go dtí an leithreas’

‘go dtí an pháirc peile’

‘abhaile’

Suíomh eile

‘go dtí an linn snámha’

‘go dtí an siopa’

‘ag scátáil’

‘amach ag súgradh’

Agallamh mar ionchur

Cuspóir an agallaimh faoi threoir

Is mar ionchur teanga a úsáidtear an cineál seo agallaimh chun tús a chur le cumarsáid faoi threoir agus leis an bhfíorchumarsáid níos déanaí más féidir. Is ag tús an cheachta go hiondúil a úsáidtear an t-agallamh samplach. Beidh gá le tuiscint ar bhrí an agallaimh, agus beidh cleachtadh riachtanach chun gur féidir tógáil air agus an teanga chéanna a úsáid arís i suíomh nua.

Nuair a bhíonn an múinteoir ag úsáid an agallaimh thíos agus na gcomhráití beaga go léir a eascróidh as beidh na cuspóirí do na ceachtanna go léir scríofa i bhfoirm mionfheidhmeanna teanga, mar seo a leanas:

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- beannú do pháiste eile
- freagra a thabhairt ar an mbeannacht
- fiafraí cá bhfuil duine eile ag dul
- a rá cá bhfuil sé/sí féin ag dul.

Agallamh do ranganna 1 agus 2

Is féidir agallamh simplí a cheapadh do ranganna 1 agus 2 agus é a leathnú. Bíonn an teanga go léir ullmhaithe agus le foghlaim sa tréimhse réamhchumarsáide den cheacht. Ní féidir leidchártaí a thabhairt do na páistí, mar níl siad in ann léamh, ach is féidir póstaer nó pictiúir a úsáid.

Is féidir an teanga sa chló trom—Go rang 2—a athrú le linn cleachtaidh i rith an ionchuir teanga agus í a úsáid sa tréimhse cumarsáide i rólanna. Is féidir na hathruithe a dhéanamh mar dhruil leis na páistí agus a thaispeáint dóibh gur féidir teanga a foghlaimíodh san agallamh faoi threoir a leathnú san úsáid agus sa chumarsáid.

Agallamh do na meánranganna nó na hardranganna

Nuair a bhíonn an múinteoir ag úsáid an agallaimh ar leathanach 69 agus na gcomhráití beaga go léir a eascróidh as beidh na cuspóirí do na ceachtanna go léir scríofa i bhfoirm mionfheidhmeanna teanga, mar seo a leanas: Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- beannú do pháiste eile
- freagra a thabhairt ar an mbeannacht sin
- a rá cá bhfuil sé/sí ag dul anois
- a rá cá mbeidh sé/sí ag dul amárach
- iarraidh ar pháiste eile rud a cheannach
- úsáid a bhaint as an bhfoclóir seo a leanas i gcomhthéacs rud atá le ceannach:
téip, leabhar, dlúthcheirnín, cluiche don ríomhaire
- na bailte móra atá thart ar an gceantar a ainmniú
níl ach samplaí anseo—Baile Átha Luain, Gaillimh.

Agallamh mar ionchur

- Áine: **Haigh!** Conas atá tú?
- Brian: **Haló!** Go breá, agus tú féin?
- Áine: Ar chuala tú? Beidh mé ag dul go **Corcaigh amárach.**
- Brian: Faigh **cluiche nua don ríomhaire!**
- Áine: Níl mo dhóthain airgid agam.

Ionchur d'imirt i rólanna

Is ionchur an-mhaith é an t-agallamh d'imirt i rólanna ar ball. Moltar gan an modh múinte céanna a úsáid i gcónaí chun an t-agallamh a chur i láthair. Is féidir an modh closlabhartha nó an modh closamhairc, le cabhair bhreise ó fhíseán, a úsáid. Ba cheart an t-agallamh a choimeád gearr. Déanfaidh ceithre nó sé líne an chúis agus bíodh sé bunaithe ar théama a bhfuil spéis ag an bpáiste ann. Ba chóir an teanga a bheith úsáideach do thimpeallacht na scoile agus d'úsáid na Gaeilge go neamhfhoirmiúil sa seomra ranga. Beidh sé mar aidhm ag an múinteoir go mbeidh an páiste féin in ann labhairt gan tacaíocht an agallaimh tar éis tamaill.

Tréimhse réamhchumarsáide

Déanann an múinteoir comhrá gearr leis an rang chun a fháil amach cé mhéad den teanga a bheidh le múineadh as an nua.

Nó

Cluiche réamhchumarsáide:

Cluiche tomhais chun spéis an pháiste a spreagadh san ábhar. Mar shampla tomhas:

Múinteoir: Tosaíonn sé le 'c' agus is féidir leat é a imirt.
Cad é?

Freagra: Cluiche.

Múinteoir: Is ea. Ceist eile.
Is féidir leat dul ann, is cathair é agus tosaíonn sé le 'c'. Cad é?

Freagra: Corcaigh.

Múinteoir: Go maith. Anois bíonn ceann acu seo sa bhaile ag a lán daoine.
Tosaíonn sé le 'r' agus is féidir leat cluichí a imirt air. Cad é?

Freagra: Ríomhaire.

Múinteoir: Go maith.

- agallamh gearr 4 nó 6 líne

Athraigh an t-agallamh ar leathanach 69.

an bheannacht

Dia duit!

an duine

Seán, Daid, mo dheartháir

an áit

go Gaillimh, go Tuaim

an t-am

Déardaoin, anocht

an tseachtain seo chugainn

rud le ceannach

mirlíní, liathróid

dlúthcheirnín

Ionchur teanga nua

Má úsáideann an múinteoir téip éisteachta nó fiseán ullmhaíonn sé/sí an sainfhoclóir agus eiseamláirí na bhfeidhmeanna teanga roimh é a sheinm. Sula n-éistear leis an téip cuireann an múinteoir ceist chun fócas a thabhairt do na páistí. Seinneann an múinteoir an téip faoi dhó nó faoi thrí agus cuireann sé/sí ceist dhifriúil nó dhó roimh gach tréimhse éisteachta.

- (a) *Éist agus abair liom cé mhéad duine atá ag caint.*
- (b) *Éist arís agus abair conas atá Brian.*
- (c) *Éist arís agus abair liom cá bhfuil Áine ag dul.*
- (d) *Éist arís agus abair liom an bhfuil airgead aici.*

Cleachtadh

Athchruthaíonn an múinteoir an comhrá le cabhair na bpáistí.

Cad a dúirt Áine ar dtús?

Cad a dúirt Brian ansin?

Tugann an múinteoir leideanna nó tús na bhfocal do na páistí mura mbíonn siad in ann cuimhneamh ar an agallamh mar a bhí sé. Má thugann na páistí abairtí a bhfuil brí leo agus atá intuigthe is féidir leis an múinteoir glacadh leo.

Athchruthú

Ansin athchruthaíonn dhá thaobh an ranga an t-agallamh le cabhair an mhúinteora. Déanann beirt ar dtús é, duine ó dhá thaobh an ranga (beirteanna oscailte).

Ina dhiaidh sin cleachtann beirteanna in aice lena chéile an t-agallamh ag an am céanna (beirteanna dúnta).

Leathnú a dhéanamh ar an agallamh

Is féidir an duine, an bheannacht, an áit, an t-am agus an rud atá le ceannach a athrú chun leathnú a dhéanamh ar an agallamh ar leathanach 69. Is iad sin coincheapa an agallaimh agus is féidir eiseamláirí na bhfeidhmeanna teanga a athrú freisin. Druil atá sa mhéid seo i ndáiríre agus tabharfaidh sí cleachtadh breise do na páistí, ach ní bheidh sí tuisiúil agus amanna ní aithneoidh na páistí gurb é an t-agallamh bunúsach céanna é. Is féidir é a dhéanamh ó bhéal leis na meánranganna, ach má tá na páistí in ann is féidir leidchártaí a úsáid chun éagsúlacht a thabhairt dóibh.

Is féidir cártaí mar atá ar leathanach 71 a úsáid chun leideanna a thabhairt don pháiste atá in ann léamh. Le cabhair na leidchártaí seo tugann an múinteoir agallamh difriúil do na páistí, mar ní bheidh le hathrú ach focal anseo is ansiúd. Nuair a bhíonn an t-agallamh go léir ar aon chárta amháin ní bhíonn aon bhearna san eolas, mar feiceann an bheirt chainteoirí an teanga go léir. Le dhá chárta bíonn rogha bheag ag na páistí má athraíonn siad na focail atá sa chló trom, agus tá cuma na cumarsáide ar an gcaint.

Cárta A

Áine: **Haló!** Conas atá tú?

Áine: _____

Áine: Ar chuala tú? Beidh **mé** ag dul go **Dún Dealgan** amárach.

Áine: _____

Áine: Níl mo dhóthain airgid agam.

Cárta B

Brian: _____

Brian: **Dia duit!** Go breá, agus tú féin?

Brian: _____

Brian: Faigh **dlúthcheirnín nua!**

Brian: _____

Brian: Slán leat!

Leidchártaí a thugann saoirse áirithe cainte

Sna hardranganna fiú is féidir agallamh a dhéanamh faoi threoir. Bíonn gá le leidchártaí le heiseamláirí den teanga orthu mar atá thuas ar dtús, go háirithe i scoileanna T2. Is féidir iad a úsáid mar ullmhúchán d'úsáid an dá chárta thíos.

Tá an dá chárta thíos níos deacra agus tá na páistí fós faoi threoir ag leideanna an mhúinteora. Mar sin féin bíonn saoirse cainte acu mar ní fheiceann siad cártaí a chéile. Tá an t-agallamh ag dul i dtreo na fíorchumarsáide agus tá sé le húsáid sna scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta agus sna hardranganna i scoileanna T2 b'fhéidir.

Amárach an Satharn. Tá comhrá ar siúl idir bheirt pháistí faoi cad a bheidh ar siúl acu.

Cárta A

1. Beannaigh do B!

2. _____

3. Abair cad a bheidh ar siúl agat amárach.

4. _____

5. Abair nach bhfuil do dhóthain airgid agat.

Amárach an Satharn. Tá comhrá ar siúl idir bheirt pháistí faoi cad a bheidh ar siúl acu.

Cárta B

1. _____

2. Freagair do bheannacht A.

3. _____

4. Iarr ar A rud éigin a cheannach.

5. _____

6. Abair cá bhfuil tusa ag dul, agus fág slán ag A.

Gníomhaíochtaí iarchumarsáide

Leanann tréimhse anailíse an cleachtadh agus na gníomhaíochtaí sin go léir. Pléann na páistí na rólanna a d'imir siad agus malartaíonn siad iad uaireanta. Is féidir leis an múinteoir frásaí a bhí ag teastáil agus a bheidh úsáideach a athrá agus a chleachtadh arís. Ansin is féidir gníomhaíochtaí a bhunú ar thabhairt faoi deara na bpáistí. Tugann an múinteoir an téacs don rang agus cuireann na páistí líne faoi *beidh* (-fidh i gceacht eile) agus *amárach* agus b'fhéidir go bhfeicfidh siad an ceangal idir amárach agus foirceann an bhriathair. Tabharfaidh páistí as Cúige Uladh faoi deara nach *Cad é mar atá tú?* atá i gCúige Mumhan.

Braitheann an cleachtadh agus an dul siar ar na laigí a chuala an múinteoir agus é/í ag éisteacht i rith chleachtadh an agallaimh.

Imirt i rólanna

Tá tábhacht faoi leith ag baint leis an dá fhocal 'ról' agus 'imirt' anseo. Nuair a ghlacann an páiste ról air/uirthi féin lena c(h)airde sa bhaile nó nuair a thugtar ról dó/di ar scoil is ag súgradh nó ag imirt a bhíonn sé/sí go bunúsach. Ar scoil tugtar ról don pháiste agus gníomhaíonn sé mar é/í féin nó mar dhuine eile sa suíomh drámatúil a chumann an múinteoir. Soláthraíonn an ról agus an suíomh deis don pháiste triail a bhaint as a c(h)uid Gaeilge. Samhlaítear dó/di go bhfuil comhthéacs an tsuímh sábháilte agus nach bhfuil aon duine chun gearán faoi na hearraidí

teanga a dhéanfaidh sé/sí. Ar aon nós má tá sé/sí i ról ní hé/í féin atá ag caint ach an phearsa a tugadh dó/di! Mar sin cabhraíonn an imirt i rólanna le páiste atá cúthail nó amhrasach faoina c(h)umas Gaeilge, agus is minic a labhraíonn sé/sí go fonnmhar i ról.

Tosú le gníomhaíochtaí cumarsáide mar mhalairt

Dá mbeadh caighdeán an ranga sách ard b'fhearr an ceacht a thosú le treoracha don imirt i rólanna agus an ról agus an suíomh a thabhairt don pháiste. Sna hardranganna socraíonn an múinteoir ar shuíomh don imirt i rólanna agus insíonn sé/sí an t-eolas atá riachtanach do gach duine. Feiceann an páiste ról samplach idir an múinteoir agus páiste eile ar dtús, go háirithe i scoileanna T2.

Is fiú leanúint ar aghaidh leis an imirt ar feadh deich nóiméad nó mar sin agus ansin í a stopadh agus plé a dhéanamh leis an rang faoi na deacrachtaí teanga a bhí acu agus faoin bhfoclóir agus na frásaí a bhí in easnamh orthu.

Buntáistí an chur chuige seo

Bíonn saoirse cainte ag na páistí san imirt i rólanna, is é sin nuair nach mbíonn a fhios ag páiste amháin cad a déarfadh an páiste eile sa ról. Bíonn freagra B ag brath ar cheist A agus mar sin ar aghaidh. Tugtar saoirse don pháiste chun go mbeidh an t-idirghníomhú fíorchumarsáideach. Fágtar an oiread saoirse agus is féidir ag an bpáiste i ngach rang. Cuireann an

- bearna san eolas
- saoirse cainte
- spraoi

páiste ceisteanna chomh maith le freagraí a thabhairt. Úsáideann sé/sí an chéad phearsa agus an dara pearsa den bhriathar. Bíonn tábhacht le gnéithe mar thuin na cainte, béim, na súile, an aghaidh agus geáitsí chun cabhrú le brí na cainte a chur in iúl.

Cluichí teanga

Tá tábhacht ar leith ag baint le cluichí teanga freisin chun cleachtadh a thabhairt do na páistí ar úsáid na teanga. Bíonn trí ghné ag teastáil chun ‘cluiche’ a thabhairt ar ghníomhaíocht:

- spraoi
- sprioc le baint amach
- rialacha le coinneáil.

Samhlaítear cluichí le spórt agus le spraoi agus tugann siad seans do na páistí an teanga a labhairt agus éisteacht léi, nó í a léamh nó a scríobh de réir aidhmeanna an chluiche. Tá cluichí ann ina gcomhoibríonn na páistí i bhfoirne le chéile agus cluichí ina mbíonn siad in iomaíocht lena chéile. Úsáidtear eagar difriúil—foirne, grúpaí beaga nó beirteanna—agus cineálacha difriúla cluichí chun suim na bpáistí a

spreagadh agus a choinneáil. Is féidir na snáitheanna a chomhtháthú go héasca. Éistean na páistí le chéile in obair bheirte agus is minic a bhíonn leidchárta le léamh agus nóta le scríobh i gcluiche teanga. Is iad na cineálacha is coitianta a úsáidtear i múineadh teanga ná

- cluichí struchtúrtha
- cluichí cumarsáide.

Cluichí struchtúrtha samplacha

Is féidir na cluichí teanga seo a imirt ag gach leibhéal má oireann. Is féidir iad a imirt ar a son féin nó chun cur le ceacht comhrá mar dhruil. Tá éagsúlacht ag baint le cluiche teanga, cé go bhfuil athrá sa struchtúr nó san abairt shamplach. Go minic ní thugann na páistí faoi deara go bhfuil athrá i gceist, mar go bhfuil siad ag imirt cluiche agus go bhfuil suim acu ann. Tá samplaí thíos ina gcleachtar aithint na n-ainmfhocal, aimsirí na mbriathra, na réamhfhocail, aidiachtaí, suíomh agus mar sin de.

1. Cluiche Kim

Naíonáin

Cuireann an múinteoir rudaí amach in áit a bhfeiceann na páistí iad. Féachann na páistí orthu agus ansin dúnann siad a súile. Tógann an múinteoir amach rud nó dhó. Osclaíonn na páistí a súile agus déanann siad iarracht cuimhneamh ar cad a tógadh amach.

Eagar: an múinteoir nó páiste agus an rang

Scileanna teanga:	éisteacht agus labhairt
Feidhmeanna teanga:	rudaí a aithint agus a ainmniú
Foclóir:	bréagáin gnáthrudaí sa seomra ranga
Eiseamláirí:	<i>Cad a thóg mé amach?</i>
Freagra gairid:	<i>Teidí cupán, leoraí mála, úll, bainne, cailc, leabhar, bosca lóin, liathróid.</i>

2. Cluiche cuimhne

Naíonáin/ranganna 1 agus 2

Cuireann an múinteoir rudaí aithnidiúla ar an mbinse. Tugtar nóiméad do na páistí le breathnú orthu. Clúdaítear ansin iad. Liostaíonn na páistí na rudaí a chonaic siad: leoraí, bábóg, carr, teidí.

Eagar: an múinteoir nó páiste agus an rang

Scileanna teanga:	éisteacht agus labhairt
Feidhmeanna teanga:	rudaí a aithint agus a ainmniú ceist agus freagra
Foclóir:	bréagáin agus gnáthrudaí sa seomra ranga
Eiseamláirí:	<i>Cad a chonaic tú?</i>
1.	<i>Carr. Bábóg.</i>
2.	<i>Cad a chonaic tú ar an mbord? Chonaic mé cóipleabhar. Agus chonaic mise liathróid.</i>
Leibhéal níos deacra:	<i>Cá raibh na rudaí go léir? Bhí carr agus leoraí ar an mbord. Bhí an peann ar an leabhar. Bhí an chailc ar an nglantóir.</i>

3. Leathnú ar chluiche Kim

Ranganna éagsúla

Cuireann an múinteoir rudaí aithnidiúla in áit a bhfeiceann na páistí iad. Dúnann na páistí a súile. Athraíonn an múinteoir na rudaí thart. Osclaíonn na páistí a súile agus déanann siad iarracht cuimhneamh cá raibh na rudaí roimhe sin.

Eagar: an múinteoir nó páiste agus an rang

Scileanna teanga:

éisteacht agus labhairt

Feidhmeanna teanga:

rudaí a aithint agus a ainmniú
ceist agus freagra

Foclóir:

bréagáin agus gnáthrudaí sa seomra ranga

Eiseamláirí:

Cad a thóg mé amach?

1.

An spúnóg.

An cupán.

2.

Cad a rinne mé?

Thóg tú amach an cóipleabhar.

3.

Cad a tharla?

Bhí leabhar ar an tseilf ach anois tá sé ar an bhfuinneog.

Bhí spúnóg sa chupán ach anois tá sí ar an bpláta.

4. Cad atá sa mhála?

Naíonáin/ranganna 1 agus 2

Tá na páistí ag iarraidh a thomhas cad atá sa mhála trí na rudaí atá ann a láimhseáil. Is féidir cluiche a dhéanamh as an ngníomhaíocht seo trí iomaíocht a chur ar bun idir fhoirne nó idir ghrúpaí.

Eagar: grúpaí agus páiste amháin nó an rang go léir agus páiste amháin

Scileanna teanga:

éisteacht agus labhairt

Scileanna eile:

cruth agus ábhar a aithint

Feidhmeanna teanga:

Rudaí a aithint agus a ainmniú

Foclóir:

bia agus na gnáthrudaí a bhíonn ag páistí scoile;
an bosca lóin, leabhar, peann, banana, úll, oráiste, cáis,
brioscáin, buidéal bainne
mór, beag, fada, gearr, bog, crua

Eiseamláirí:

An bhfuil ... i do mhála?

An bhfuil ... sa mhála?

Tá. Níl.

5. Mím

Ranganna éagsúla

1. Tugann an múinteoir leid don pháiste faoi mhím a dhéanfaidh sé/sí.
Bíonn na páistí eile ag tomhas cén ghníomhaíocht atá ar siúl ag an bpáiste.
nó
2. Tugann an múinteoir cárta le pictiúr de ghníomhaíocht do pháiste amháin agus deir sé/sí:
Déan é seo.
Féachann an páiste ar an bpictiúr agus déanann sé/sí mím. Bíonn na páistí eile ag tomhas.
nó
3. Tugann an múinteoir cárta le treoir air do pháiste amháin agus deir sé/sí:
Léigh an cárta agus déan é seo.
Léann sé/sí an cárta, déanann sé/sí an gníomh agus bíonn an rang ag tomhas.

Scileanna teanga:

Feidhmeanna teanga:

Foclóir:

Eiseamláirí:

1.

2.

3.

éisteacht agus labhairt nó léamh agus labhairt

ceisteanna agus freagraí

na gnáthbhriathra

Tá tú ag ithe.

Tá tú ag rith.

Tá tú ag léim.

Tá mé. Níl mé.

An bhfuil tú ag ól?

An bhfuil tú ag damhsa?

An bhfuil tú ag ní do lámh?

An bhfuil tú ag triomú do lámh?

Tá. Níl.

An ag cócaireacht atá tú?

An ag iarnáil atá tú?

Is ea. Ní hea.

6. Cad a rinne tú?

Ranganna 3 agus 4

Téann páiste taobh thiar den bhord nó isteach sa leithreas. Athraíonn sé/sí a c(h)uid éadaigh beagán. Tagann sé/sí ar ais arís agus bíonn na páistí ag tomhas cad a rinne sé/sí.

Eagar: páiste (le leideanna ón múinteoir) agus an rang

Scileanna teanga:

éisteacht agus labhairt

Feidhmeanna teanga:

rudaí a aithint agus a ainmniú

ceist agus freagra

Foclóir:

éadaí

Eiseamláirí:

Cad a rinne mé?

1.

Bhain tú díot do gheansaí/do bhróg chlé.

Chuir tú ort do chóta.

D'oscail tú do bhróg dheas/do charbhat.

2.

Ar oscail tú do bhróg chlé?

Ar bhain tú díot do chóta?

Ar athraigh tú do chuid gruaige?

Freagra gairid:

Bhain.

Chuir.

D'oscail.

D'athraigh.

7. Cá bhfuil sé?

Ranganna 3 agus 4

Míníonn an múinteoir an cluiche agus cuireann sé/sí rud éigin i bhfolach. Cuireann na páistí ceisteanna ar an múinteoir le fáil amach cár chuir sé/sí é. An páiste a fhaigheann an freagra ceart bíonn sé/sí sa suíochán te ansin, agus cuireann na páistí ceisteanna air/uirthi.

Eagar: an múinteoir nó páiste agus an rang

Scileanna teanga:	éisteacht agus labhairt
Feidhmeanna teanga:	ceist a chur faoi shuíomh freagra a thabhairt
Foclóir:	troscán an tseomra ranga; seilf, bord, cófra, doirteal, fuinneog, doras, cathaoir, pictiúr, póstaer, bosca bruscair, glantóir, bosca lóin, cailc, leabhar, cupán, peann, buidéal
Eiseamláirí:	<i>An bhfuil sé sa bhosca?</i>
1.	<i>An bhfuil sé sa mhála?</i>
	<i>An bhfuil sé sa doirteal?</i>
2.	<i>An bhfuil sí (focal baininscneach) ar an tseilf?</i>
	<i>... ar an mbord, ar an gcathaoir, ar an urlár ...?</i>
3.	<i>An bhfuil sé idir na cathaoireacha?</i>
4.	<i>An bhfuil sé thuas ag barr an tseomra?</i>
	<i>Tá. Níl.</i>

Dúshlán breise

Is féidir an cluiche ‘Cá bhfuil sé?’ nó aon chluiche a athrú agus a dhéanamh níos deacra do rang áirithe. Mar shampla, d’fhéadfadh an múinteoir na réamhfhocail a mhúineadh agus na rialacha a ghabhann leo agus ansin an cluiche a úsáid chun iad a chleachtadh. Is féidir leibhéil níos airde a lorg sna ceisteanna agus sna freagraí freisin má tá an rang in ann chuige.

Na páistí ag tomhas:

Déarfainn go bhfuil sé sa chófra. An bhfuil?

Is dóigh liom gur chuir tú sa bhosca é. Ar chuir?

Anailís ar an teanga

séimhiú tar éis

ar, faoi, do, de

agus gan aon athrú i ndiaidh:

le, ag, as.

8. Cá bhfuil tú?

Ranganna 5 agus 6

Ligeann an múinteoir air/uirthi go bhfuil sé/sí imithe in áit éigin. Bíonn an rang ag tomhas cá bhfuil sé/sí imithe.

Ansin is féidir le páiste éigin teacht aníos go barr an tseomra. Tugann an múinteoir leid dó/di ó bhéal nó scríofa ar chárta. Bíonn na páistí eile ag tomhas.

Scileanna teanga:	éisteacht agus labhairt nó léamh agus labhairt
Feidhmeanna teanga:	ceist a chur faoi shuíomh agus faoi áit freagra a thabhairt
Foclóir:	ainmneacha na dtíortha coitianta sa nuacht áiteanna éagsúla inar féidir le daoine a bheith, mar shampla ag an siopa
Eiseamláirí:	<i>An bhfuil tú ar an trá?</i>
1.	<i>An bhfuil tú sa bhaile?</i> <i>An bhfuil tú sa phictiúrlann?</i> <i>Tá./Níl.</i>
2.	<i>An bhfuil tú in Éirinn?</i> <i>An bhfuil tú i Meiriceá?</i> <i>An bhfuil tú san Iodáil?</i>
3.	<i>An bhfuil tú ar muir nó ar tír?</i> <i>An bhfuil tú ar saoire nó ag obair?</i>

9. Cé leis é?

Ranganna 5 agus 6

Cuireann an múinteoir nó páistí éagsúla ceist agus iad ag taispeáint rud éigin nó pictiúr don rang.

Is féidir rudaí nó éadaí le pop-ghrúpa nó foireann sacair nó peile a úsáid. Tomhaiseann an rang cé leis é.

Scileanna teanga:	éisteacht agus labhairt
Feidhmeanna teanga:	ceist agus freagra rudaí éagsúla a aithint agus a ainmniú
Foclóir:	éadaí, dathanna, rudaí éagsúla
Eiseamláirí:	<i>Cé leis é?</i> <i>Is le Máire é. Is léi é.</i> <i>Is liomsa é.</i> <i>Is le Man United é. Is leo é.</i>

10. Cá bhfuil tú ag dul?

Ranganna 5 agus 6

Bíonn páiste nó an múinteoir ag ligean air/uirthi go bhfuil sé ag dul in áit éigin. Bíonn an rang ag tomhas.

Scileanna teanga:	éisteacht agus labhairt
Feidhmeanna teanga:	ceisteanna agus freagraí
Foclóir:	áiteanna éagsúla bia, éadaí, uirlisí ceoil, ticéad
Eiseamláirí in úsáid sa chluiche:	A. <i>Cá bhfuil tú ag dul?</i> B. <i>Go dtí an siopa.</i> A. <i>Cén fáth?</i> B. <i>Tomhais.</i>
(an t-ainm briathartha á chleachtadh)	A. <i>Chun úll a cheannach.</i> B. <i>Ní hea. Tomhais arís.</i> A. <i>Chun seacláid a cheannach.</i>

11. Cluiche Bingo

Ranganna éagsúla

Bíonn greille folamh ag gach páiste.

Glaotar amach na huimhreacha 1 – 10.

Líonann gach duine a cúig nó a sé d'uimhreacha isteach sa ghreille, a rogha féin as deich gcinn.

Ansin imrítear an cluiche mar is gnách.

Coinnítear luas tapa go leor faoin gcluiche chun na páistí a choinneáil ag éisteacht.

Cuireann na páistí líne tríd an uimhir nuair a ghlaotar í.

Scileanna teanga:	éisteacht agus aithint
Feidhmeanna teanga:	aithint
Foclóir:	uimhreacha
Eiseamláirí:	<i>Fuair mé líne.</i> <i>Tá mé críochnaithe.</i>

12. Cluiche *Bingo*

Ranganna éagsúla

Bíonn greille folamh ag gach páiste. Scríobhann an múinteoir fiche focal as an gceacht reatha ar an gclár dubh. Líonann gach duine a cúig nó a sé d'fhocail isteach sa ghreille, a rogha féin.

Ansin imrítear an cluiche mar is gnách. Coinnítear luas tapa go leor faoin gcluiche chun na páistí a choinneáil ag éisteacht. Cuireann na páistí líne tríd an bhfocal nuair a ghlaotar é.

Scileanna teanga:	éisteacht agus aithint
Feidhmeanna teanga:	aithint
Foclóir:	foclóir an cheachta reatha
Eiseamláirí:	<i>Fuair mé líne.</i> <i>Tá mé críochnaithe.</i>

Dúshlán breise

Is féidir aimsirí na mbriathra a chleachtadh le *bingo* freisin. Bíonn cárta difriúil ag gach páiste leis na briathra san aimsir fháistineach sa ghreille. Glaonn an múinteoir amach fréamh an bhriathair, mar shampla 'faigh' agus clúdaíonn an páiste 'gheobhaidh'. Glaotar 'bí' agus clúdaítear 'beidh'. Is féidir an aimsir chaite de na briathra a chur ar na cártaí agus na cártaí céanna leis na fréamhacha orthu a úsáid. Glaotar 'faigh' agus clúdaítear 'fuair'.

Dul siar agus deimhniú: Glaonn an buaiteoir amach na briathra san aimsir fháistineach agus an fhréamh freisin. Bíonn an rang ag éisteacht agus ag deimhniú in éineacht leis an múinteoir.

Cluichí struchtúrtha agus an chumarsáid

Mar a fheictear, tá na cluichí seo an-struchtúrtha ach is féidir leis na páistí a lán Gaeilge a chleachtadh agus an-spraoi a bheith acu ag an am céanna. Ní fíorchumarsáid atá ar siúl mar go bhfuil an teanga socraithe roimh ré ag an múinteoir ach mar sin féin tá na páistí ag roinnt agus ag tabhairt eolais trí na ceisteanna a chuireann siad agus trí na freagraí a fhaigheann siad.

13. Fiche ceist

Ranganna 5 agus 6

Smaoiníonn an múinteoir ar rud éigin. Cuireann na páistí ceisteanna chun an rud sin a thomhas, ceisteanna an-simplí ar dtús. Tá cead ag na páistí fiche ceist a chur. Mura dtomhaiseann siad an rud ceart bíonn an bua ag an múinteoir. Bíonn ar na páistí éisteacht lena chéile nó beidh siad ag cur na ceiste céanna agus caillfidh siad seans. Grádaíonn an múinteoir na ceisteanna.

Eagar: an múinteoir nó páiste agus an rang
agus duine amháin ag coimeád an scóir

Scileanna teanga:	éisteacht agus labhairt
Feidhmeanna teanga:	ceisteanna agus freagraí tomhas
Foclóir:	rudaí atá i bhfoclóir reatha na bpáistí i mBéarla nó i nGaeilge
Eiseamláirí:	<i>An bhfuil sé sa seomra seo?</i>
1.	<i>An bhfuil sé sa scoil seo?</i>
	<i>An bhfuil sé sa bhaile mór seo?</i>
	<i>An bhfuil sé mór?</i>
	<i>An bhfuil sé beag/fada/gearr/bog/crua?</i>
	<i>Tá. Níl.</i>
2.	<i>An féidir é a ithe?</i>
	<i>An féidir é a ól?</i>
	<i>An féidir é a fheiceáil?</i>
	<i>An féidir é a bhriseadh?</i>
	<i>An féidir é a léamh?</i>
	<i>(a stróiceadh, a ghearradh, a ghlanadh, a líonadh)</i>
	<i>Is féidir. Ní féidir.</i>
3.	<i>An féidir suí air?</i>
	<i>An féidir seasamh air?</i>
	<i>An féidir scríobh air?</i>
	<i>An féidir luí air?</i>
4.	<i>An féidir ól as?</i>
	<i>An féidir rudaí a chur isteach ann?</i>

Na céimeanna chun cluichí cumarsáide a imirt

- Míníonn an múinteoir aidhm agus rialacha an chluiche, mar shampla na difríochtaí idir dhá phictiúr a aimsiú.
- Imrítear cluiche samplach idir an múinteoir agus páiste amháin.
- Socraítear beirteanna agus tugtar A agus B orthu.
- Deimhnítear go bhfuil a fhios acu cé hiad féin.
Lámha suas A! Lámha suas B!
- Deimhnítear go bhfuil a fhios acu cad atá le déanamh.
Cad atá le déanamh agat, a Sheáin?
- Tugtar amach na cártaí. Ní fheiceann siad cártaí a chéile.
- Socraítear teorainn ama.
Anois tá cúig nóiméad agaibh chun trí dhifríocht an duine a aimsiú.
- Deimhniú más gá.

Cluichí cumarsáide

Bíonn an cluiche socraithe ag an múinteoir i dtreo is go mbeidh fíorchumarsáid ar siúl idir na rannpháirtithe. Is é an rud is lárnaí ná an bhearna eolais. Bíonn eolas ag A nach bhfuil ag B, agus caithfidh B ceist a chur ar A chun an t-eolas sin a fháil. Bíonn orthu an t-eolas atá ag an mbeirt acu a roinnt nó a mhalartú uaireanta chun an bhearna san eolas a líonadh freisin. Ullmhaítear leidchártaí chun go mbeidh eolas difriúil ag na páistí, agus tá sé tábhachtach nach bhfeicfeadh na páistí cártaí ná pictiúir a chéile.

Caithfear na cluichí seo a imirt i mbeirteanna nó i ngrúpaí, agus is fearr a fheileann an t-eagar seo do chumarsáid i measc na bpáistí.

Faigheann na páistí i bhfad níos mó ama chun an Ghaeilge a labhairt ná mar a gheobhaidís in eagar ranga agus le slua-aithris.

Níl mórán difríochtaí idir cluichí cumarsáide agus tascanna nó gníomhaíochtaí. Sa tasc nó sa ghníomhaíocht bíonn súil le toradh éigin agus bíonn rud éigin le déanamh: eolas le fáil amach nó pictiúr le tarraingt nó le forlíonadh. Bíonn sprioc le baint amach sna cluichí freisin ach bíonn an bhéim ar an spraoi agus ar an iomaíocht nó ar an gcomhoibriú idir na beirteanna nó idir na grúpaí. Le húsáid leidchártaí agus téipeanna éisteachta beidh na ceithre shnáithe fite fuaite le chéile.



Tarraing an pictiúr

1. Aimsigh na difríochtaí

Ranganna 5 agus 6

Sa chluiche seo bíonn beirt pháistí ag iarraidh na difríochtaí idir dhá phictiúr a aimsiú. Déanann siad é seo trí cheisteanna a chur ar a chéile agus iad a fhreagairt.

Eagar: beirteanna


Scileanna teanga:	éisteacht, labhairt, léamh agus scríobh
Feidhmeanna teanga:	eolas a roinnt agus a mhalartú ceisteanna a chur agus a fhreagairt
Sainfhoclóir:	Ag brath ar na pictiúir
Eiseamláir:	An bhfuil X i do phictiúr? Tá. Níl. Cá bhfuil an X? Ar an taobh deas nó ar an taobh clé? An bhfuil an X idir an buachaill agus an cailín? An bhfuil an doras ar oscailt nó dúnta?


Tréimhse réamhchumarsáide ullmhúchán

Múineann an múinteoir an foclóir, na ceisteanna agus na freagraí a bheidh ag teastáil i gcomhair an chluiche.

Úsáideann sé/sí an modh díreach nó an modh closamhairc le pictiúir.

Cleachtann na páistí na ceisteanna leis an múinteoir agus tar éis cúig nóiméad déag nó mar sin roinneann an múinteoir an rang ina mbeirteanna agus téann siad ar aghaidh chun an chluiche a imirt.





Tréimhse cumarsáide

cumarsáid

- Bíonn dhá phictiúr atá beagnach mar a chéile ag gach beirt. Cuireann páiste A ceist chun difríocht áirithe a aimsiú. Freagraíonn páiste B agus ansin cuireann sé/sí ceist eile.
- Cuireann na páistí tic ar na difríochtaí nó scríobhann siad síos iad. Má dhéantar é sin beidh éisteacht, labhairt agus scríobh comhtháite go nádúrtha sa chluiche.
- Bíonn an múinteoir mar chomhairleoir ag éisteacht agus uaireanta is féidir leis/léi páirt a ghlacadh sa chluiche.

Tréimhse iarchumarsáide

dul siar, anailís

- Cuireann an bheirt pháistí an dá phictiúr síos ar an mbinse agus féachann siad ar na difríochtaí atá eatarthu. Labhraíonn siad fúthu eatarthu féin ar dtús.
- Seasann cúpla beirt suas ansin agus insíonn siad na difríochtaí don rang:

I mo phictiúrsa tá ... ach ina p(h)ictiúrsa tá ...

Bhuel, i bpictiúr 1 tá dhá fhuinneog ach i bpictiúr 2 níl ach fuinneog amháin.

- Is féidir béim a chur ar ghnéithe áirithe gramadaí, cé gur cluiche cumarsáide é: mar shampla na réamhfhocail (suíomh), comhaireamh daoine agus rudaí agus an foclóir i gcomhair topaicí áirithe.
- Ag deireadh an chluiche is féidir féachaint siar ar na laigí cumarsáide is mó a chuala an múinteoir agus iad a cheartú le cleachtadh arís.

Tascanna

Is é is ciall le tasc ná gníomhaíocht éigin a choinníonn an páiste gafa go pearsanta le fadhb bheag, nó gníomhaíocht éigin a bhfuil cuspóir cinnte aici. Tá cur síos sa churaclam ar thascanna, ar ghníomhaíochtaí agus ar chluichí teanga. Bíonn gnéithe na fíorchumarsáide le sonrú ar an tasc: bearna eolais, malartú eolais idir na hidirghníomhaithe. Bíonn na

Tasc:

- fadhb le réiteach
- rud le déanamh
- eolas le haimsíú

hidirghníomhaíochtaí ar siúl idir bheirt pháistí nó idir ghrúpa páistí. Mar athrú, faigheann na páistí seans ceisteanna a chur chomh maith le hiad a fhreagairt.

Tá réiteach na faidhbe agus toradh an tasc chomh tábhachtach céanna leis an toradh ó thaobh na teanga de. Bíonn an cur chuige iomlánaíoch. Bíonn na ceithre scil teanga i gceist le gach tasc más féidir, na scileanna ginchumais, labhairt agus scríobh, agus na scileanna gabhchumais, éisteacht agus léamh. Bíonn meascán de dhá cheann nó trí cinn acu i gceist murar féidir na ceithre cinn a éileamh, mar shampla sna bunranganna.

Níl aon mhodh ná teicníocht nua ag teastáil chun tasc a dhéanamh. Is féidir malartú idir na modhanna éagsúla múinte chun an foclóir agus na ceisteanna atá riachtanach don tasc a mhúineadh. Déantar athrá agus

cleachtadh leis an rang ar dtús agus ansin sampla le páiste nó le grúpa amháin. Ansin déanann an múinteoir sampla le beirt oscailte (nach bhfuil in aice lena chéile). Faoi dheireadh nuair atá an múinteoir cinnte go dtuigeann na páistí céard atá le déanamh acu roinneann sé/sí an rang ina mbeirteanna dúnta nó ina ngrúpaí. Deimhnítear go bhfuil a fhios acu cad atá le déanamh acu agus socraítear teorainn ama.

Cad atá le déanamh agat, a Sheáin?

Is féidir na treoracha d'imirt cluiche teanga a leanúint.

1. Cé mhéad?

Ranganna 5 agus 6

Tá dhá phictiúr le cur i gcomparáid lena chéile—dhá phictiúr de chistin le gréithe agus sceanra ar na seilfeanna, sna cófraí agus ar na boird. Bíonn pictiúr amháin ag páiste A agus an ceann eile ag páiste B. Bíonn A agus B ag iarraidh na rudaí atá sna pictiúir atá acu a chomhaireamh agus a chur i gcomparáid, gan féachaint ar phictiúr a chéile. Cuireann A agus B gach dara ceist ar a chéile, A ag cur ceist ar B agus a mhalairt.

Mar shampla:

A: *Cé mhéad plátaí beaga atá i do phictiúr?*

B: *Trí cinn déag. Cé mhéad gloine atá ar na seilfeanna i do phictiúrsa?*

Eagar: beirteanna

Scileanna teanga:	éisteacht, labhairt agus scríobh
Scileanna eile:	comhaireamh agus cur i gcomparáid
Feidhmeanna teanga:	eolas a roinnt ceisteanna a chur agus a fhreagairt
Eiseamláirí:	<i>An bhfuil ... agat?</i> <i>Cé mhéad ... atá agat?</i> <i>Tá. Níl.</i>
Sainfhoclóir:	<i>scian, forc, spúnóg bheag</i>
sceanra:	<i>cupán, fochupán, pláta, plátaí, crúiscín</i>
gréithe:	<i>seilf, ar an tseilf, ar an gcéad seilf</i>
ionad:	<i>ar an tseilf is airde, sa chófra ar clé, sa chófra mór sa chófra beag ar clé.</i>

Tascanna samplacha

Tugtar trí thasc shamplacha anseo agus tá siad le cur i láthair i dtrí thréimhse teagaisc:

- Cé mhéad?
- Críochnaigh an pictiúr.
- Lean an bealach tríd an mbaile mór.


Cé mhéad?

*Tréimhse réamhchumarsáide
gníomhaíocht*

Múintear an sainfhoclóir ar an modh díreach ar dtús. Chun an foclóir nua a dhaingniú agus gan a bheith ag brath ar aithris agus athrá amháin déantar gníomhaíocht, mar shampla cluiche Kim, nó is féidir modh na lánfhreagartha gníomhaí a úsáid chun é a dhearbhu:

Tóg an scian.

Cuir an spúnóg sa chupán.



Chomh maith leis sin is féidir iarraidh ar na páistí pictiúir a tharraingt den sceanra nó de na gréithe lena dtuiscint a thaispeáint. Is féidir eiseamláirí na bhfeidhmeanna teanga a chleachtadh agus a scríobh ar an gclár dubh nó ar luascháartaí, agus beidh na páistí in ann breathnú orthu le linn na cumarsáide.

Is féidir *cupa*, *muigín*, *sásar*, *pláitín* agus *spiúnóg* a úsáid sna ceantair Ghaeltachta ina n-úsáidtear na focail sin.

Tréimhse cumarsáide

an tasc

Tugtar na pictiúir don phríomhthasc do na páistí. Tugtar treoracha chun an tasc a dhéanamh dóibh ansin. Cuireann na páistí na ceistanna agus bíonn siad ag caint faoin tasc, ag iarraidh é a dhéanamh. Má bhíonn cumarsáid ar siúl idir na páistí beidh an múinteoir breá sásta. Bíonn an múinteoir ag éisteacht agus ag déanamh nótaí den teanga a bheidh le ceartú san iarchumarsáid.

Tréimhse iarchumarsáide

Déanann an múinteoir cúram den teanga a bhí lochtach nó lag agus a chuir isteach ar an gcumarsáid nuair a bhí an tasc ar siúl. Mar shampla, tá an dá uimhir *dhá* agus *ceithre* deacair, mar foghlaimíonn na páistí *dó* agus *ceathair* ar dtús. B'fhéidir go dtabharfadh na páistí an úsáid seo faoi deara, ach ní gá míniú gramadúil a thabhairt. Sna hardranganna is féidir *cup + án*, *fo = faoi + cupán*, *plát + a*, *spún + óg* agus mar sin a phlé mar cheacht beag ar fheasacht teanga.



Críochnaigh an pictiúr (lth 90)

2. Críochnaigh an pictiúr

Ranganna 5 agus 6

Dhá phictiúr: pictiúr den chistin leis an troscán inti ag páiste B agus pictiúr den chistin chéanna ach í folamh ag páiste A. Bíonn páiste A ag cur ceisteanna ar B chun a fháil amach cá gcuirfidh sé/sí na baill troscáin chun an pictiúr a iomlánú. Bíonn páiste B ag tabhairt treoracha do A chun na rudaí a tharraingt san imlíne. Bíonn A ag dearbhú le B go bhfuil sé/sí ag tarraingt mar is cóir, ach ní fheiceann sé/sí an pictiúr iomlán.

Bíonn cead ag B féachaint ar an bpictiúr atá á tharraingt ag A agus na treoracha á dtabhairt dó/di.

Eagar an ranga: beirteanna

Scileanna teanga:	éisteacht, labhairt, léamh agus scríobh
Scileanna eile:	tarraingt mar léiriú ar an tuiscint
Feidhmeanna teanga:	ag tabhairt treoracha ag aistriú eolais
Eiseamláirí:	<i>Tarraing ...</i> <i>Cuir ... sa ...</i> <i>Cuir ... in aice ... ar an taobh deas.</i> <i>Cuir ... thuas ag barr/thíos ag bun an phictiúir.</i>
Sainfhoclóir:	<i>cistin, cófra, fuinneog, sorn, seilf, sásan, cupán, fochupán, citeal, forc, scian, scuab, vása, taephota</i>

Críochnaigh an pictiúr

Tréimhse réamhchumarsáide

Múintear an sainfhoclóir agus eiseamláirí na bhfeidhmeanna teanga i bhfoirm ceisteanna agus freagraí sa tréimhse seo. Mínítear aidhm an taisc.

Tréimhse cumarsáide

Tosaíonn na páistí ag cur na gceisteanna agus ag caint lena chéile chun an tasc a dhéanamh. Ní chuireann an múinteoir isteach ar an gcumarsáid idir na páistí.

Tréimhse iarchumarsáide

Feicfidh na páistí gur féidir an teanga chéanna a athchúrsáil agus a úsáid arís. Is féidir í a úsáid arís agus arís i dtascanna agus i gcluichí teanga eile.


3. Lean na treoracha tríd an mbaile mór Ranganna 5 agus 6

Sampla: Inis conas a théann duine ón scoil go dtí an lárionad spóirt.

Bíonn an léarscáil chéanna ag an mbeirt pháistí nó ag gach duine sa ghrúpa. Cuirtear an áit a dtosaítear, mar shampla an scoil, isteach ar dtús ar son na soiléireachta. Bíonn an múinteoir nó páiste A ag glaoch na dtreoracha faoi cén chaoi a dtéann tú ó áit amháin go háit eile. Bíonn páiste B nó an ceathrar páistí eile sa ghrúpa ag tarraingt an bhealaigh ar an léarscáil, ag leanúint na dtreoracha.

Eagar: an rang go léir, grúpaí nó beirteanna

Scileanna teanga:	léamh, labhairt, éisteacht agus scríobh
Scileanna eile:	treoracha a thuiscint agus a leanúint
Feidhmeanna teanga:	ceisteanna a chur agus a fhreagairt eolas a lorg agus a roinnt
Eiseamláirí:	<i>Téigh ar aghaidh díreach. Cas ar clé/dheis. Téigh síos go bun na sráide.</i>
Sainfhoclóir:	<i>an tsráid, an bóthar, an cosán oifig an phoist, an banc an t-óstán, an scoil, na soilse tráchta</i>



Lean na treoracha tríd an mbaile mór

Roinntear an tasc seo ar na gníomhaíochtaí réamhchumarsáide agus cumarsáide mar a rinneadh do na tascanna eile thuas.

Fadhb shamplach ag ardleibhéal

Téama: Ag campáil

Tugann an múinteoir na teoracha seo a leanas ó bhéal:

Tá ceathrar agaibh ag iarraidh dul ag campáil. Caithfidh sibh liosta a scríobh agus teacht ar chomhréiteach faoi na rudaí a thabharfaidh sibh libh.

Roghnaigh na rudaí ón liosta seo a leanas:

siosúr, dréimire, puball, bagún, lampa, scian, sásan, cipíní solais, arán, buidéal fíona, mála codlata, rothar, bainne, im, gual, ríomhaire, bindealán, capall, feadóg, giotár.

1. Obair aonair: Ar dtús roghnaigh trí rud an duine ón liosta agus scríobh síos iad. Abair cén fáth ar thogh tú iad.
2. Obair ghrúpa: Ansin tar le chéile sa ghrúpa agus scríobh liosta nua de dheich rud a bheidh riachtanach chun dul ag campáil (comhréiteach).
3. Cumarsáid: Labhair faoi na rudaí atá roghnaithe agaibh agus abair cén fáth ar roghnaigh sibh iad.

feidhmeanna teanga:

argóint, comhréiteach, mianta a léiriú, a rá cén fáth a bhfuil rud éigin riachtanach.

Fadhbanna

Má bhíonn an páiste ag iarraidh fadhb a réiteach as Gaeilge ní bheidh sé/sí ag smaoineamh ar an teanga ach ar an bhfadhb. Beidh sé/sí níos mó ar a s(h)uaimhneas faoin nGaeilge agus beidh sé/sí dírithe ar an bhfadhb. Caithfidh an teanga a bheith ag leibhéal teanga an pháiste chun go mbeidh sé/sí in ann an fhadhb a fhuascailt i ndáiríre.

Fadhb shamplach: Ag campáil

Tugtar fadhb chomónta do ghrúpa páistí agus léann an grúpa an t-eolas atá ar an gcárta thuas ar dtús.

Seans go mb'fhearr le páistí i scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta tabhairt faoin bhfadhb sin gan ullmhúchán rófhada. Mar sin féin tá scileanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta, éisteachta agus cainte i gceist, agus dá mbeadh an iomarca cabhrach ag teastáil ó pháistí aonair le linn na gníomhaíochta chuirfeadh sé sin isteach ar eagar an ranga. D'fheicfeadh na páistí féin sa chás sin go raibh tréimhse ullmhúcháin ag teastáil uathu.

Dá mbeadh a fhios ag an múinteoir go raibh foclóir agus feidhmeanna teanga áirithe ar eolas ag an rang d'fhéadfadh

sé/sí fadhb a bhunú ar an eolas sin. Is bealach maith é le hathchúrsáil a dhéanamh ar eiseamláirí na bhfeidhmeanna teanga agus ar fhoclóir, tús a chur le ceacht le tasc nó fadhb atá sodhéanta agus soréitithe.

Tomhais mar fhadhbanna

Is féidir tomhas a thabhairt do na páistí agus beidh fadhb le réiteach freisin. Féach ‘Tomhais’ ag deireadh na coda seo.

Gé roimh dhá ghé,
Gé idir dhá ghé,
Gé i ndiaidh dhá ghé,
Cé mhéad gé é sin?

Druileanna

Tá druileanna agus cleachtadh patrún úsáideach chun struchtúir áirithe a dhaingniú ach ní cóir dul thar fóir leo. Níl áit lárnach ag druileanna i gcur chuige cumarsáideach ach tá siad úsáideach sa tréimhse iarchumarsáide. Is fiú an teanga a chleachtadh i gcomhthéacs más féidir nó i gluichí struchtúrtha. Is fearr freisin an cleachtadh a choinneáil simplí agus rialta, mar shampla gan ainmfhocail fhirinsneacha agus bhaininsneacha a mheascadh, ná focail ag tosú le consan a mheascadh le focail ag tosú le guta.

Tá cleachtadh ag múinteoirí cheana ar chineálacha áirithe druileanna agus is iad na cinn is coitianta ná:

- druil mhalartúcháin
- athsholáthar focal
- athrú crutha.

Druil mhalartúcháin

An múinteoir: *Chonaic mé dhá bhád.*
Na páistí: *Chonaic mé dhá bhád.*
An múinteoir: *Bosca ...*
Na páistí: *Chonaic mé dhá bhosca.*
An múinteoir: *Bus ...*
Na páistí: *Chonaic mé dhá bhus.*
An múinteoir: *Fuair mé dhá phunt.*
Pingin ...
Na páistí: *Fuair mé dhá phingin.*
An múinteoir: *Píosa páipéir ...*
Na páistí: *Fuair mé dhá phíosa páipéir.*

Leanann séimhiú *dhá*, agus mar sin ní fiú druileáil a dhéanamh ar fhocail a thosaíonn le l-, n- nó r- mar ní chuirtear séimhiú ar na litreacha sin. Is féidir ainmfhocail a mhalartú le hainmfhocail eile mar atá thuas. Is féidir liosta a ullmhú mar seo a leanas de na focail ar féidir iad a mhalartú:

- ainmfhocail: uatha, iolra, comhaireamh, tuiseal ginideach
- aidiachtaí: uatha, iolra, firinsneach, baininsneach
- briathra: aimsir, modh, uatha, iolra, dearfach, diúltach
- dobhriathra: iad a chumadh ó na haidiachtaí
- forainmneacha réamhfhoclacha a cheangal sa druil leis na forainmneacha pearsanta mé, tú, sé, sí agus i rólanna.

Athsholáthar focal

An múinteoir:	<i>An bhfaca aon duine an cailín sin? Máire ...</i>
Na páistí:	<i>An bhfaca aon duine Máire?</i>
An múinteoir:	<i>Í ...</i>
Na páistí:	<i>An bhfaca aon duine í?</i>
An múinteoir:	<i>An bhfaca aon duine an madra? Bran ...</i>
Na páistí:	<i>An bhfaca aon duine Bran?</i>
An múinteoir:	<i>É ...</i>
Na páistí:	<i>An bhfaca aon duine é?</i>

*Athrú crutha**Aimsirí na mbriathra*

An múinteoir:	<i>D'éirigh mé go moch inné. An tseachtain seo chugainn ...</i>
Na páistí:	<i>Éireoidh mé go moch an tseachtain seo chugainn.</i>
An múinteoir:	<i>D'imigh mé abhaile go luath aréir. Anocht ...</i>
Na páistí:	<i>Imeoidh mé abhaile go luath anocht.</i>
An múinteoir:	<i>Chas mé air an teilifíseán. Anocht.</i>
Na páistí:	<i>Casfaidh ...</i>

Aimsirí agus modh na lánfhreagartha gníomhaí

An múinteoir:	<i>Téigh go dtí an doras.</i>
Na páistí:	<i>Tá go maith.</i>
An múinteoir:	<i>Fan, cad a dhéanfaidh tú?</i>
Na páistí:	<i>Rachaidh mé go dtí an doras.</i>
An múinteoir:	<i>Maith thú! Anois inis dom cad a rinne tú.</i>
Na páistí:	<i>Chuaigh mé go dtí an doras.</i>
An múinteoir:	<i>A Sheáin, inis dom cad a rinne Pól.</i>
Seán:	<i>Chuaigh sé go dtí an doras.</i>

Dearfach agus diúltach

An múinteoir:	<i>An éireoidh tú go moch amárach? (Comhartha cinn ón múinteoir)</i>
Na páistí:	<i>Ní éireoidh. Nó Éireoidh mé.</i>
An múinteoir:	<i>An gcasfaidh tú é sin dom, le do thoil?</i>
Na páistí:	<i>Casfaidh agus fáilte.</i>

Ainmfhocail uathu agus iolra

An múinteoir:	<i>Bhí na páistí ag siúl síos an bóthar. An páiste ...</i>
Na páistí:	<i>Bhí an páiste ag siúl síos an bóthar.</i>

An múinteoir:	<i>Beidh na mná anseo anocht. An bhean ...</i>
Na páistí:	<i>Beidh an bhean anseo anocht.</i>
An múinteoir:	<i>Bíonn na báid ar an bhfarraige sa samhradh. Ceann amháin ...</i>
Na páistí:	<i>Beidh an bád ar an bhfarraige sa samhradh.</i>
An múinteoir:	<i>Bíonn na scoileanna dúnta ar an Domhnach. Ceann amháin ...</i>
Na páistí:	<i>Bíonn an scoil dúnta ar an Domhnach.</i>

Aidiacht fhirinsneach agus bhaininsneach

Bhí an madra mór ag rith.
 beag/dubh/bán/gleoite
 coileán
 cat
 capall
 beag/dubh/bán/gleoite
 Tá fuinneog mhór sa seomra.
 beag/briste/gleoite
 bábóg
 beag/mór/daor/gleoite

Drámaíocht

Is áis an-éifeachtach í an drámaíocht, ar nós cruthú suíomh drámatúla, imirt i rólanna, sceitsí agus seiftiú, agus is féidir í a úsáid i gcur chuige cumarsáideach, go háirithe i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge. Bíonn an Ghaeilge á húsáid go fíorchumarsáideach sna suímh dhrámatúla agus bíonn saoirse cainte ag na páistí taobh istigh den ról nó den suíomh. Is féidir agallaimh faoi threoir, drámaí agus sceitsí don stáitse a úsáid níos minice i scoileanna T2 ach dul i dtreo na fíorchumarsáide agus na saoirse cainte go luath.

Suíomh drámatúil

Tá an múinteoir agus na páistí páirteach sa suíomh cumtha seo a chruthaíonn an múinteoir do na páistí agus níl ag teastáil ar leibhéal amháin ach mím. Ar leibhéal eile is féidir leo a gcuid mothúchán a thaispeáint agus iad a phlé tar éis an phróisis dhrámatúil.

‘Tá an lá go deas, tá gaoth bhog ag séideadh, táimid ag siúl sa choill, agus níl aon fhuaim eile le cloisteáil ach an ghaoth sna crainn. Ó, céard é sin? Tá sé taobh thiar den chrann dara thall ansin. Fia mór atá ann, féach na beanna fada láidre atá air. Tá faitíos air freisin. Ná téigí in aice leis nó scanróidh sibh é. Imeoimid abhaile go ciúin, ar ár mbarraicíní.’

Pearsa agus rólanna

Cabhróidh na cártaí seo a leanas leis an bpáiste pearsa agus ról a fhorbairt chun ceangal a dhéanamh leis an gcuraclam drámaíochta trí Ghaeilge. Feictear gur féidir eiseamláirí do chomhlíonadh na

bhfeidhmeanna teanga a chleachtadh trí na rólanna agus gur fíorchumarsáid a bhíonn ar siúl nuair a bhíonn an páiste gafa go hiomlán lena p(h)earsa agus leis na pearsana eile sa suíomh drámatúil.

1. Ag gearán agus ag gabháil leithscéil

Cárta A

Is duine fásta thú. Tá d'iníon tar éis teacht isteach déanach tar éis na bpictiúr agus tá tú ar buile. Bhí imní ort nuair nár tháinig sí abhaile.

Buaileann tú léi ag an doras.

Tá sé a haon déag san oíche.

Cárta B

Is cailín óg thú. Tá tú aon bhliain déag d'aois. Chuaigh tú chuig na pictiúir agus tá tú ag teacht isteach anois.

Tá do mháthair ar buile leat, ach tá leithscéal maith agat.

2. Ag lorg agus ag tabhairt eolais

Cárta A

Is buachaill óg thú agus tá tú ag lorg an cheirnín is nua ó ghrúpa X. Cuir glao gutháin ar an siopa agus fiafraigh an bhfuil sé acu. Má tá, abair leo é a chur chugat agus cá gcónaíonn tú.

Cárta B

Tá tú ag obair i gCeirníní na Mara. Tá buachaill ar an nguthán. Ba mhaith leis ceirnín éigin a fháil uait ach tá an líne an-lag agus níl tú in ann é a chloisteáil rómhaith.

3. Dul i gcion ar dhuine nó ar dhaoine eile

Cárta A

Tá tú féin agus cúpla cara amuigh ar an tsráid. Tá sibh ag argóint faoi cá rachaidh sibh. Ba mhaith leatsa dul isteach go 'Ollbhorgaire'. Tá tú ag éirí fuar.

Cárta B

Tá tú amuigh ar an tsráid le do chairde. Tá argóint ar siúl faoi cá rachaidh sibh. Ba mhaith leat dul go dtí na pictiúir. Níor mhaith leat dul go 'Ollbhorgaire' mar bhí do dhinnéar agat.

Cárta C

Is cuma leat cá rachaidh tú féin agus do chairde anocht. Tá neart airgid agat agus is féidir leat íoc as duine de do chairde mura bhfuil an t-airgead aige/aici.

Cárta D

Dúirt d'athair leat bheith sa bhaile ag a naoi a chlog. Caithfidh sibh dul go dtí na pictiúir ag a sé mar sin. Is feoilséantóir thú agus ní rachaidh tú isteach in 'Ollbhorgaire'.

- giota gearr 2 nó 3 nóiméad

- Deirdre
- Mír agus Éadaoin
- Fionn agus an Fhiann
- Clann Uisnigh
- Cú Chulainn
- Táin Bó Chuailnge
- Labhraidh Loingseach

Drámaíocht stáitse

Tá buntáistí áirithe ag an gcineál seo léiriúcháin, go háirithe má bhíonn gach duine sa rang páirteach. Ba chóir iarracht a dhéanamh gach páiste a bheith páirteach nó ní bheidh aon rud le déanamh ag na páistí eile fad is atá an cleachtadh don chomórtas nó don choirm cheoil ar siúl. D'fhéadfaí dráma simplí a ullmhú go pointe áirithe agus dráma raidió a léiriú agus na páistí ag léamh na bpáirteanna, agus é a thaifeadadh. D'fhéadfaí an taifeadadh a choimeád i mbailiúchán d'obair an pháiste nó é a sheinm do rang eile nó do na tuismitheoirí.

Scéaldrámaíocht

Is féidir leis na páistí dul isteach i ndomhan na fantaisíochta tríd an scéaldrámaíocht. Insítear na seanscéalta agus na miotais dóibh, agus ní gá go dtuigfidís gach focal. D'fhéadfadh an múinteoir an scéal taifeadta a sheinm sa chúlra, na páistí ag déanamh míme nó ag baint a mbrí féin as de réir mar a chloiseann siad é nó tar éis é a chloisteáil. Chuirfeadh damhsa cruthaitheach go mór leis chun crainn agus bláthanna a chruthú agus glórtha na bpáistí a úsáid chun an ghaoth, an fharraige, na héin, na beacha agus mar sin de a chruthú. D'fhéadfaí puipéid mhóra nó bheaga agus maisc a úsáid. Dhéanfaidh ceol Gaelach comh-aimseartha nó ceol comhaimseartha ar bith an gnó mar thionlacan don mhím.

An curaclam drámaíochta

Tá curaclam faoi leith leagtha amach don drámaíocht agus forbairt déanta ann ar an drámaíocht mar phróiseas. Féach an curaclam sin, áit a dtugtar smaointe do dhéanamh na drámaíochta as Gaeilge sna ranganna éagsúla ar bhealaí difriúla cruthaitheacha.

Físeáin

Tugtar anseo cur chuige samplach d'úsáid físeán mar go bhfuil an oiread sin úsáide ar féidir a bhaint astu. Roghnaigh giota gairid d'fhíseán don cheacht Gaeilge. Is do ghiota gearr dhá nó trí nóiméad na straitéisí seo a leanas. Féachann an múinteoir ar an bhfíseán cúpla uair agus ullmhaíonn sé/sí na ceisteanna réamhfhéachana.

Ceisteanna réamhfhéachana

- Roimh fhéachaint ar an bhfíseán ullmhaigh an t-ábhar, an foclóir agus na frásaí a bheidh ag teastáil agus cuir ceist réamhfhéachana i gcónaí.

Féach ar an bhfíseán agus abair cé mhéad rud atá ar an mbord.

- Déan deimhin de go bhfuil an cheist ar eolas acu.

A Mháire, cad í an cheist?

- Seinn an téip agus ansin stop í agus faigh na freagraí. Pléigh iad.
- Cuir ceisteanna réamhfhéachana eile roimh fhéachaint arís, an t-am seo ag lorg eolas níos deacra.

fócas do na páistí

- ceisteanna réamhfhéachana
- ceisteanna le linn féachana
- ceisteanna iarfhéachana

- Déan deimhin arís. Seinn an téip. Stop agus lorg na freagraí sin. Pléigh.

Ceisteanna le linn féachana

- Tarraing greille chun nach mbeidh le déanamh ach tic a chur sa bhosca nó focal a roghnú. Tá sé deacair féachaint ar fhíseán agus scríobh.

Cuir tic leis an bhfocal ceart
Cén dath atá ar ghruaig Eibhlín?

- ☐ fionn
☐ rua
☐ corcra

Ceisteanna iarfhéachana

Cuirtear ceisteanna iarfhéachana chun daoine agus tarlúintí a thabhairt chun cuimhne agus a mheasúnú.

Céard a tharla tar éis ...?

Cé a dúirt?

Cén dath a bhí ar an ...?

Céard a tharlóidh ansin, meas tú?

Úsáid an chnaipe sosa

- Tabhair ceist do na páistí roimh fhéachaint ar phíosa gearr de scannán nó sraithscéal. Brúigh an cnaipe sosa ag pointe oiriúnach, agus déanadh na páistí an chéad chuid eile den scéal a thomhas.

Meas tú, cad atá á rá acu lena chéile anois?

Meas tú, cad a tharlóidh anois?

Féachaint gan éisteacht

- Inis do na páistí go bhfuil orthu féachaint ar an bhfíseán gan éisteacht leis agus an comhrá a thomhas.
- Seinn giota beag. Stop an téip. Tabhair seans do na páistí labhairt le chéile chun an comhrá a thomhas. Tabhair leideanna dóibh maidir le hord an scéil agus leis an gcineál comhrá a bheadh idir na daoine atá sa scannán.

Cé a tháinig isteach ina dhiaidh sin?

Céard a déarfadh duine agus é/í ag teacht isteach an doras?

- Tar éis an tomhais déan an comhrá a imirt i rólanna.
- Seinn an giota céanna arís, agus an uair seo cuir an fhuaim leis. Éistean na páistí agus cuireann siad an comhrá atá sa scannán i gcomparáid leis an gcomhrá a thomhais siad féin roimhe sin.

Éisteacht gan féachaint

- Clúdaigh an scáileán. Togh scannán le fuaimeanna soiléire so-aitheanta. Abair leis na páistí go bhfuil orthu éisteacht leis an scannán agus an scéal nó an téama a thuar.
- Bíonn orthu dul trí na fuaimeanna a chuala siad agus ansin teideal a chur ar an scannán. Tugtar na frásaí riachtanacha do na páistí.

Chuala mé ... ar dtús, agus ansin chuala mé ...

- féachaint
- tomhas
- imirt i rólanna
- éisteacht
- comparáid

Is é an teideal atá ar an scannán ná ...

- Féachann an rang ar an scannán ansin agus déanann siad comparáid idir an méid a dúirt siad féin níos luaithe agus an scannán féin. Tugann an chomparáid seo fócas an-mhaith do na páistí, agus éistean siad go géar leis an gcomhrá chun an chomparáid a dhéanamh.

Dhá ghrúpa ag an am céanna

- Bíonn grúpa amháin ag féachaint agus ag éisteacht agus an ceann eile ag éisteacht gan féachaint (taobh thiar den teilifiseán).
- Roinntear an rang ina dhá ghrúpa.
- Tugtar treoracha don dá ghrúpa.

A ghrúpa 1, beidh sibhse ag féachaint agus ag éisteacht.

Beidh grúpa 2 ag éisteacht gan féachaint.

Ina dhiaidh sin tagann siad le chéile ina mbeirteanna, duine amháin ón ngrúpa a bhí ag éisteacht agus duine amháin ón ngrúpa a bhí ag féachaint. Beidh an duine a chonaic agus a chuala ag cabhrú leis an duine nach bhfaca ach a chuala an scannán. Pléann siad na fuaimeanna agus an comhrá a chuala siad. Na páistí go léir ag tomhas topaic an scannáin.

Scéalaíocht

Tá tábhacht faoi leith ag baint le scéalta mar ionchur i múineadh agus i bhfoghlaim na Gaeilge. Tá saibhreas teanga agus leaganacha cainte i seanscéalta na Gaeilge, agus níor chóir iad a shimpliú rómhór. Tá bailiúcháin scéalta i gcló sna trí chanúint, agus ba chóir iad a bheith ar fáil i leabharlann na scoile agus an ranga. Tá scéalta faoi shióg, faoi dhaoine fadó, faoi bhéaloideas an cheantair, scéalta idirnáisiúnta agus miotaseolaíochta ann.

Roghnú na scéalta

Na scéalta atá ar eolas cheana

Bíonn taithí ag formhór na bpáistí ar scéalta sa bhaile, agus is breá leo iad a chloisteáil nó a léamh ar scoil freisin. Má bhíonn na scéalta Béarla ar eolas ag na páistí i scoileanna T2 bainfidh siad taitneamh astu i nGaeilge agus foghlaimeoidh siad foclóir agus frásaí úsáideacha uathu. Déanfaidh an múinteoir iarracht an teanga seo a athchúrsáil arís in úsáid na Gaeilge go neamhfhoirmiúil sa rang.

Eachtraí

Go hiondúil bíonn struchtúr scéil a bhfuil tús agus deireadh cinnte leis éasca le cóiriú agus a insint do na páistí. Is minic eachtraí i lár an scéil. Is féidir na heachtraí seo a roghnú de réir mar a fheileann agus a insint idir an tús agus an lár. Tugtar eachtraí éagsúla i leaganacha difriúla de na scéalta céanna. Fágann sin an tsaoirse ag an

- tús an scéil
- eachtraí áirithe
- deireadh an scéil

múinteoir iad a roghnú mar a thograíonn sé/sí.

Mar shampla, sa scéal ‘Tomás na hOrdóige’ bíonn tús agus deireadh cinnte leis ach ina lár tarlaíonn a lán eachtraí do Thomás. I leaganacha eile buaileann sé le fear seó, agus díolann a athair é agus imíonn sé leis an bhfear seó. Téann sé i bhfolach san fhéar tirim nuair a éalaíonn sé ón bhfear seó agus itheann an bhó é. Buaileann sé le gandal crosta i leaganacha eile. Is féidir aon cheann de na heachtraí seo a fhágáil ar lár agus fós beidh an scéal bunúsach ‘Tomás na hOrdóige’ agat. Ní féidir an tús ná an deireadh a fhágáil ar lár, áfach.

An mhaitheas agus an t-olc

Tá sé tábhachtach go bhfágfaí na heachtraí diúltacha agus na drochrudaí a tharlaíonn sna scéalta iontu agus gan iad a shimpliú ná a ghlanadh an iomarca. Mar shampla, i leagan amháin itheann an sionnach an Buachaillín Sinséir. Sa scéal ‘Hansel agus Gretel’ tréigean an t-athair agus an mháthair na páistí sna coillte, agus maraíonn athair Chochaillín Dearg an mac tíre ach tugann sé an tseanmháthair slán. Gheobhaidh na páistí tuiscint ar choincheapa an oilc agus na maitheasa, agus is cuid thábhachtach dá bhforbairt phearsanta í seo.

- Cochaillín Dearg
- Na Trí Mhuc
- Na Trí Bhéar
- Tomás na hOrdóige

Samhlaíocht agus mothúcháin

Is bealach isteach i saol na samhlaíochta agus na mothúchán iad na scéalta. Bíonn caint sna scéalta ar ghrá, ar an bhfuath, ar an olc, ar an maitheas agus mar sin de. Éalaíonn na páistí i bhfad ón ngnáthshaol ar bhrat draíochta na scéalaíochta agus cuireann sé sin lena bpleisiúr.

Scéalta agus forbairt na cumarsáide

Roghnaítear na scéalta ar na fáthanna atá luaite agus go háirithe ar son an phléisiúir. Bíonn an múinteoir ag smaoineamh freisin ar an úsáid is féidir a bhaint as na giotáí comhrá a bhíonn iontu i gcomhthéacs mhúineadh na Gaeilge go cumarsáideach. Insíonn an múinteoir scéal ag tús ceachta mar ionchur b'fhéidir agus ansin tugann sé/sí seans do na páistí an comhrá a bhí ag na pearsana a úsáid i ndráma. Chomh maith leis sin úsáidtear nathanna cainte go neamhfhoirmiúil as na scéalta i rith an lae nuair a fheileann sé.

- Sa rang am ar bith
 - ‘Cé a chabhróidh liom?’
 - ‘Cabhróidh mise leat.’
 - ‘Ní dhéanfaidh mise é,’ arsa an mhuc.
 - ‘Déanfaidh mé féin é,’ arsa an chircín bheag rua.
- Am lóin, nó imirt i rólanna
 - ‘Cé a íosfaidh é seo?’ ‘Íosfaidh mé féin é!’

‘Íosfaidh mise é,’ arsa an mhuc. ‘Ní íosfaidh tú,’ arsa an chircín.

‘Tá sé seo te,’ arsa Cinnín Óir. ‘Tá sé seo an-te—ó, tá sé i bhfad róthe ar fad!’

- Cluiche ‘tag’ sa chlós
‘Beir orm, beir orm más féidir leat!’ arsa an buachaillín sinséir.
- Cluiche tomhais sa rang
Cé mise? nó
Cén scéal ina bhfuil mé?
Cén t-ainm atá orm?
‘An tú an rí?’
‘Ní mé.’
‘Is tusa Rumpelstiltskin!’

Cnuas-scéalta

Scéalta iad seo a bhfuil a lán athrá nádúrtha iontu agus tá siad go maith d’fhoghlaimeoirí na Gaeilge mar dhara teanga. Tógtar an scéal de réir a chéile, agus tá athrá ar an gcuid atá inste cheana féin gach uair a chuirtear píosa nua leis. Féach, mar shampla, ‘An Teach a Thóg Seán’ thíos.

Tá cnuas-scéalta ann ón Rúis aistrithe go Gaeilge agus tá neart scéalta aistrithe ón mBéarla. Tá seanchnuas-scéalta Gaeilge ann freisin ach bheadh an caighdeán ard go leor. Tá siad le fáil sna bailiúcháin bhéaloidis ó na ceantair éagsúla Ghaeltachta.

Cnuas-scéal a insint

Is féidir deilbhíní de na pearsana nó de na hainmhithe a chrochadh ar an mballa ceann i ndiaidh a chéile agus an scéal a thógáil mar sin.

Cnuas-scéal samplach ‘An Teach a Thóg Seán’

Seo é an teach a thóg Seán.

Seo é an mála a bhí sa teach a thóg Seán.

Seo é an rópa a cheangail an mála a bhí sa teach a thóg Seán.


Seo í an luch a d’ith an rópa a cheangail an mála a bhí sa teach a thóg Seán.

Seo é an cat a mharaigh an luch a d’ith an rópa a cheangail an mála a bhí sa teach a thóg Seán.

Seo é an madra a lean an cat a mharaigh an luch a d’ith an rópa a cheangail an mála a bhí sa teach a thóg Seán.

Seo í an bhó a rop an madra a lean an cat a mharaigh an luch a d’ith an rópa a cheangail an mála a bhí sa teach a thóg Seán.

Seo é an fear a bhligh an bhó a rop an madra a lean an cat a mharaigh an luch a d’ith an rópa a cheangail an mála a bhí sa teach a thóg Seán.



Cur chuige samplach don scéalaíocht

Is breá le gach uile pháiste scéal. Tugann scéalaíocht faoiseamh don pháiste ón ngnáthobair ranga agus forbraíonn sí a c(h)uid samhlaíochta agus mothúchán. Chomh maith leis sin foghlaimíonn sé/sí an-chuid Gaeilge mar bíonn athrá sna scéalta féin agus insítear go minic iad. Cuirtear ceisteanna agus tugtar freagraí, agus bíonn fadhbanna le réiteach agus a bhfuascailt le fáil. Is é an rud is tábhachtaí ná go mbainfidh na páistí taitneamh as an scéal.

Tá cúpla treoir ghinearálta faoi eagar an ranga don scéalaíocht atá comónta do gach rang:

- Más féidir is breá leis na páistí a bheith in aice leis an scéalaí. Is fearr

a chloiseann siad tuin na cainte agus a fheiceann siad na pictiúir agus na geáitsí.

- Ba chóir an scéal a insint le hatmaisféar agus le mothú, ag athrú tuin an ghlóir do na pearsana éagsúla.
- Is féidir sainfhoclóir an scéil a ullmhú roimh ré le cabhair luaschártaí agus pictiúr do na páistí i scoileanna T2.
- Is fearr an scéal a insint go leanúnach agus gan cur isteach air le míniú na bhfocal. Is féidir cuid mhaith focal a thuiscint ón gcomhthéacs agus le cabhair na bpictiúr sa leabhar.
- Má thuigeann na páistí an comhthéacs roimh ré is amhlaidh is fearr.

Cnuas-scéalta

- An Tornapa Mór
- An Buachaillín Sinséir
- An Chircín Bheag Rua'
- An Gabhar agus na Meannáin
- An Teach a Thóg Seán.

Scéalaíocht sna bunranganna

- Má ullmhaíonn an múinteoir pictiúir bídís soiléir sofheicthe.
- Má bhíonn go leor pictiúr ann chun an scéal a léiriú is féidir leis na páistí na pictiúir sin a chur in ord cé nach mbeidís in ann an scéal a athinsint.
- Ba dheas fríos balla de na pictiúir a chrochadh.
- Is féidir le cuid de na páistí gléasadh in éadaí simplí ó bhosca drámaíochta chun an scéal a léiriú agus é á insint nó mar dhráma ina dhiaidh (Hansel agus Gretel, Cinnín Óir, Cochaillín Dearg).
- D'fhéadfaí samhail de thithe na dTrí Mhuc, maisc de na hainmhithe is coitianta sna heachtraí agus puipéid láimhe a bheith i seomra ranga na naíonán chun cur le hinsint na scéalta.
- Is féidir le páistí éagsúla mím de scéal a dhéanamh, agus bíonn an rang ag tomhas cén scéal atá i gceist.

Scéalaíocht le cabhair pictiúr sna meánranganna

- Is féidir pictiúir d'eachtraí an scéil a ullmhú, timpeall deich gcinn.
- Is leor tús agus deireadh an scéil agus a trí nó a ceathair d'eachtraí ina lár, agus cúpla abairt le gach pictiúr.
- Insítear an scéal arís agus arís eile, ag baint úsáide as na pictiúir.
- Is féidir leis na páistí na pictiúir a chur in ord chun an scéal a athchruthú agus é a insint nuair a bheidh siad réidh.
- Daingnítear an scéal trí chomparáid a dhéanamh idir insint an pháiste agus insint an mhúinteora.
- Déanann an páiste na pictiúir a mheascadh chun scéal nua a athchruthú. Mar shampla, d'fhéadfadh na hainmhithe sa scéal 'Amhránaithe Bremen' teacht i gcabhair ar na Trí Mhuc sa troid leis an mac tíre.
- Is féidir an scéal a insint agus an téacs á mheaitseáil leis na pictiúir.
- Má bhíonn an múinteoir ag taifeadadh an scéil do na páistí is féidir leis/léi buille beag a dhéanamh ar an micreafón le linn an taifeadta le cur in iúl go bhfuil deireadh leis an leathanach.

Scéalaíocht sna hardranganna

- Anois is arís is féidir le scéalaí teacht isteach sa scoil ag insint scéalta, a scéalta féin nó scéalta béaloidis an cheantair.
- Dá mbeadh na scéalta taifeadta bheadh an páiste nó grúpa páistí in ann an scéal a leanúint le cabhair an téacs.
- Féadfaidh na páistí freagraí difriúla a thabhairt ar an scéal
 - é a athinsint
 - dráma a dhéanamh as
 - comhrá an scéil a úsáid i ndráma
 - na heachtraí a chur in ord
 - ceisteanna cuimhne a fhreagairt
 - na príomhphearsana a thabhairt chun cuimhne
 - pictiúir a tharraingt
 - léirmheas a scríobh
 - pictiúir den scéal a mhaisiú
- D'fhéadfaí comparáid a dhéanamh idir na leaganacha Béarla agus na haistriúcháin Ghaeilge nó na leaganacha ón mbéaloideas atá sa Ghaeilge le fada.

Filíocht

Is cuid an-tábhachtach d'fhorbairt aeistéitiúil agus shamhlaíoch an pháiste í an fhilíocht. Is breá le páistí fuaimneanna, tuin, rithim agus imeartas focal na filíochta. Is breá leo rainn, rímeanna agus amhráin shimplí rithimiúla le curfá éasca. De réir a chéile fásann meas ar dhánta ina bhfuil úsáid teanga fhileata, íomhánna agus samhlaíochta.

Is é an phríomhaidhm atá le múineadh agus foghlaim na filíochta ná go mbainfeadh na páistí pléisiúr agus taitneamh aisti. Is go tánaisteach a fhoghlaimíodh na páistí Gaeilge trí mheán na filíochta. Mar sin féin tosaíonn siad ag smaoineamh ar an

teanga agus ar bhrí na bhfocal agus ar imeartas focal taobh amuigh d'úsáid laethúil na teanga. Chuige sin beidh stór leathan filíochta ag teastáil chun go mbeidh seans ag na páistí freagra a thabhairt ar shlite difriúla a shásaíonn a gcuid samhlaíochta agus mothúchán.

Stór filíochta

Tá stór mór rann, dánta agus amhrán a bhfuil teacht air go héasca i dtraidisiún na Gaeilge. Tá idir fhilíocht na ndaoine agus na bhfilí gairmiúla, rainn sheafóideacha, thréanna, sheanfhocail, thomhais agus rabhlóga sa stór filíochta ar cheart tarraingt air i gcomhair múineadh na Gaeilge sa bhunscoil. Tá na rainn rithimiúla ann don pháiste ar an nglúin, rainn dhíbeartha do chluichí,

Stór filíochta

- rainn
- rímeanna
- dánta faoi ábhair éagsúla
- gníomhamhráin
- amhráin le curfá
- rabhlóga
- tomhais
- tréanna
- seanfhocail

rainn chomhairimh, rainn le
fuaimeanna na n-ainmhithe, rainn faoi
éin, faoi fheithidí agus faoin aimsir ann.
Tá dánta greannmhara ann, dánta
dáiríre faoi mhothúcháin an fhile, agus
cuid acu insíonn siad scéal. Áirítear
amhráin dhiaga, shaothair, ghrá,
stairiúla agus cheol tíre,
gníomhamhráin agus amhráin a insíonn
scéal ar na hamhráin is coitianta. Tá
rithim agus fuaimeanna na Gaeilge le
fáil chomh maith le greann agus seafóid
sna rabhlóga. Cabhraíonn tomhais leis
na páistí smaoineamh as Gaeilge, agus
is scáil iad na tréanna, na seanfhocail
agus paidreacha na ndaoine ar
chreideamh na ndaoine agus ar
shaíocht na hÉireann.

Cur chuige do mhúineadh na filíochta

Is gníomhaíocht éisteachta thar aon rud
eile í éisteacht le filíocht. Is féidir leis
na páistí éisteacht le taifeadadh den
rann nó den dán nó éisteacht le léamh
drámatúil an mhúinteora. Déantar
tionlacan rithimiúil le bualadh bos, le
cnaguirlisí nó le damhsa cruthaitheach.
Tagann na páistí isteach leis an gcurfá
nó le deireadh na líne de réir a chéile,
le cabhair geáitsí nó pictiúr. Má léann
na páistí téacs an dáin (rang 4 go rang
6) is tar éis é a chloisteáil an-mhinic a
dhéantar é. Is ceacht léitheoireachta é
má léitear an dán, agus caithfear an
réamhobair chéanna a dhéanamh is a
dhéanfaí do cheacht léitheoireachta.
B'fhearr do na páistí éisteacht leis an
dán agus é a aithris.

Rann samplach

Naíonáin

Taidhgín Turcaí

Gogal-gogal-gogal,
Gogal-gogal-gog!
Mise Taidhgín Turcaí
Gogal-gogal gog!
Ní labhraímse os íseal,
Ní labhraímse go bog,
Gogal-gogal gogal,
Gogal-gogal gog!

(Gabriel Rosenstock)



Tá an rann seo rithimiúil greannmhar, le fuaimeanna a thaitneodh le páistí.

Baineann na páistí spraoi as an rann agus as rithim na cainte trí aithris.

Bíonn teanga an pháiste ar na fiacra nuair atá an t- tosaigh sna focail ‘Taidhgín’ agus ‘Turcaí’ á rá. Deir an múinteoir leis na páistí barr a dteangacha a thaispeáint dó/di.

Cur chuige samplach

Réamhobair	Súgradh leis na fuaimeanna a dhéanann ainmhithe feirme agus clóis. Deir an bhó mú-mú. Deir an t-asal hí-há. Deir an madra bhuf-bhuf. Deir an cat míáú. Deir an capall ... an chearc ... an turcaí ...
Gníomhaíocht	Taifeadadh d’ainmhithe nó d’éin a sheinm agus na páistí ag tomhas cad iad. An foclóir a thabhairt dóibh de réir mar a theastaíonn sé. Cloisim cearc. Chuala mé cat. Sin í an fhuaim a dhéanann cat.
Réamhcheist	Éist agus abair cén t-ainmhí atá sa rann. Éist agus déan an fhuaim a dhéanann an t-ainmhí sa rann.
Ceist le linn éisteachta	Éist agus tarraing pictiúr den ainmhí atá sa rann. Cuir lipéad air. Labhraítear faoi na pictiúir tar éis éisteachta.
Éisteacht leis an taifeadadh den rann	Seinntear an téip cúpla uair agus na páistí ag teacht isteach de réir a chéile. Seinntear an rann mar aonad agus é á aithris ag an rang go léir. Ansin is féidir le grúpaí agus beirteanna é a aithris. Is fearr fanacht go dtí go mbíonn na páistí réidh chun aithris aonair a dhéanamh.

Dán samplach

Meánranganna agus ardranganna

Dumpysaurus agus an Cearc

Bhuail Dumpysaurus
le circín bheag lá,
'Tá brón orm,' a dúirt sé
'agus seo é an fáth.

Tá ubh agam im' nead,
Ach tá sí uafásach mór
Ní féidir liom suí uirthi
Is tá sí ag éirí fuar.'

Bhuel, fuair an chircín dréimire
Agus chuaigh sí in airde ar an ubh,
Is d'fhan sí thuas ina suí
Gur tháinig an oíche dhubh.

Rinne sí a dícheall
Agus ar deireadh tháinig an t-am.
Bhí pléasc faoina tóinín,
Agus thit sí ar a ceann.

Ansin d'fhéach sí suas
Le bród is le háthas,
Ina sheasamh os a comhair
An chéad Cearcosaurus.
(Seán Ó hEachthigheirn)

Tá an dán seo éadrom seafóideach agus taobh istigh de réimse spéise na bpáistí.
Tá an foclóir éasca. Is féidir na coincheapa a phlé: cearc ar gor, sicín as ubh.

Cluiche roimh éisteacht
'ainmhí aisteach'

Tá a mhuineál cosúil le sioráf agus a chorp cosúil le capall.
Cad é?
Freagra: Siorapall.
Samplaí eile: catarú (cangarú, cat)
bócaí (moncaí, bó)
eilicap (eilifint, capall).

Réamhphlé

Plé faoi na coincheapa atá sa dán roimh éisteacht leis:
ubh agus sicín as ubh
tyrannosaurus rex, dinosaur

Réamhcheist

Cén saghas páiste a bheadh ag cearc agus ag dinosaur le chéile?
Freagra: Cearcosaurus.

Gníomhaíocht

Na páistí ag tarraingt pictiúir den cearcosaurus ó threoracha an mhúinteora. Taispeánann siad an pictiúr don duine in aice leo.
Cuireann siad lipéad air.

Tascanna le linn éisteachta

- 1.
- 2.
- 3.

Bíonn ar na páistí pictiúr den dán a tharraingt agus iad ag éisteacht leis á aithris.

Nead agus ubh, dréimire suas le taobh na huibhe.

Is féidir leis an múinteoir pictiúr a tharraingt ar an gclár dubh mar athrú.

An dán a léamh nó a sheinm trí nó ceithre huaire, ag déanamh geáitsí nuair is féidir:
mór, ní féidir liom, chuaigh, d'fhéach sí suas, d'fhan sí thuas, tháinig an t-am, bhí pléasc faoina tóinín, thit sí ar a ceann.

Freagraí éagsúla
tar éis éisteachta

- mím
- imirt i rólanna

Páiste a roghnú le páirt an Dumpysaurus a rá agus cearc ag déanamh míme.

Daoine difriúla a roghnú, agus gheobhaidh an rang seans éisteacht leis an dán cúpla uair.


Beirteanna dúnta ag déanamh dráma eatarthu féin bunaithe ar an dán.

Cúpla beirt a roghnú lena dhéanamh os comhair an ranga.

An dán a rá mar aonad arís agus is cuma mura bhfuil sé ar eolas. Is féidir dul siar air arís lá eile. Is de réir a chéile a fhoghlaimítear dán.

- tarraingt

Pictiúr a tharraingt d'ainmhí aisteach a roghnaíonn an páiste agus cur síos gairid a scríobh faoi.



- comhtháthú leis an gcuraclam ceoil

Amhráin Ghaeilge

Is breá le gach páiste amhráin a chloisteáil agus a chanadh ina (h)aonar nó mar chuid de ghrúpa sa rang. Tá réimse leathan amhrán le fáil as Gaeilge do gach aoisghrúpa, idir shean-nós, amhráin thraidisiúnta athchóirithe agus amhráin cheol tíre. Seo a leanas cúpla taifeadadh samplach:

- do naíonáin

Amhráin do Pháistí agus

Damhsa na gCoiníní ón gComhchoiste Réamhscolaíochta

Trup, Trup a Chapaillín le Cantairí Óga Átha Cliath

An tAmhránaí Óg le Treasa Ní Cheannaigh agus Aidan O'Hara

Canaimis le Chéile le Joyce agus Aidan O'Hara

Stór Amhrán le Nóirín Ní Riain

- do na meánranganna agus na hardranganna

A Stór 's a Stóirín le Pádraigín Ní Uallacháin

Bliain na nAmhrán le Futa Fata Féasóg

Solas Gorm le Tadhg Mac Dhonnagáin

Fuaireas-sa Cuireadh le Cantairí Óga Átha Cliath

Oíche Chiúin le Maria Ní Chumhaill

Bridget's Kiss le Lá Lúgh

Óró na Casaidigh leis na Casaidigh

An curaclam ceoil

Tá cur síos i dtreoirínte an churaclaim cheoil don bhunscoil ar conas amhrán a mhúineadh ag úsáid na cluaise agus uirlise ceoil nó an chluas agus na nótaí ceoil. Tá trácht ar úsáid an taifeadáin freisin. Is féidir na modhanna seo a úsáid chun amhrán Gaeilge a mhúineadh, cé go mbeadh obair bhreise ag teastáil le focail na n-amhrán uaireanta.

Is féidir an phleanáil d'amhrán Gaeilge a leagan amach i ngeille mar atá don amhrán 'An bhFaca Tú Mo Shéamaisín?' ar leathanach 48 de na treoirínte seo. Feictear ansin na gníomhaíochtaí ar féidir iad a cheangal leis an amhrán.

Amhrán samplach

Naíonáin

Buail bos, gread cos

Buail bos
Gread cos
Cas timpeall
Is glac sos.

(Treasa Ní Ailpín)

Amhrán simplí rithimiúil. Múintear é trí gheáitsí agus aithris.

Amhráin eile atá cosúil leis:

‘Buail do bhosa, buail do bhosa’
‘Brúigh is fáisc, brúigh is fáisc’
‘Timpeall timpeall rothaí an chairr’
‘Tá leoraí mór ag teacht’
‘Smidín beag an seilide’

Cur chuige samplach

Na páistí ina seasamh	Roimh an t-amhrán a rá is féidir leis na páistí bosa a bhualadh chun an rithim a fhoghlaim.
Seinntear an téip	Buaileann siad an rithim arís agus iad ag éisteacht leis an téip.
Aithris	Má bhíonn spás timpeall ar gach páiste is féidir leo na geáitsí a dhéanamh agus an t-amhrán a chanadh. Deirtear an t-amhrán cúpla uair ag bualadh bos, ag greadadh cos agus ag casadh timpeall de réir mar a oireannn.

Roghnú na n-amhrán

Is fearr amhráin aeracha ina bhfuil athrá (trí líne mar a chéile) agus curfá a roghnú do na bunranganna agus do na meánranganna más féidir.

‘Bhí Máirín Bhán ina Cailín Deas.’

‘Is é an Trua gan Peata an Mhaoir Agam.’

‘Tairse Abhaile, a Mháirín Ó’

‘Nead na Lachan’

‘Beidh Aonach Amárach i gContae an Chláir’

‘Haigh Didil Dum, an Cat is a Mháthair’

Tá lúibíní mar ‘Lúibín Ó Lú’, ‘Láirín Ó Lúrtha’ agus ‘Is Umbó Aerá’ simplí agus athrá iontu freisin.

Amhrán samplach

Ardranganna

Dioscó na mBó

Ó, d'éirigh mé ar maidin is chuaigh mé ag bleán na bó,
Ó, d'éirigh mé ar maidin is chuaigh mé ag bleán na bó,
Chuaigh mé ag bleán na bó.

Amhrán ar an sean-nós a chasainn chuile mhaidin don bhó,
Tháladh sí an bainne is bhínnse sásta go leor, oh yeah,
Bhínnse sásta go leor.

Ach ansin tháinig athrú, athrú an-aisteach ar an mbó.
Thosaigh sí ag cartadh is ní thálfadh sí aon bhainne níos mó,
oh no
Níor thaitin an sean-nós léi níos mó.

Smaoinigh mé ar phlean—ó, chasfainn di rock 'n roll,
B'fhéidir nár thaitin an sean-nós léi níos mó, oh no,
Níor thaitin an sean-nós léi níos mó.

Ó, anois a bhíonn an chraic a'm is mé ag bleán na bó,
Tosaíonn sí ag pramsáil is tálann sí bainne gan stró, oh yeah,
Tálann sí bainne gan stró.

Ó, nach iontach is nach aisteach an rud é an rock 'n roll,
Murach go bhfuil sé aisteach ní bheadh sé á dhaimsiú (damhsa)
ag bó, oh no,
Ní bheadh sé á dhaimsiú ag bó.

Véarsa 1 arís

(Tomás Mac Eoin)

Coincheapa le deimhniú

Déantar deimhin go dtuigeann na páistí go dtálann an
bhó bainne.

Réamhphlé

Mínítear an téarma 'sean-nós' trí amhrán sean-nóis a
sheinm.

Réamhobair ar an bhfoclóir

Rithim a phlé: amhrán rock and roll, rap, ceol tíre

Ag bleán na bó = ag fáil bainne ón mbó
tháladh = thugadh
ag cartadh = doirteadh
pramsáil = léimneach
aisteach = ait



Tasc le linn éisteachta

Deirtear leis an rang go mbeidh orthu éisteacht le
taifeadadh den amhrán faoi thrí agus pictiúr de gach
véarsa a tharraingt (sé phictiúr).

Gníomhaíocht

Bíonn beirteanna ag taispeáint na bpictiúr dá chéile
agus ag iarraidh na focail a thabhairt chun cuimhne
agus iad ag úsáid na bpictiúr.

Tasc iaréisteachta

Bíonn na páistí ag iarraidh na focail a thabhairt chun
cuimhne agus á scríobh.
Éistean siad arís agus déanann siad comparáid idir na
focail atá acu agus na focail atá ar an téip.

Freagraí eile ar an amhrán

Gníomhaíochtaí agus damhsa mar a oireann d'aois agus d'eagar an ranga.

Gníomhaíochtaí eile le déanamh

- le linn éisteachta: focail an amhráin a bheith ar bhileog agus focal a bheith fágtha ar lár anseo is ansiúd. Bíonn na páistí ag éisteacht leis an taifeadadh agus ag líonadh isteach na bhfocal agus iad ag éisteacht. Déanann siad comparáid idir na focail ar an téip agus na focail a bhí acu féin. Insíonn páistí samplacha na difríochtaí a bhí idir a dtomhas agus focail an amhráin.
- an taifeadadh a sheinm arís agus gach duine ag teacht isteach nuair is féidir. Seinntear an t-amhrán ina aonad agus go minic.

Amhráin do na hardranganna

‘Bog Braon don Seanduíne’
 ‘Tá Dhá Ghabhairín Buí Agam’
 ‘Dúlaman na Binne Buí’
 ‘Peigín Leitir Móir’
 ‘Nóra Bheag’
 ‘Carúl na Nollag’
 ‘Gabham Molta Bríde’
 ‘Amhrán na Cuiginne’

Rabhlóga

Cabhraíonn rabhlóga le haclaíocht na bhfiacra agus na mbeola agus le fuaimniú na bhfuaimeanna nach bhfuil sa Bhéarla. Is féidir t agus d, c agus ch leathan agus caol agus an consan séimhithe i gcodarsnacht leis an gconsan lom a chleachtadh, móide an guta gearr agus fada. Níl na

codarsnachtaí sin i gcóras fuaimeanna an Bhéarla, agus is fiú iad a chleachtadh i gcomhthéacs na rabhlóg.

Tá samplaí anseo thíos:

Rabhlóga samplacha

- Seacht sicín ina seasamh sa sneachta lá seaca.
- Is deacair stoca a stracadh trasna.
- Tá tuí ar thaobh an tí tuí atá thíos sa toinn.
- Rug rón liath ar roc leathan rua.
- Ná bac le mac an bhacaigh is ní bhacfaidh mac an bhacaigh leat.
- Tá neascóid ar ioscaid an easpaig, agus tá imní ar an easpag faoin neascóid atá ar a ioscaid.
- Ní péint dhearg a rinne dearg an deargadaol.

Cur chuige don rabhlóg

Sna meánranganna agus sna hardranganna is féidir rabhlóga a rá mar phíosa spraoi. Bíonn an rabhlóg ar eolas ag an múinteoir agus deirtear í cúpla uair. Iarrtar ar na páistí éisteacht ar dtús. Deir an rang go léir í agus ansin de réir a chéile deir grúpaí agus daoine aonair í, go mall ar dtús agus ansin go tapa.

Tomhais shamplacha

Ranganna éagsúla

- Céard a ritheann gan chosa?
Freagra: Abhainn
- Céard a shiúlann ar a cheann?
Freagra: Tairne i mbróg.
- Céard a bhíonn salach nuair a bhíonn sé bán agus glan nuair a bhíonn sé dubh?
Freagra: An clár dubh.
- Chomh bán le sneachta, chomh dearg le fuil, chomh hard leis an mballa, chomh milis le mil. Céard é?
Freagra: Úll.
- Tá sí ann ó thúis an tsaoil agus ní raibh sí riamh ach mí d'aois. Céard é?
Freagra: An ghealach.
- Dá mhéad a thógann tú as is ea is mó a bhíonn sé.
Freagra: Poll.

Tomhais

Tá na tomhais cosúil le fadhbanna atá le réiteach ag an bpáiste, agus bíonn sé/sí ag smaoineamh as Gaeilge nuair atá sé/sí ag lorg an fhreagra. Ní thugann an páiste faoi deara go bhfuil ceacht Gaeilge ar siúl aige/aice, mar bíonn sé/sí tógtha suas leis an bhfadhb atá le réiteach. Ní bhíonn sé/sí buartha faoin gcruinneas, mar bíonn a (h)aire dírithe ar bhrí na teanga. Is í an phríomhaidhm atá le húsáid na dtomhas ná na páistí a chur ag smaoineamh trí Ghaeilge agus chun píosa spraoi a bheith acu.

Cur chuige don tomhas

- Bíodh an múinteoir cinnte nach bhfuil aon choincheap sa tomhas nach dtuigfeadh páistí an lae inniu.

Sampla maith: Póca folamh ach rud éigin ann. (Poll.)

Drochshampla: Lár a chroí ina cheann agus seasann sé ar chos amháin. (Gas cabáiste.)

- Mínítear aon fhocal deacair roimh an cheist a chur. Bíonn na páistí ag cur is ag cúiteamh trí Ghaeilge agus b'fhéidir go mbeadh ar an múinteoir leid a thabhairt nó cabhrú leis na páistí tríd an cheist a chur ar bhealach eile.
- B'fhéidir go gcumfadh na páistí tomhas dá gcuid féin.

Seanfhocail

Tá seanchas agus creideamh na ndaoine le fáil sna seanhocail. Is féidir iad a shuíomh taobh istigh de staidéar ar fheasacht cultúir na hÉireann, gan dul thar fóir leo. Is iad na seanhocail atá oiriúnach d'aois agus do spéis na bpáistí ba cheart a roghnú. D'fhéadfaí iad a chur i gcomparáid le seanhocail an Bhéarla agus cinn bhreise a bhailiú sa bhaile le cabhair na dtuismitheoirí.

Sna hardranganna d'fhéadfaí díospóireacht faoi ocras in áiteanna in Éirinn agus ar fud an domhain a chur ar siúl leis an seanhocal:

Ní thuigeann súch sách anró an ocrais.

Seanfhocail shamplacha

Ranganna éagsúla

- Is glas iad na cnoic i bhfad uainn.
- An té a bhíonn amuigh fuaraíonn a chuid.
- Is olc an ghaoth nach séideann do dhuine éigin.
- Aithníonn ciaróg ciaróg eile.

Samplaí eile le plé:

- Is minic a bhris béal duine a shrón.
- Giorraíonn beirt bóthar.
- Má bhíonn tú ag lorg cara gan locht beidh tú gan chara go deo.

Seafóid

Ardranganna

- Cé mhéad ubh is féidir a ithe ar bholg folamh? (Ceann amháin: ansin ní bhíonn an bolg folamh!)
- Céard a dhéanann péire bróg? (Dhá bhróg!)

Tréanna

Cineál tomhais is ea an tré.

Céard iad na trí rud is géire amuigh?

Céard iad na trí rud is measa i dteach?

Tá na tréanna sa traidisiún Gaelach le fada an lá. Is uimhir dhraíochta í an uimhir trí, agus thaitin sí leis na Gaeil agus le dreamanna eile. Tá an uimhir trí le feiceáil sna síscéalta sa mhíotaseolaíocht agus sa Bhíobla. Is féidir a bheith ag faire amach don uimhir trí, naoi (3 fá 3), dó dhéag, tríocha, srl.

Cur chuige

Mar a chéile le tomhas ag an tús, ach ansin is gá an freagra a thabhairt don rang. Is féidir na tréanna a fhoghlaim mar chuid d'fheasacht cultúir na hÉireann agus iad a phlé. Feictear go bhfuil cuid acu diúltach amanna agus gur gá na smaointe iontu a phlé. Is do na hardranganna iad seo.

Samplaí

Ardranganna

- Na trí rud is fusa a ghortú: an tsúil, an ghlúin agus an uillinn.
- Trí rud a thagann gan iarraidh: eagla, éad agus grá.
- Trí phéire nach n-aontaíonn riamh: beirt bhan phósta in aon teach amháin, dhá chat i ndiaidh aon luch amháin, agus beirt bhaitsiléirí i ndiaidh aon bhean amháin.
- Trí shaghas fear nach féidir leo mná a thuiscint: fir óga, fir aosta, agus fir mheánaosta.

Éisteacht

Cén fáth a n-éisteann páistí?

- Chun eolas a bhailiú nó i gcomhair pléisiúir.
- Chun príomhphointí an scéil nó chun an bhrí ghinearálta a fháil.

- traenáil in éisteacht le hábhar dílis ón raidió agus ón teilifís
- éisteacht le hábhar insamhlaithe

- teanga bhainisteoireachta ranga
- cumarsáid agus gnáthchaint sa rang

Cé go mbeidh an éisteacht á forbairt in éineacht leis na scileanna eile, agus go háirithe leis an gcaint i gcomhthéacs na cumarsáide, is fiú tabhairt faoi mhúineadh na héisteachta mar scil inti féin. Tá sé tábhachtach go mbeidh cuspóir cinnte ag an bpáiste gach uile uair a n-éisteann sé/sí le téacs éisteachta sa rang, pé acu i gcomhair pléisiúir nó i gcomhair eolais é. Más eolas atá ag teastáil ó dhuine is féidir éisteacht go cúramach, mar a dhéantar nuair a ghlaotar ar an amchlár traenach. Más pléisiúr an aidhm ní gá ach suí siar agus éisteacht le hamhrán nó le píosa ceoil. Is féidir freisin iarraidh ar pháistí gan ach cnámha an scéil a thuiscint nó rudaí ginearálta a aimsiú i scéal. I gcomhthéacs na cumarsáide ní gá go dtuigfeadh an páiste gach focal ach go dtuigfeadh sé/sí cnámha an scéil nó an phíosa nuachta.

Tá deacracht ag baint le téacs éisteachta nach mbaineann le téacs léitheoireachta. Mura gcloiseann an páiste an teachtaireacht ní féidir dul siar agus í a dheimhniú, rud is féidir le leabhar. Caithfidh sé/sí éisteacht go cúramach nó iarraidh ar an múinteoir athrá a dhéanamh. Ní féidir é sin a dhéanamh leis an raidió, ach is féidir taifeadadh a sheinm an athuair. Tá scil na héisteachta níos deacra ná mar a shíltear.

Traenáil i scil na héisteachta

- Scil na héisteachta a bheidh á forbairt seachas an phríomhbhéim a bheith ar scrúdú iaréisteachta amháin.
- Déanfar muinín a chothú sna páistí chun go dtabharfaidh siad faoi ábhar éisteachta le fonn.
- Tabharfaidh an múinteoir faoi ábhar éisteachta gan a bheith ag súil go dtuigfidh na páistí gach focal.
- Spreagfaidh an múinteoir na páistí a bheith bródúil as a gcumas éisteachta agus tuisceana mar chuid thábhachtach d'fhoghlaim na Gaeilge.

Ó thaobh foghlaim teanga de tá dhá chineál éisteachta i gceist: éisteacht fhoirmiúil agus éisteacht neamhfhoirmiúil.

Éisteacht neamhfhoirmiúil

Bíonn an Ghaeilge á húsáid ag an múinteoir go teagmhasach neamhfhoirmiúil. Bíonn na páistí ag éisteacht leis an nGaeilge seo, agus á tuiscint ón gcomhthéacs. Bíonn na páistí ag sú na teanga isteach i ngan fhios dóibh féin.

Éisteacht fhoirmiúil

Is í seo an traenáil a thugann an múinteoir do na páistí trí cheachtanna éisteachta a ullmhú chun an scil a fhorbairt go fhoirmiúil. Múineadh agus foghlaim scil na héisteachta atá i gceist anseo. Is bunphrionsabal é go mbeadh na páistí in ann éisteacht le Gaeilge á labhairt go nádúrtha lena chéile i gcomhrá, nó ar an raidió nó an teilifís ar ball. Caithfear iad a thraenáil i gceacht fhoirmiúil éisteachta chun go mbeidh siad in ann an teachtaireacht atá uathu féin a bhaint as téacs éisteachta.

Modh múinte samplach don éisteacht

Déantar cleachtadh ullmhúcháin roimh ré agus ansin seinntear an taifeadadh dóibh. Trí na gníomhaíochtaí a bhíonn le déanamh acu roimh an éisteacht, lena linn agus ina dhiaidh, bíonn fócas nó fáth ag na páistí le héisteacht go cúramach chun na freagraí a fháil. Má sheinneann an múinteoir an téacs gan aon ullmhúchán ní bheidh fócas ag na páistí. Má ullmhaíonn an múinteoir na páistí bainfidh siad i bhfad níos mó taitnimh as an téacs, agus tiocfaidh siad isteach de réir a chéile ar na glórtha difriúla agus ar na straitéisí éagsúla a chabhróidh leo éisteacht go neamhspleách.

Is féidir an ceacht a roinnt ina thrí chuid:

- gnáthéisteacht, nó an bhri ghinearálta a fháil ar dtús
- eolas faoi leith a lorg
- eolas mion a lorg.

Comhrá taifeadta

Cynthia: Haigh, a Dhónaill!

Dónall: Ó, haló, a Cynthia!

Cynthia: Tá an bus déanach.

Dónall: Is cuma liom! An bhfaca tú 'Star Wars' aréir?

Ceisteanna réamhéisteachta

- Réamhcheist shamplach roimh an gcéad éisteacht:

Éist agus abair cé mhéad duine atá ag caint.

Cuirtear ceist dheimhnithe, agus ainmnítear páiste:

Cad í an cheist, a Mháire?

Ansin éisteann na páistí leis an téip, agus ag deireadh an phíosca éisteachta téann an múinteoir siar agus deimhníonn sé/sí an freagra.

Cé mhéad ... a Sheáin ... a Phádraig?

Lámha suas ... beirt, triúr, beirt ... Sea, ceart.

- Roimh an chéad éisteacht eile cuirtear réamhcheist eile:

Ainmnigh an buachaill agus ainmnigh an cailín.

Cuirtear ceist dheimhnithe arís chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil a fhios ag na páistí cén fáth a bhfuil siad ag éisteacht.

Seinntear an téip. Éisteann na páistí. Stoptar an téip.

Cuirtear an cheist arís, agus deimhnítear an freagra le páistí difriúla.

Dónall agus Cynthia.

- Éiríonn na ceisteanna níos deacra de réir a chéile ach is roimh éisteacht a chuirtear i gcónaí iad.

Cad tá déanach? Éistigí.

Cad a dúirt Cynthia? Éistigí anois.

Cad a dúirt Dónall? Éistigí go cúramach.

Ceisteanna agus gníomhaíochtaí i rith éisteachta

- Ceisteanna ‘fíor nó bréagach’ (F nó B)

Cuir tic sa bhosca.

Bhí an bus déanach F nó B?

☒ F ☐ B

- Rogha idir dhá rud nó duine.

Domhnach ☐

Dónall ☒

Iarcheisteanna nó ceisteanna tar éis éisteachta

- Ceisteanna cuimhne

Cén t-ainm atá ar an mbuachaill?

Cén t-ainm atá ar an gcailín?

Cá bhfuil na páistí (meas tú)?

Cá bhfuil na páistí ag dul (meas tú)?

Gníomhaíochtaí éisteachta

Éisteacht agus rud le déanamh

- Teanga an tseomra ranga: na briathra go léir a mhúineadh trí orduithe agus treoracha bainisteoireachta an ranga.

Tar isteach; suigh síos; seasaigí suas.

An dtiocfá aníos go dtí an bord, a Mháire?

Bígí ag súgradh ar feadh cúig nóiméad!

Iompaigh thart/cuirigí suas bhur lámha/ná bí ag glaoch os ard.

- Gníomhaíochtaí a bhaineann le modh na lánfhreagartha gníomhaí

Téigh go dtí an doras, oscail é, féach amach ...

Seas suas, rith go dtí an fhuinneog, tóg an planda, agus siúil ar leathchois go dtí an doirteal leis agus cuir uisce air ...

Seo duit banana. Bain de an craiceann, ith leath de, tabhair an leath eile do Cháit.

Seo duit banana, cuir glao teileafóin ar an dochtúir.

- Mím a dhéanamh le scéal a chloistear

Tá an lá go deas. Tá an ghrian ag scoilteadh na gcloch. Táimid ag siúl in aice na farraige; níl aon fhuaim eile le cloisteáil ach an t-uisce. Ó, céard é sin? Tá sé taobh thiar den charraig thall ansin. Iasc mór atá ann. Éist leis an torann a dhéanann sé. Meas tú

an bhféadfaimis snámh in éineacht leis? Seo ag snámh sinn, suas is síos, sall is anall. Nach bhfuil sé seo go deas?

- Éist agus tarraing: Cluiche an-úsáideach chun na páistí a chur ag caint agus ag éisteacht lena chéile.

An múinteoir: Tugann sé/sí treoracha don rang ar dtús chun an foclóir a mhúineadh, na páistí ag tabhairt treoracha don mhúinteoir ansin.

Obair bheirte: Duine ag tabhairt treoracha agus an duine eile ag tarraingt pictiúir shimplí den fhoclóir atá ar eolas acu. Múintear réamhfocail agus dobhriathra freisin:

ar an, sa, thuas, thíos

Páiste A: Tarraing bosca nó cearnóg, tarraing bosca beag ar clé, cuir bosca eile ar dheis (sin iad na fuinneoga). Tarraing doras idir na fuinneoga, cuir díon ar an teach. Tarraing simléar ar an taobh clé, tarraing madra ina shuí ag an doras, ar an taobh deas; ní hea; is ea.

Páiste B: Mar seo? Cén áit? Anseo? Róbheag, rómhór? Fuinneog mhór nó bheag?

- Fuaimeanna na Gaeilge a mhúineadh ag leibhéal ard go leor i scoileanna T2 agus ó na meánranganna sa Ghaeltacht agus i scoileanna lán-Ghaeilge.

Cuir suas do lámh nuair a chloiseann tú an fhuaim /t/ (= t) i bhfocal

nó /x/ (= *ch leathan*)

Ansin deir an múinteoir sraith fuaimeanna:

*tiocfaidh, tá, tirim, trí ...
chan, cearc, císte, chuaigh, carr;
cheannaigh, sa charr*

Cuireann na páistí suas a lámha nuair a chloiseann siad

tá, chan, chuaigh agus charr

- Éisteacht i gcomhair eolais

Éisteacht agus rudaí a aithint

Rogha a dhéanamh as trí rud ó chur síos ar cheann acu

Éisteacht agus an rud corr nó an botún a aithint

Tá an múinteoir ag cur síos ar phictiúr sa leabhar agus na páistí ag aithint na mbotún a dhéanann sé/sí d'aon ghnó

Éisteacht agus rudaí a chur in ord

Na pictiúir i gcomhair cupán tae, nó oideas éigin, nó glao teileafóin a dhéanamh; éisteacht leis an téip agus na pictiúir a chur in ord

Ceistiúcháin

Ceann simplí ranga cumtha ag an múinteoir ar dtús agus ansin cinn shimplí phearsanta, páiste A agus páiste B ag léamh nó ag caint agus ag éisteacht

Éisteacht agus dathú

Pictiúir as leabhar atá acu go léir, an múinteoir ag glaoch amach na dtreoracha.

Cuir dath dearg ar an díon

Cuir dath gorm ar an spéir

Cuir dath corcra ar an doras

Dathaigh na crainn.

Éisteacht agus eolas atá in easnamh a chur isteach

Éisteacht le rann nó le dán agus an focal deireanach sa líne a chur isteach

Éisteacht le scéal agus focail a chur isteach sa scéal

Éisteacht agus focal a chur isteach ar ghreille nó ar amchlár

Éisteacht agus athrá

Rainn, amhráin, druileanna gramadaí nó fuaimeanna

Éisteacht agus rann nó dán a athrá de réir a chéile

Éisteacht le scéal agus giotaí de a athrá nó an scéal a chríochnú.

Éisteacht go neamhspleách

- Má tá téipeanna ar fáil sa chúinne ciúin beidh na páistí féin in ann leabhar agus taifeadadh de scéal nó d'amhrán a fháil agus éisteacht leo ar son pléisiúir, gan chabhair ón múinteoir.

'An Chircín Bheag Rua' agus scéalta mar é

- Is í an éisteacht neamhspleách is tábhachtaí ag leibhéal níos airde. Is féidir éisteacht le hábhar dílis agus le hábhar fódhílis atá níos simplí, le téipeanna nó le físeáin a rinne an múinteoir nó a ceannaíodh.

scéalta, nuacht, an aimsir, tráchttaireacht ar chluichí

giota eolais atá spéisiúil, cláir faoin dúlra agus faoin nádúr

amhráin ghreannmhara agus na focail scríofa leo, amhráin tíre ó na ceantair Ghaeltachta.

Canúintí agus feacht teanga

- Éisteacht le hábhar dílis ar TG4 agus rian an Bhéarla tríd an nGaeilge a aimsiú agus a phlé. (Ná dearmad rian na Laidine ar Ghaeilge na heaglaise: altóir, easpag, sagart, cill.)

Tá sé suas agat féin. Céard tá thuas? Misseáil mé thú. Mhiseáil mé thú. Cén saghas caper é sin?

- Éisteacht le hábhar taifeadta ó na ceantair Ghaeltachta

Tuiscint bhunúsach a fháil ar fhuaimniú na Gaeilge.

Úsáid focal difriúil sna ceantair dhifriúla Ghaeltachta a thuiscint:

an sáipéal/teach pobail

an tórramh/an tsochraid

scornach/sceadamán/muineál

barraicín/méaracha na coise

páirc/buaile/garraí/gort

cnoc/tulach/carcair.

Feasacht cultúir

- Éisteacht le scéalta, le seanchas agus le béaloideas na hÉireann á n-insint ag an múinteoir nó ag scéalaí áitiúil a thagann ar cuairt chuig an rang nó le hábhar taifeadta nó ar fhíseán
- Éisteacht le ceol dúchais na hÉireann, agus na huirlisí ceoil difriúla a aithint agus na cineálacha éagsúla ceoil a aithint
 - an bosca ceoil, an veidhlín, an bodhrán, an píb uilleann
 - ríl, port, cornphíopa, sleamhnán
 - amhrán grá, amhrán brónach, amhrán sean-nóis, amhrán ceol tíre nua-chumtha
- Éisteacht ag féilte náisiúnta drámaíochta
 - Slógadh,
 - an Fhéile Scoil drámaíochta,
 - Scór,
 - an tOireachtas: Lá na nÓg.

Cuspóir na ngníomhaíochtaí éisteachta

Nuair a éisteann páistí ar scoil is é an múinteoir a shocraíonn an fáth a bhfuil siad ag éisteacht le téacs áirithe. Is é an aidhm atá le traenáil i scil na héisteachta ná go mbeidh na páistí féin in ann éisteacht le pé rud a bhfuil spéis acu féin ann agus ar ball go gcruthóidh siad féin an fáth le go mbeidh siad ag éisteacht.

Labhairt

Tá béim faoi leith á cur ar mhúineadh agus ar fhoghlaím labhairt na Gaeilge sa churaclam seo.

- Cén fáth a labhraímid?
- Céard faoi a labhraímid?
- Conas a labhraímid?

Tá léiriú cuimsitheach sna straitéisí teagaisc agus foghlama agus sna ceachtanna samplacha roimhe seo i Roinn 5 ar conas labhairt na Gaeilge a fhorbairt.

Ar fhágáil na bunscoile beidh an páiste in ann feidhmiú as Gaeilge trí labhairt faoi na topaicí a bhfuil spéis aige/aici féin iontu. Beidh sé/í in ann é/í féin a chur in iúl. Beidh sé/í in ann labhairt le daoine a bhuaileann leis/léi i suímh dhifriúla, go háirithe le páistí eile agus leis an múinteoir sa seomra ranga, sa scoil agus sa Ghaeltacht, i siopaí agus i mbialanna. Beidh úsáid an teileafóin agus na meán cumarsáide ar a c(h)umas freisin.

Beifear ag súil go mbeidh páistí na mbunscoileanna go léir in ann na cuspóirí sin a chomhlíonadh ag leibhéal a oireann dá gcúinsí féin. Caithfear a bheith réalaióch faoin méid a bhfuiltear ag súil leis ó pháistí. Is féidir le páiste é/í féin a chur in iúl le teanga shimplí. Is féidir eolas a lorg le ceist shimplí agus eolas a thabhairt le freagra gairid freisin. Is féidir brí a chur in iúl le tuairisc ghonta nó cur síos a dhéanamh le habairtí sothuigthe. Má tá páiste in ann teanga níos saibhre a úsáid beidh an tsaoirse sin aige/aici.

Comhtháthú

Beidh na ceithre scil éisteacht, labhairt, léamh agus scríobh fite fuaite le chéile agus ag tacú lena chéile. Mar shampla, tiocfaidh cuireadh chuig cóisir trí chomhrá teileafóin agus breacfaidh an páiste nóta den dáta agus den am. Scríobhfaidh nó léifidh sé/sí cárta buíochais i gcomhair bronnánais a fuair sé/sí ag cóisir a bhí ag an rang san imirt i rólanna. Mar sin féin beidh an bhéim ar scil amháin seachas na cinn eile ó am go ham.

Cén fáth a labhraímid?

Labhraímid go príomha chun

- cumarsáid a dhéanamh
- aird an mhúinteora a tharraingt agus aire a fháil
- muid féin a chur in iúl do dhaoine eile
 - tuairimí, mianta, mothúcháin a nochtadh gan eagla
- eolas a lorg agus a roinnt
 - faoi thopaicí agus faoi théamaí a bhfuil spéis againn iontu
- cairdeas a dhéanamh agus a choimeád ar siúl
 - tuisctint ar rólanna éagsúla sa chomhrá nó sa ghníomh cumarsáide: páistí, daoine fásta, buachaillí, cailíní, comharsana, strainséirí

- glao teileafóin a dhéanamh
teachtaireacht a thabhairt agus
eolas a lorg
- eolas a chur ar theanga nua—is tríd
an nGaeilge a labhairt a thiocfaidh
na foghlaimeoirí isteach uirthi.

Céard faoi a labhraímid?

Tá deich gcinn de théamaí rianaithe don bhunscoil. Beidh na téamaí sin roinnte ina dtopaicí agus beidh leibhéil éagsúla chumais i gceist, ó rang go rang agus ó scoil go scoil. Chomh maith leis na téamaí sin beidh ábhair eile chainte á bplé ó am go chéile. Caithfidh an múinteoir a bheith ar an eolas faoi na hathruithe in ábhair spéise na bpáistí trí éisteacht leo ag spraoi sa chlós agus ag am sosa sa seomra ranga, nó trí shuirbhé a dhéanamh nuair atá siad in ann chuige sin.

Conas a labhraímid?

Tá straitéisí áirithe ann a chabhraíonn le cainteoirí cúiteamh a dhéanamh nuair nach mbíonn siad in ann cumarsáid éifeachtach a dhéanamh sa chéad teanga. Is féidir le múinteoir iad a chur ar na súile d'fhoghlaimeoirí na Gaeilge mar dhara teanga agus iad a chleachtadh nuair nach féidir leo teacht ar gach focal díreach mar ba mhaith leo. B'fhearr don mhúinteoir na foghlaimeoirí a thraenáil chun dul sa seans leis an gcumarsáid seachas fanacht go dtí go mbeidís cinnte nach ndéanfaidís botún.

Straitéisí cumarsáide d'fhoghlaimeoirí

- geáitsí, leis an gceann nó an lámh
méar a shíneadh, ceann a
chlaonadh nó a chroitheadh
- mím de rud atá i gceist
- tosú arís
Ní hea, tosóidh mé arís!
- cabhair a lorg ón éisteoir
Céard é an focal sin arís?
Céard a thugtar ar an rud ...?
- malartú le focal eile nó comhchiallach
- cur síos ar ghnéithe an ruda nuair nach féidir é a ainmniú
Tá sé mór agus dearg. Tá sé déanta as ...
- Tá an focal 'rud' in úsáid mar fhocal cúitimh rómhinic le tamall ach déanfar iarracht cabhrú leis na páistí teacht ar an bhfocal ceart.
- focal a chumadh
focal bunaithe ar fhocail atá ann cheana: ciceáil, 'jumpáil'
- Gaeilge bhriste
focal Gaeilge in abairt Bhéarla
focal Béarla in abairt nó i bhfrása Gaeilge
- an focal Gaeilge a úsáid gan é a infhilleadh
sa tuiséal ginideach
sna haimsirí éagsúla

- *an Ghaeilge mar chéad teanga*

- *an Ghaeilge mar dhara teanga*

Tabharfar treoracha an cheachta Ghaeilge as Gaeilge.

Labhairt na teanga

Sa Ghaeltacht is í an Ghaeilge an chéad teanga. Tá sí ag teastáil ó na páistí chun iad féin a chur in iúl do dhaoine eile sa bhaile, sa scoil, agus sa tsráid. Tá siad in ann a gcuid mothúchán agus mianta a chur in iúl i nGaeilge agus spraoi le samhlaíocht trí Ghaeilge. Sna scoileanna lán-Ghaeilge tá Gaeilge ag teastáil ó na páistí i gcomhthéacs na scoile mar ghnáthchaint, sa chlós do chluichí agus in áiteanna atá ceangailte le saol na scoile: seirbhísí eaglasta, an siopa, feis, féile drámaíochta nó Slógadh.

Sna scoileanna eile bíonn Béarla ag na páistí ar theacht ar scoil dóibh. Níl gá acu leis an dara teanga chun iad féin a chur in iúl ná a gcuid mianta a chomhlíonadh. Caithfidh an múinteoir an gá sin a chruthú sa seomra ranga agus sa scoil gach lá. Ní féidir le páistí beaga fanacht go dtí go mbeidh turas go dtí an Ghaeltacht acu. Caithfidh an múinteoir iad a spreagadh chun an Ghaeilge a úsáid gach lá i gcomhthéacsanna réalaíocha sa seomra ranga. Tabharfar treoracha an cheachta Ghaeilge as Gaeilge. Cruthófar gá le Gaeilge i bhfoirm cluichí teanga, imirt i rólanna, úsáid puipéad, gníomhaíochtaí teanga, suímh, agus drámaí.

Cumarsáid

Tá an bhéim sa churaclam seo ar chumarsáid a dhéanamh trí Ghaeilge, ag úsáid na gceithre scil teanga. Tá sé i gceist go mbeidh na topaicí comhaimseartha agus na háiseanna is nua-aimseartha á n-úsáid ag an múinteoir chun go mbainfidh an páiste taitneamh as foghlaim na Gaeilge agus chun é/í a spreagadh. Beidh saoirse ag an múinteoir pé modheolaíocht a oireann dó/di nó dá rang agus don tréimhse den cheacht a úsáid, agus déanfaidh sé/sí iarracht ábhar teagaisc agus foghlama spreagúil a thabhairt isteach sa rang. Táthar ag súil go gcabhrófar leis an bpáiste tuiscint a fháil ar fheidhm na scileanna teanga go léir chun cabhrú leis/léi cumarsáid iomlán a dhéanamh trí mheán na Gaeilge.

Léitheoireacht

‘Féach!’

‘Cé hé sin?’

‘Is é sin Seánín’.

‘Is é!’

Cleachtaímid scil na léitheoireachta ar feadh ár saoil ar son pléisiúir agus chun ár gcuid eolais a leathnú. Cabhraíonn an t-eolas a bhailíonn an páiste tríd an léitheoireacht lena f(h)orbairt chognaíoch, agus leathnaítear a c(h)uid samhlaíochta trí léitheoireacht scéalta agus dánta. Ní scil ghabhchumais amháin atá i gceist leis an léitheoireacht, mar bíonn na páistí mar léitheoirí i ngleic leis an téacs ag iarraidh brí a bhaint as.

Is iad na príomhfhátanna a léann na páistí as Gaeilge ar scoil agus sa bhaile ná mar chuid dá gcuid obair scoile agus chun a saol pearsanta a shaibhriú

- mar thacaíocht do na scileanna eile
- i gcomhair pléisiúir
- chun eolas a bhailiú
- mar léitheoireacht fheidhmiúil a mbeidh toradh éigin uirthi.

Ullmhú don litearthacht

Tá iliomad bealaí ann chun cabhrú leis an bpáiste beag agus é/í ag ullmhú don litearthacht. Is iad na príomhchomhthéacsanna ina gcabhraítear leis an bpáiste ná

- an baile
- an scoil agus an seomra ranga.

An baile

Tá tábhacht le tacaíocht an tuismitheora sa bhaile i bhfás na litearthachta. Bíonn aithne níos fearr ag an tuismitheoir ná mar a bhíonn ag aon duine eile ar an bpáiste agus tá an-chuid eispéiris le roinnt acu lena chéile. Tá cur síos ar an gcaoi a gcabhraíonn an tuismitheoir leis an bpáiste i roinn 3 de na treoirlínte seo.



Ag léamh i gcomhair pléisiúir

ag dul amach ag am lóin

Tá go maith, tá sé in am lóin!

Cé leis an bosca lóin? (Is liomsa é)

Cé leis an cóta? (Is le Maire é)

ag teacht isteach

Is féidir libh suí anois!

Dúnaigí an doras sin le bhur dtoil.

Ó, tá sé fuar sa chlós inniu!

moladh

Maith thú!

Maith an buachaill!

Togha fir!

Prionta sa seomra ranga

Crochaimid ár gcótaí anseo!

Nímid ár lámha!

Is é seo an doras.

Cuir uisce ar an bplanda!

Cathaoir an mhúinteora

Is é seo binse Mháire/Sheáin.

An scoil agus an seomra ranga

Conas a chabhraíonn teanga an mhúinteora leis an bpáiste

Faoi mar a dhéanann an mháthair daingniú ar theanga an pháiste sa bhaile, féachann an múinteoir leis an rud céanna a dhéanamh ar scoil. Gníomhaíocht amháin a chabhraíonn leis an bpáiste ná an múinteoir ag úsáid frásaí faoi leith ar na hócáidí céanna gach lá. De réir a chéile téann na frásaí sin ó ionchur an mhúinteora go dtí teanga labhartha an pháiste.

Déanann na páistí idirghníomhú le daoine eile trí labhairt leo as Béarla ar dtús nó as Gaeilge agus is air sin a bhunaítear an litearthacht. Is é is dóichí ná go mbeidh bunús maith faoin teanga labhartha más í máthair-theanga an pháiste í. B'fhéidir go mbeifí in ann gluaiseacht ar aghaidh leis an bhforbairt nádúrtha a tharlaíonn de ghnáth ó éisteacht agus tuiscint agus ó labhairt na teanga go dtí an litearthacht i ranganna na naíonán sna scoileanna Gaeltachta. Tógfaidh an próiseas sin níos faide sa chás nach dtosaíonn an páiste ag foghlaim na Gaeilge do dtí go dtéann sé/sí ar scoil in aois a ceathair nó a cúig.

Litearthacht sa seomra ranga

Féachann an múinteoir chuige go mbíonn cuid mhaith ábhair chlóbhuailte sa seomra ranga. Tuigeann na páistí ón tagairt a dhéanann an múinteoir dó go bhfuil teachtaireacht le léamh ann. Mar chuid den ábhar chlóbhuailte sin beidh fógraí gairide faoi

shaol an tseomra ranga, pictiúir as scéalta a aithníonn na páistí, póstaer le lipéid agus leabhair. Tá eispéiris faoi leith a bhaineann le saol na scoile. Tuigeann an múinteoir agus an páiste araon é seo agus bíonn sé mar bhunús leis na scéilíní a bheidh le scríobh agus le léamh ag an bpáiste beag ar ball.

Éisteacht agus tuiscint

Liostaítear cuid mhaith gníomhaíochtaí éisteachta agus labhartha sa churaclam Gaeilge do na naíonáin. Is iad a bheidh mar bhunchloch don litearthacht a bheidh ag fás agus ag forbairt de réir a chéile roimh aon cheachtanna foirmiúla léitheoireachta nó scríbhneoireachta. Ní gá go dtuigfeadh an páiste ach an bhrí ghinearálta. Tabharfaidh an múinteoir gach cabhair agus tacaíocht do thuiscint an pháiste le pictiúir nó le geáitsí le leideanna agus le fuaimeanna.

Scéalta

Léifidh an múinteoir scéalta do na páistí go minic agus gheobhaidh siad tuiscint ar an bhfocal clóbhuailte agus ar dhíchódú cló. Más féidir roghnóidh na páistí an leabhar agus tiocfaidh siad timpeall ar an múinteoir agus é/í ag léamh. Is féidir léamh ó shraith pictiúr a insíonn scéal nó ó leabhar mór nó ó leabhar soiléir ina bhfuil pictiúir mhóra.

Tomhaiseann na páistí an scéal ón gclúdach agus labhraíonn siad faoi na pictiúir roimh an scéal a léamh. Cuireann siad an tomhas a bhí acu i gcomparáid le teideal an scéil ansin. Má tá curfá sa scéal ('Na Trí Mhuc', 'An

éisteacht leis an múinteoir

ag léamh nó ag insint scéil

téipeanna éisteachta nó dlúthcheirníní

scéalta gearra taifeadta

cláir oiriúnacha ar TG4 treoracha taifeadta do thascanna tuisceana

cuir marc ar an mbó dathaigh an teach cuir do mhéar ar an bpuisín

‘Buail ar an doras is féach isteach’

‘Taidhgín Turcaí’

‘Is maith liom bainne’

‘Damhán alla’

‘Buail do bhosa, buail do bhosa’

‘Tá mise ag rolladh na cré’

éisteacht agus aithint nó taispeáint

cuntas ar phictiúr, méar a chur air

éisteacht agus aimsiú

cuntas a chloisteáil, rud a aimsiú

éisteacht agus meaitseáil

pictiúr agus pictiúr agus focal

Buachaillín Sinséir, ‘An Gabhar agus na Meannáin’) tagann na páistí isteach leis gach uair. Ligeann an múinteoir do na páistí an líne a chríochnú nó ainm na bpearsana a rá. Aithníonn siad na pearsana sna pictiúir agus labhraíonn siad fúthu. Téann páistí aonair féin siar ar an scéal nó más féidir éistean siad le leagan taifeadta de i gcúinne na leabhar. Is féidir le grúpa páistí é sin a dhéanamh le ceithre phéire cluasán ceangailte leis an taifeadán céanna.

Nuacht phearsanta mar scéal

Sula mbíonn an páiste in ann scríobh dó/di féin scríobhann an múinteoir scéal gearr ar an gclár dubh nó ar chárta don pháiste. Scríobhann an múinteoir faoi lá breithe an pháiste, faoin séasúr, faoi ócáidí ar nós na Nollag nó na Cásca nó laethanta saoire. Fágтар cártaí ar féidir abairtí eile a bhunú orthu thuas ar an mballa nó i bpacáiste cártaí do chumadh abairtí. Is féidir leis an bpáiste focail a roghnú nuair a aithníonn sé/sí iad agus úsáid a bhaint astu ina scéal féin. Bíonn nuacht shimplí phearsanta i gcónaí ag gach páiste faoin am i láthair nó faoin am atá thart. B’fhéidir gurb é seo an chéad scéal a scríobhfaidh an páiste agus beidh suim aige/aici in athléamh scéil a scríobh sé/sí féin.

1. Inniu lá breithe Mháire!

Tá sí a sé.

2. Tá sé fuar inniu.

3. Fuair mé rothar do mo lá breithe.

Rainn agus amhráin

Tá raidhse rann agus amhrán le fáil sa Ghaeilge agus is féidir iad a úsáid mar bhunús agus mar thacaíocht don litearthacht. Taitníonn rithim na rann agus na n-amhrán le tacaíocht ó gheáitsí agus ó chnaguirilis leis an bpáiste óg. Cabhraíonn an rithim leis/léi cuimhneamh siar ar na focail agus de réir a chéile rachaidh an foclóir nua isteach i bhfoclóir reatha an pháiste. Foghlaimeoidh sé/sí míniú na bhfocal nua ón gcomhthéacs nó ó na pictiúir agus le cabhair ón múinteoir. Cabhróidh na comhthéacsanna céanna leis an bpáiste brí a bhaint as téacs léitheoireachta ar ball. Is iad an cineál is fearr ná rainn le hathrá agus le rithim, gníomhamhráin agus amhráin saothair. Tá cuid acu nua-chumtha agus cuid eile a bailíodh ón mbéaloideas agus atá curtha ar fáil arís do pháistí an lae inniu. Is fiú don mhúinteoir na bailiúcháin seo a úsáid, agus dá mhéad acu a fhoghlaimíonn na páistí is ea is fearr.

Cluichí nó gníomhaíochtaí éisteachta

Is féidir cluichí éasca éisteachta a imirt agus gníomhaíochtaí simplí a dhéanamh a chabhróidh le tuiscint na bpáistí. Is féidir leis an múinteoir focal a ghlaoch agus roghnaíonn an páiste an pictiúr cuí. Léiríonn gníomhaíocht a dhéanann an páiste go dtuigeann nó nach dtuigeann sé/sí treoir. Glaonn an múinteoir treoracha ó bhéal sa chluiche ‘Deir Ó Grádaigh’ nó éistean na páistí le treoracha do ghníomhartha

fisiceacha. Baineann siad taitneamh as na gníomhartha agus is i ngan fhios a fhoghlaímíonn siad an teanga. Tá tuilleadh gníomhaíochtaí le fáil faoi na snáitheanna *Éisteacht* agus *Labhairt* sa churaclam do na naíonáin.

Snáithaonaid na léitheoireachta

Tá ábhar teagaisc agus foghlama an tsnáithe seo rianaithe faoi na snáithaonaid chun fonn léitheoireachta a chothú sna páistí agus chun cur ar a gcumas réimse leathan d'ábhar a léamh. Is iad na snáithaonaid éagsúla ná:

Scoileanna T2	Scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge
<ul style="list-style-type: none"> • ag cothú spéise • ag tuiscint teanga • ag úsáid teanga 	<ul style="list-style-type: none"> • ag cothú fonn léitheoireachta • ag tuiscint teanga • ag úsáid teanga <p>Cumas agus muinín</p> <p>Samhlaíocht agus mothúcháin</p>

Clár ullmhúcháin don litearthacht

Moltar eispéireas an pháiste ar leabhair agus ar théacs, ar a c(h)umas sa teanga labhartha agus a t(h)uiscint ar fheidhm an fhocail chlóbhuailte a úsáid mar chlár cuimsitheach ullmhúcháin don litearthacht. Tá sé i gceist go gcuirfí saghsanna éagsúla téacs ar fáil, mar shampla i dtimpeallacht an tseomra ranga agus na scoile. Tá cur síos ar na

gníomhaíochtaí a oireann do thús na léitheoireachta sa churaclam do naíonáin i ngach cineál scoile.

Moltar don mhúinteoir cur leis an méid a dúradh thuas faoi scil na héisteachta agus faoin tábhacht atá le cumas tuisceana agus labhartha an pháiste a bheith forbartha. Trí ghníomhaíochtaí scríbhneoireachta a chomhtháthú leis

- pictiúrleabhair
- páipéir ghrinn
- cluichí meaitseála
- frásachártaí, abairtchártaí

an léitheoireacht tuigfidh an páiste gur scríobh duine éigin an téacs atá á léamh aige/aici agus gur gníomhaíocht cumarsáide í an léitheoireacht idir an scríbhneoir agus an léitheoir. Tiocfaidh an páiste isteach ar an téarmaíocht ar leith a bhaineann leis an léitheoireacht trí í a chloisteáil agus a thuiscint.

Scileanna léitheoireachta

Má bhíonn an páiste in aice an mhúinteora ag éisteacht le scéal is féidir leis an múinteoir a m(h)éar a chur faoi na focail agus foghlaimeoidh an páiste treoshuíomh clé-deas agus léamh ó bharr go bun an leathanaigh. Is fearr má léann an páiste focail ó scéilín nó ó rann atá ar eolas aige/aici ná iad a léamh ina n-aonar ar luascháirta gan chomhthéacs. Cuirfidh an múinteoir stór de ghnáthfhocail inléite le chéile ó thaithí an pháiste agus aithneoidh an páiste focail le cabhair ó leideanna éagsúla:

ó phictiúir
ó chomhthéacs na bhfocal
ón gcomhréir.

Fogharluach na litreacha

Má bhíonn léitheoireacht an Bhéarla ar a t(h)oil ag an bpáiste beidh tuiscint aige/aici ar an gcaoi a gcomhfhreagraíonn litreacha áirithe d'fhuaim faoi leith i nGaeilge agus i mBéarla go hiondúil:

p, b, m, l, n, r

Tá fóneolaíocht na Gaeilge difriúil le fóneolaíocht an Bhéarla, áfach agus caithfear cabhrú leis an bpáiste an ceangal atá idir litreacha agus fuaimeanna na Gaeilge a aithint:

guta: gearr agus fada
glan—slán
séimhiú ar thúschonsain
bróg—mo bhróg
téann—ní théann
siúil—shiúil
défhoghair
uan, fuar, iasc, bia

Tuiscint na léitheoireachta

Cuirtear an bhéim ar léitheoireacht fheidhmiúil trí chluichí léitheoireachta:

teoracha a léamh agus a leanúint chun cluichí boird simplí a imirt
tús, an baile
ag léamh agus ag déanamh míme le cabhair ó phictiúr
ag léamh abairt agus ag tarraingt pictiúir.

Is fearr béim a chur ar dtús ar bhrí an phíosa léitheoireachta seachas na focail a bhriseadh ina siollaí agus ina litreacha.

Céard a léann na páistí?

dóibh féin, pléisiúr

lipéid sa seomra ranga, scéal simplí a scríobh an múinteoir
leabhair ranga a scríobh páistí eile, leabhair scéalaíochta do pháistí beaga

- treoshuíomh clé-deas
- léamh ó bharr go bun an leathanaigh
- focalaithint le cabhair ó leideanna éagsúla

irisí do pháistí, scéalta eile, cartúin,
stiallghreannáin

scéal grinn a scríobhann an
múinteoir ar chlár na bhfógraí

puzail, crosfhocail

dán, rann, téacs amhráin shimplí
atá ar eolas

agallamh beirte, script dráma,
úrscéalta ag leibhéal níos airde

eolas dóibh féin

nótaí, meamraim don rang ón
múinteoir ar chlár na bhfógraí nó
sa ríomhphost

eolas a fháil dóibh féin ar an
idirlíon

fógraí ginearálta sa scoil, ar an
mbus, san ollmhargadh, sa
pháipéar nuachta Gaeilge, in oifig
an phoist, sa bhanc,

tuairiscí, cur síos, ailt shimplí sa
nuachtán Gaeilge, leabhair
chócaireachta, léarscáileanna de
Chonamara, oileáin Árann, Contae
Dhún na nGall, Contae Chiarraí

eolas a fháil ar fheidhm na léitheoireachta

treoracha i gcluichí
léitheoireachta, litreacha ó pháistí
i scoil eile sa ríomhphost

liosta de thithe lóistín sa
Ghaeltacht, bróisiúir do na coláistí
samhraidh éagsúla

fógraí, cuireadh, biachláir, billí ó
BSL, Bord Gáis, Telecom Éireann,
seicleabhar, foirmeacha sa bhanc
agus in oifig an phoist, foclóirí
(liosta ó an Gúm; foclóir Uí
Dhónaill don ríomhaire).

Modhanna múinte

Caithfear úsáid a bhaint as na
modhanna múinte léitheoireachta go
léir mar go bhfuil ilchineál páiste sa
rang agus bealaí difriúla acu chun
foghlama. Is iad na modhanna is
aithnidiúla chun tús a chur le múineadh
scil na léitheoireachta ná úsáid a bhaint
as

- taithí ar an teanga
- féach agus abair
- abairt iomlán a léamh
- fogharluach na litreacha.

Tá sé tábhachtach tabhairt faoin teanga
labhartha mar ullmhúchán don
léitheoireacht agus scileanna na



Cluichí agus gníomhaíochtaí léitheoireachta

An bhéim nua

- ar bhrí seachas ar scileanna meicniúla
- tomhas, réamhinsint nó cur i gcás
- leanúint ar aghaidh ag léamh gan gach focal a thuiscint
- cothú féinmhuiníne agus forbairt chognaíoch trí bheith in ann léamh as Gaeilge
- ar éagsúlacht téacs le léamh ag na páistí
- éagsúlacht scileanna agus foscileanna léitheoireachta
- comhtháthú leis na scileanna eile
- tábhacht na taoiléitheoireachta
- léamh os ard i ngrúpaí seachas timpeall an tseomra

léitheoireachta a fhorbairt go córasach. Mar chuid den léitheoireacht luath insíonn an múinteoir scéalta do na páistí agus tuigeann siad feidhm an leabhair. Is féidir scéalta a sheinm ar théip agus an páiste ag léamh agus ag éisteacht in éineacht leis an téip. Sna meánranganna agus sna hardranganna is féidir cúram a dhéanamh d'fhogharluach na litreacha, an síneadh fada ar ghuta, an consan lom (gan séimhiú), an consan caol (consan in aice le *e* nó *i*) agus an consan leathan (consan in aice le *a*, *o* nó *u*). Tagann athrú ar bhrí na bhfocal de réir mar a fhágtar síneadh fada ar lár nó má mheasctar an consan lom agus séimhithe, nó an consan caol agus leathan. Níl na codarsnachtaí seo le fáil sa Bhéarla, ach is cuid dhlúth de chóras fuaimeanna na Gaeilge iad.

I gcás mhúineadh na léitheoireachta i scoileanna T2 caithfidh an múinteoir a bheith deimhin de go bhfuil bunús éigin faoi theanga labhartha na bpáistí sula dtosóidh siad ag léamh. Beidh gá leis an aibítir, le fogharluach na litreacha Gaeilge, le han-chuid rann, scéalta, fuaimeanna seafóideacha, amhrán, rabhlóg agus agallamh simplí chun rithim, comhréir agus fuaimeanna na teanga a mhúineadh do na páistí. Sna scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta moltar gan tosú ar léitheoireacht fhoirmiúil na Gaeilge agus an Bhéarla ag an am céanna agus an obair ó bhéal a luadh thuas a dhéanamh leis na páistí freisin. Socrófar sa scoil cén teanga lena dtosófar ar an léitheoireacht fhoirmiúil.

Dearcadh dearfach

Má léitear do na páistí cothófar dearcadh dearfach don léitheoireacht iontu. Is féidir leis an múinteoir tosú mar seo:

- leabhar don rang-ghrúpa agus iad thart air/uirthi, iad in ann na pictiúir a fheiceáil
- scéal curtha le chéile ag an rang nó ag an ngrúpa
- téacs bunaithe ar theanga na bpáistí
- rainn agus amhráin atá ar eolas acu
- léann an múinteoir scéal a chuala na páistí go minic. Léann sé/sí tús an scéil, tomhaiseann na páistí an deireadh
- féachann an múinteoir ar chlúdach an leabhair. Labhraíonn na páistí faoi na pictiúir agus tomhaiseann siad an scéal.

Ceacht samplach léitheoireachta

Cur chuige

- ullmhúchán: caint ghinearálta faoin topaic, an foclóir nua (10 faoin gcéad den ábhar léitheoireachta i gceacht amháin)
- réamhcheisteanna chun fócas a thabhairt don pháiste
- ceisteanna le linn na léitheoireachta (tic a chur i mbosca réamh-ullmhaithe)
- ceisteanna nó cleachtaí iarléitheoireachta

Ullmhúchán

- Déantar an topaic a phlé, deimhníonn an múinteoir go bhfuil an foclóir agus an chomhréir ar eolas ag na páistí.
- Múintear an foclóir nua, ag úsáid na seifteanna atá á n-úsáid ag múinteoirí le fada: luascháirte, scríobh ar an gclár dubh, cluichí dúradáin, cluichí *bingo*, cluichí meaitseála.
- Téitear siar ar an sainfhoclóir a bheidh ag teastáil, ach is féidir cúpla focal a fhágáil i gcomhair tomhais ón gcomhthéacs.
- Pléitear na pictiúir ag gach leibhéal; pléitear na ceannlínte, na fotheidil, an leagan amach agus an cineál téacs sna hardranganna.

Ceisteanna réamhléitheoireachta

Tá fócas á chur ar an mbrí sna ceisteanna seo:

- cuirtear an cheist agus ansin ainmnítear an páiste
- cleachtar na scileanna difriúla le linn ceisteanna a chur

Tabhair súil thapa ar an bpictiúr agus tomhas cén t-ábhar atá sa téacs seo.

Tabhair súil thapa ar an téacs agus abair cathain a d'fheicfeá téacs nó cárta mar seo.

(cárta lá breithe nó Nollag)

- eolas faoi leith atá sa téacs a lorg go tapa

Cé mhéad atá ar an ríomhaire atá sa siopa?

Ceist i rith léitheoireachta

- tic a chur i mbosca
- tábla a dhéanamh den eolas a bhailítear
- graf a tharraingt
- greille a líonadh

Ceisteanna iarléitheoireachta

- ceisteanna cuimhne

Féach siar ar an téacs agus inis dom an focal a chiallaíonn X.

Cad a tharla i ndiaidh ...?

Cén dath atá ar ...?

Cad a dúirt Seán le ...?

- anailís na teanga

Féach siar agus abair cé mhéad focal a chríochnaíonn ar -faidh. Cén t-am atá i gceist?

Scileanna agus foscileanna na léitheoireachta

B'fhearr na scileanna seo a mheascadh agus úsáid a bhaint astu i rith an ullmhúcháin, i rith na léitheoireachta agus i rith na tréimhse iarléitheoireachta. Is féidir léitheoireacht leathan a chleachtadh sa bhaile nó ar scoil, agus tabharfaidh an múinteoir cabhair leis na foscileanna sa rang. Déanfar grinnléitheoireacht sna hardranganna.

- súil thapa: chun ciall ghinearálta an téacs a thuiscint
 - leagan amach an téacs agus an cineál téacs a thuiscint (cárta, litir, oideas)
 - focail aithnidiúla, pictiúir, ceannlínte a chabhróidh le ciall
- spléachadh: eolas faoi leith atá sa téacs a lorg go tapa
 - cén t-ainmhí, cén áit, figiúirí; cén aois, cé mhéad duine nó cé mhéad airgid?
- léitheoireacht leathan: brí ghinearálta, éirim an scéil a fháil: ní gá gach focal a thuiscint
 - scéal, úrscéal simplí, alt in iris, nuachtán
 - focail nua a thomhas ón gcomhthéacs, le cabhair ó eolas ginearálta agus eolas faoin domhan
- grinnléitheoireacht: an téacs a scrúdú go mion, feidhm an phíosa, gach focal, an ceangal idir na habairtí agus na hailt, feidhm na gramadaí a thuiscint

aimsirí na mbriathra, iolra agus uatha, focail cheanglaithe (agus, ach)

comharthaí an dioscúrsa a thuiscint

mar shampla = sampla ag teacht,

is é sin = míniú ag teacht

ar dtús, ansin, faoi dheireadh = ord a thaispeáint

Taoiléitheoireacht

Cabhróidh an léitheoireacht chiúin aonair le forbairt na bhfoscileanna agus le dúil sa léitheoireacht a chothú. Deir an múinteoir leis an bpáiste súil thapa a thabhairt ar an téacs nó spléachadh air chun eolas faoi leith a fháil. Cabhraíonn an léitheoireacht chiúin leis/léi brí ghinearálta an téacs a fháil. Tugann an múinteoir ceistanna agus tascanna simplí a chuireann iallach ar an bpáiste léamh go ciúin chun na freagraí a fháil. Is féidir gabháil níos tapúla thar téacs le taoiléitheoireacht ná gach páiste a bheith ag léamh os ard. Cuireann an léitheoireacht os ard isteach ar rithim na cainte uaireanta. Is féidir í a dhéanamh i ngrúpaí beaga, áfach, agus go háirithe nuair a bhíonn cleachtadh maith ag na páistí ar an teanga labhartha, ar rithim, ar thuin agus ar fhuaimneanna na Gaeilge. Is féidir an léitheoireacht os ard a thosú le rann nó le hamhrán nó le scéal gearr atá ar eolas ó bhéal ag na páistí.

Straitéisí na léitheoireachta

Is féidir iarraidh ar na páistí úsáid a bhaint as na straitéisí seo a leanas chun cabhrú leo léitheoireacht a dhéanamh as Gaeilge.

Na bunranganna

Bainfidh na páistí brí ghinearálta as

- scéalta grinn, fógraí ón múinteoir ar na ballaí
- focail a rangú i bhfoirne foclóra troscán, bréagáin
- cluichí léitheoireachta, treoracha éasca

tús, críoch, ar aghaidh, ar ais go dtí 2 (le saighead léirithe →)

Na meánranganna

Beidh na straitéisí thuas ag páistí móide na cinn seo a leanas:

- cineálacha áirithe téacs a aithint ón leagan amach
 - cárta, litir, biachlár, oideas
- pictiúir a chur in ord agus téacs ar chártaí a mheaitseáil leo
- roghnú idir abairtí le cur le pictiúir
- príomhphearsana an scéil a ainmniú
- príomheachtraí an scéil a aithint
- éisteacht le scéal, an téacs a chur in ord
- éisteacht le scéal, rann, amhrán, focal in easnamh sa téacs a chur isteach
- cluichí léitheoireachta, na treoracha a leanúint

caith an díse, faigh 6 le tosú, caill caith

Na hardranganna

- an cineál téacs a aithint ón leagan amach agus ó na ceannlínte
 - ailt as páipéar nuachta, fógra, scéal gearr, amchlár
- focail mheasctha a chur san ord ceart in abairtí
- abairtí measctha a eagrú san ord ceart in ailt
- leathabairtí a mheaitseáil leis an leath eile
- ceisteanna ‘fíor nó bréagach’
- ceisteanna ilroghnacha
- ceisteanna tuisceana
- éisteacht le scéal agus príomhphointí an scéil a aimsiú

Dúshlán bhreise

- alt nó scéal a ghearradh ina mhír mearaí
 - píosa difriúil den téacs le fáil ag gach grúpa agus iad ag roinnt an eolais
- nótaí a thógáil, achoimre an scéil
- ceist a mheaitseáil le freagra
- graf nó léaráid a tharraingt ón eolas atá sa téacs
- cluichí léitheoireachta a bhfuil treoracha deacra leo
 - pioc licín
 - ná tosaigh go bhfaigheann tú 6 caill dhá chaith den díse lean ar aghaidh

Tascanna samplacha léitheoireachta

Treoir ghinearálta: Simpligh an tasc; ná simpligh an téacs.

Tasc do na meánranganna

1. Pléigh ar dtús agus mínigh an tasc. Déan ceann amháin ó bhéal.
2. Na pictiúir atá ar na cártaí agus na hócáidí a mheaitseáil.
3. An bheannacht chuí agus an cárta a mheaitseáil. An bheannacht chuí a roghnú agus a scríobh ansin.

Na beannachtaí

Lá breithe sona duit!

Nollaig shona duit!

Cáisc shona duit!

Is tú banríon na máithreacha!

Beidh fáilte roimh ... ag cóisir Mháire ar an Satharn ag a trí a chlog.

1




2



3



4



5



6



Cárta Nollag	1	Cárta lá breithe	
Cárta Lá Fhéile Vailintín		Cárta do lá na máithreacha	
Cárta Cásca		Cuireadh chuig cóisir	

Tá sé fíochmar.
Bíonn dath buí air.
Maraíonn sé ainmhithe beaga eile. Cónaíonn sé san India.

1

Tá sé mór agus trom.
Cónaíonn sé san Afraic.
Ní itheann sé ainmhithe eile. Bíonn dath liath air de ghnáth. Feiceann tú é sa zú.

2

Tá sé dubh agus bán.
Cónaíonn sé sa tSín.
Itheann sé bambú.

3

Is peata é. Is féidir leat é a choimeád sa bhaile.
Itheann sé feoil agus is maith leis cnámha.


4

Tá sé ard agus tá a mhuineál an-fhada.
Itheann sé na duilleoga ó na crainn arda.

5

Tasc do na meánranganna

1. Pléigh ar dtús agus mínigh an tasc.
Déan ceann amháin ó bhéal.
2. Léigh faoi na hainmhithe agus meaitseáil an cur síos leis na pictiúir. Cuir 1, 2, 3 ... sna boscaí
3. Ansin déan rangú ar na hainmhithe a itheann feoil agus na hainmhithe nach n-itheann feoil.



Itheann siad feoil

.....

.....

Ní itheann siad feoil

.....

.....

Tasc do na hardranganna

Pléigh ar dtús agus mínigh an tasc.
Déan ceann amháin ó bhéal.

Tá tú chun leabhar Gaeilge a
cheannach mar bhronntanas Nollag.
Léigh teidil na leabhar seo thíos agus
roghnaigh ceann amháin acu.

- Scríobh ainm an leabhair.
- Abair cén aois atá ag do chara.
- Abair cén fáth ar roghnaigh tú an leabhar seo.

Ainm an leabhair.....

Ainm mo charad

Aois mo charad

An fáth ar roghnaigh mé an leabhar seo.....

.....

.....

.....



Tasc do na hardranganna

Plé ginearálta faoi thomhais.

Léigh na tomhais seo a leanas agus meaitseáil na freagraí leis na ceisteanna.

Tomhais

1. Cad a thógtar díot sula dtugtar duit é?
2. Tá ceann amháin i Londain, tá dhá cheann i nDún Dealgan, agus níl aon cheann i nGaillimh. Céard é?
3. Cén fáth a mbíonn meigeall ar ghabhar?
4. Cén fáth ar bhain Ádhamh greim fiacla as an úll a thug Éabha dó?
5. Saothraíonn sé a bheatha ach ní dhéanann sé lá oibre riamh. Cé hé?

Freagraí

- A. Mar ní raibh scian aige le hé a ghearradh.
- B. Do phictiúr.
- C. An litir D.
- D. Fear faire oíche.
- E. Mar ní féidir leis é féin a bhearradh.

Tasc do na hardranganna

Mír mearaí léitheoireachta

- Dhá ghrúpa a dhéanamh den rang. Grúpa amháin ag léamh chun eolas áirithe a fháil agus an grúpa eile ag léamh chun eolas difriúil a fháil. Léann na páistí na ceisteanna roimh an téacs a léamh. Tugann siad spléachadh ansin chun an t-eolas a aimsiú. Mínítear dóibh nach gá an píosa go léir a thuiscint chun na freagraí a fháil.
- É seo a dhéanamh trí cheisteanna difriúla a thabhairt do ghrúpa A agus do ghrúpa B. Tagann siad le chéile ag an deireadh agus roinneann siad an t-eolas a fuair siad. Bíonn ceisteanna ag gach grúpa le cur ar na daoine sa ghrúpa eile.

Scríbhneoireacht

Cuirimid muid féin in iúl tríd an scríbhneoireacht. Is tríd an scríbhneoireacht a bhreacaimid síos ár gcuid smaointe agus a roinnimid iad. Is féidir linn freisin daoine eile a ghríosú agus mothúcháin a spreagadh iontu tríd an scríbhneoireacht.

Is féidir teacht ar smaointe, iad a eagrú agus iad a chur i bhfocail ar bhealach atá teoranta do scil na scríbhneoireachta amháin.

Ceisteanna

- Cén fáth a scríobhann páistí?
- Cé dó a scríobhann siad? Céard a scríobhann siad?
- Conas a scríobhann siad?

Cén fáth a scríobhann páistí?

Mar chuid dá gcuid obair scoile agus dá saol pearsanta

obair ranga, obair bhaile

scríbhneoireacht chruthaitheach

Cé chuige a scríobhann páistí, agus céard a scríobhann siad?

Dóibh féin

nótaí, meamraim, dialann, dán, cartúin, iarratais

Don mhúinteoir

tascanna scríofa: cur síos, tuairisciú, in alt nó aiste ghairid, dán, scéal, agallamh beirte, dráma

Dá dtuismitheoirí

cárta ócáide, cártaí poist, litreacha, nótaí buíochais, teachtaireacht ghutháin

Dá gcairde

nótaí, scéal grinn, cárta ócáide, cuireadh, cárta buíochais, oideas, teoracha

Do pháistí i rang eile nó i scoil eile

nótaí pearsanta, litreacha, cártaí poist, nótaí eolais, fógraí, puzail, crosfhocail, achainní (ceisteanna), cuireadh chuig coirm cheoil, dráma, ríomhphost

Conas a scríobhann páistí?

Déantar cleachtadh faoi threoir ar dtús, agus téitear i dtreo na cruthaíochta faoi mar a dhéantar le múineadh agus foghlaim na teanga labhartha.

Cleachtaí faoi threoir sna bunranganna

- Cóipeáil

ábhar simplí ón gcaint nó ón léitheoireacht

peataí, cluichí, rann, amhrán

- Meaitseáil

pictiúir agus téacs

abairt amháin a thoghadh as cúpla ceann agus meaitseáil le pictiúr

- Eagrú agus cóipeáil
frásachártaí a roghnú agus a chóipeáil
- Cóipleabhar cóipeála a bheith ag na páistí
- Foclóir nua, agallamh beag, fógraí, scéal, dán
- Deachtú (ardleibhéal)
teanga shimplí aitheanta
abairtí gairide

Cleachtaí faoi threoir sna meánranganna agus sna hardranganna

- Líonadh bearnaí
focail aonair in amhrán nó dán, fócas ar fhoclóir ar dtús, ansin ar réamhfhocail nó ar ghramadach na mbriathra
- Deachtú thús na habairte
críochnaíonn na páistí an abairt iad féin
- Cárta poist, litir, cuireadh chuig páistí eile a fhorlíonadh
béim ar neamhfhoirmiúlacht agus ar scríbhneoireacht fheidhmiúil
- Freagraí dearfacha nó diúltacha a fhorlíonadh
úsáid na n-eiseamláirí teanga
Go raibh míle maith agat faoi ...
Tá aiféala orm ach ní féidir liom, mar ...

Saorscríbhneoireacht sna meánranganna agus sna hardranganna

- Tá gá le planáil d'fhorbairt scil na scríbhneoireachta.
- Caithfidh an múinteoir saoirse a thabhairt don pháiste ábhar scríbhneoireachta a roghnú dó/di féin.
- Tá am i gceist le roghnú smaointe, cruth agus caoi a chur orthu. Tá sé tábhachtach mar sin planáil chúramach a dhéanamh nuair atá píosa scríbhneoireachta le déanamh ag na páistí.
- Tá sé inmholta seans a thabhairt do pháistí saor-scríbhneoireacht a dhéanamh chomh luath agus is féidir.

Plean cuimsitheach do phróiseas na scríbhneoireachta

Cleachtaí réamhscríbhneoireachta

- giniúint smaointe
smaointe a bhailiú ón múinteoir, ó na páistí
an clár dubh, an t-osteilgeoir, póstaer mór
ceisteanna éagsúla chun teacht ar eolas
nótaí neamhstruchtúrtha nó struchtúrtha a dhéanamh
úsáid pictiúr as irisí, sraith pictiúr agus cartúin mar spreagthaigh

léarscáileanna, pleananna

- díriú ar an ábhar

cén fáth a bhfuil duine ag scríobh?

litir chuig páipéar nuachta faoi tharlúint éigin

tuairisc faoin tarlúint chéanna

roghnú agus diúltú ábhair, ag smaoineamh ar an lucht léitheoireachta

fáthanna difriúla do lucht léitheoireachta difriúla

an réimse scríbhneoireachta de réir an chineál téacs

na páistí a spreagadh le téacsanna difriúla as páipéar nuachta, fógraí, litreacha, eagarfhocal, ailt eolais nó nuachta, oideas, stiallghreannáin, cártaí d'ócáidí difriúla bailithe ag an múinteoir

foirmiúlacht a athrú mar chleachtadh

litir chuig cara, litir chuig an bpáipéar nuachta

scéal a scríobh i ndialann, an scéal céanna don pháipéar áitiúil nó do nuachtán náisiúnta

- struchtúrá

smaointe a ghrúpáil

ag glacadh le leideanna ón múinteoir, ó théacsanna eile

ag cur smaointe in ord tábhachta

ag baint trialach as oird éagsúla

ag ceangal an struchtúir leis an bpríomhsmaoineamh

Cleachtaí scríbhneoireachta

- dréachtú

Cleachtaí iarscríbhneoireachta

- meastóireacht
- athbhreithniú
- athscríobh

An bhéim

- Is chun féinmhuinín a chothú agus an féinmheas a fhorbairt a bheidh na páistí ag scríobh.
- Beidh an bhéim ar bhrí an phíosa scríbhneoireachta seachas ar an ngramadach.
- Tá oscailteacht i gceist. Freagraíonn an múinteoir téacs an pháiste seachas é a cheartú.
- Bíonn an scríbhneoireacht comhtháite leis na scileanna eile, an cleachtadh scríbhneoireachta bunaithe go díreach ar an topaic atá faoi chaibidil sa cheacht Gaeilge.
- Beidh idirdhealú á dhéanamh idir réimsí éagsúla scríbhneoireachta.

- Tuigtear go dtagann forbairt ar an scríbhneoireacht de réir a chéile agus gur chuid den phróiseas iad na hearráidí. Is féidir a bheith ag súil le hearráidí litrithe agus comhréire, go háirithe nuair a bhíonn scríbhneoireacht chruthaitheach i gceist. Is de réir a chéile a dhíbreofar na hearráidí seo. Bíonn neart cleachtaidh sa chaint agus sa léitheoireacht ag teastáil chun slacht a chur ar an scríbhneoireacht.
- Bíonn na páistí ag obair ina ngrúpaí agus ina mbeirteanna más féidir. Bíonn caint, comhoibriú agus plé i gceist sa réamhobair. Is eispéireas cumarsáideach mar sin í an scríbhneoireacht ranga.
- Bíonn éagsúlacht téacs le scríobh ag na páistí. Tá liosta téacsanna luaite anseo seachas an t-alt agus an aiste.



Grianghraf mar spreagadh

- Tosófar ar an scríbhneoireacht fhoirmiúil i rang 2 i scoileanna T2. Bíonn cleachtaí scríbhneoireachta luaithe agus peannaireachta ar siúl i mBéarla nó i nGaeilge roimh thosú ar an scríbhneoireacht fhoirmiúil i ngach cineál scoile.

Cleachtaí scríbhneoireachta

Dréachtú

Tuiscint a thabhairt don pháiste gur céim nua í seo.

Tá an fócas anois ar an léitheoir: cén chaoi a (h)aire a fháil agus a choimeád.

Baintear triail as tosaigh éagsúla agus críocha éagsúla le cabhair an mhúinteora.

Déantar iarracht aire an léitheora a spreagadh ag an tús agus í a choimeád síos trí théacs aontaithe struchtúrtha.

Má úsáidtear an ríomhaire is féidir cur leis an téacs, baint de, é a athrú, é a athstruchtúró.

Is féidir leis an rang nó le grúpa téacs iomlán a scríobh—scéal gairid, cuntas nó tuairisc.

Cleachtaí iarscríbhneoireachta

Meastóireacht

An scríbhneoir féin ag breathnú siar ar an dréacht féachaint cá bhfuil athruithe le déanamh

iarracht á déanamh na
hathruithe nó na ceartúcháin a
dhéanamh é/í féin

Freagairt don téacs tar éis an
téacs a léamh

an múinteoir nó grúpa páistí
leis an scríbhneoir

páiste leis an scríbhneoir

Comhchomhairle

leis an múinteoir faoin
bhfeabhas ar féidir a chur ar an
téacs

an múinteoir ag freagairt
d'fhéinbhreith an pháiste

Athbhreithniú

an ceangal a dhearbhu idir
smaointe, idir ailt

an ríomhaire a úsáid: gearradh,
bogadh timpeall

an príomhsmaoineamh a threisiú

an stíl a bheith de réir chuspóir an
téacs

cárta poist—neamhfhoirmiúil

litir ghnó—foirmiúil

Eagarthóireacht, ceartú agus marcáil

an teanga a cheartú nuair is gá

míniú a thabhairt

eagarthóireacht a dhéanamh agus
profaí a léamh.

Buntáistí na scríbhneoireachta

Is é an fáth a ndéantar scríbhneoireacht sa rang ná go dtacaíonn scil na scríbhneoireachta leis na scileanna eile. Tugann an lámh tacaíocht don tsúil, don bhéal agus don chluas. Caithfidh na páistí a bheith níos pointeáilte faoi úsáid foclóra agus comhréire, mar beidh na páistí eile nó cuairteoirí chuig an rang á léamh. Is gníomh poiblí í cuid den scríbhneoireacht. Bíonn am ag na páistí dul siar agus focail a cheartú nó a athrú ar bhealach nach mbíonn acu nuair a bhíonn siad ag labhairt. Mar sin bíonn seans acu snas a chur ar phíosa scríbhneoireachta, rud nach bhfuil fíor faoin gcaint.

Úsáid an ríomhaire

Obair aonair nó grúpa

na páistí ag scríobh chuig a chéile
ar ríomhphost

litreacha agus nótaí á scríobh
chuig a chéile

eolas á roinnt eatarthu féin faoi
scoileanna, faoi cheantair, faoi
thíortha a chéile

Obair ghrúpa

Bíonn sraith pictiúr i gcomhair
scéil ar fáil i gcláir speisialta, agus
ní bhíonn siad teoranta d'aon
teanga faoi leith.

Bíonn ar na páistí teacht ar
réiteach faoin scéal ón rogha
pictiúr atá ar fáil sa chlár.

Na páistí ag cur na bpictiúr in ord
agus an scéal á phlé ar dtús agus
ansin á scríobh.

Tascanna scríbhneoireachta do na hardranganna

Nótaí, cártaí poist, litreacha gearra:

- Bhí do chara as láthair inniu. Scríobh nóta ag tabhairt treoracha faoin obair bhaile matamaitice: leathanach, uimhir, agus cén uair a bheidh sí le bheith déanta.
- Scríobh nóta chuig do chara. Abair leis/léi bualadh leat sa Cybercafé ag ... ar an ...
- Scríobh nóta chuig do mháthair. Tá sé a cúig a chlog agus tá tú imithe go dtí ... Tá ... ar siúl agat. Beidh tú ar ais ag a ... Thug máthair do charad do dhinnéar duit.
- Scríobh cárta poist abhaile ón nGaeltacht, áit a bhfuil tú ar chúrsa. Déan cur síos gairid ar an aimsir agus ar an gcúrsa Gaeilge.
- Scríobh litir iarratais chuig Raidió na Gaeltachta ag iarraidh amhráin do do mháthair dá lá breithe. Ainmnigh an t-amhránaí, an lá agus ainm agus seoladh do mháthar.
- Scríobh litir ghearr iarratais chuig TG4 ag iarraidh go ndéanfaí athchraoladh ar 'Charts i gCeart'. Tabhair d'ainm agus do sheoladh agus an fáth ar mhaith leat an t-athchraoladh.

Ceachtanna samplacha

Aonad teagaisc agus foghlama

Taispeántar anseo conas aonad teagaisc agus foghlama a bhriseadh síos agus ceacht indéanta a phleanáil. Tugtar cúig cheacht shamplacha chun leanúnachas agus raon modhanna múinte a thaispeáint. Tá cuid den teanga chéanna á húsáid arís agus arís iontu. Bíonn tasc nó gníomhaíocht le déanamh, cluiche le himirt, nó úsáid éigin le baint as an teanga i ngach ceacht. Feictear conas an foclóir, na feidhmeanna teanga, na téamaí agus ábhar teagaisc agus foghlama an churaclaim a fhí le chéile.

Leagan amach na gceachtanna

Roinntear an ceacht ar thrí thréimhse cumarsáide ina ndéantar ullmhúchán don tasc, ansin úsáidtear an teanga sin chun an tasc a dhéanamh. Féachtar siar ar an tasc agus déantar anailís ar an teanga a úsáideadh. Bíonn an múinteoir réidh chun na botúin a cheartú trína thuilleadh cleachtaidh nó trí thasc nua a thabhairt don rang. Tá na ceithre scil teanga comhtháite lena chéile chomh fada agus is féidir.

Taispeántar freisin conas an teanga a úsáideadh sna tascanna nó sna cluichí teanga a úsáid arís i suíomh nua. Tá sé tábhachtach go mbeidh an páiste in ann an teanga a ghinearálú agus a thraschur go dtí suíomh eile. Feictear freisin gur féidir an measúnú a cheangal go minic leis an bpleanáil.


Tuiscint na teanga

Tá sé tábhachtach cuimhneamh go bhfuil éagsúlachtaí cumais i measc ranganna naíonán ar fud na tíre. Tá an-éagsúlacht i measc na bpáistí sin. Má luaitear cluiche nó tasc sna nótaí anseo is féidir béim a chur ar thuiscint na teanga le páistí áirithe agus is féidir dul chomh fada le cumarsáid le páistí eile. Beidh páistí áirithe in ann an cluiche a imirt, ag léiriú le geáitsí go dtuigeann siad teanga an mhúinteora, ach beidh páistí eile in ann páirt níos gníomhaí a ghlacadh sa chluiche nó sa ról atá le himirt.

Úsáid na teanga

Cé go mbíonn béim ag gach leibhéal ar thuiscint na teanga, tá sé tábhachtach dul ar aghaidh go dtí úsáid na teanga le formhór na bpáistí. Is tríd an úsáid a fhoghlaimíonn an páiste an teanga, agus caithfear deis úsáide a sholáthar dó/di i rith an cheachta Ghaeilge. Ba cheart go mbeadh an páiste ar a s(h)uaimhneas agus gan faitíos air/uirthi dul sa seans leis an rud atá sé/sí ag iarraidh a rá, a léamh nó a scríobh.

Aonad teagaisc agus foghlama do ranganna na naíonán



1. Plean ceachta

Ranganna naíonán

Téama: An scoil

Cluiche

- Na rudaí difriúla atá sa mhála scoile a aithint
- Iad a ainmniú, ag brath ar chaighdeán an ranga

Feidhmeanna teanga

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- gnáthrudai sa seomra ranga a aithint agus a ainmniú
- ceist a chur agus a fhreagairt.

Áiseanna

na gnáthrudai a bhíonn sa seomra ranga agus sa mhála scoile

Modh múinte

Raon modhanna

Réamhchumarsáid

Roimh éisteacht

Cúpla focal a mhíniú roimh an rann a rá.

Mím

Bígí ag scríobh!

Bígí ag léamh!

Féach amach an fhuinneog! Tá na héin amuigh faoin aer.

Ceist réamhéisteachta

Éist agus abair cén t-ainm atá ar an mbuachaill sa rann.

Seinn an rann

Bhí Seán ar scoil

go moch inné.

Dearbhaigh an freagra. (Seán.)

Ceist réamhéisteachta eile

Cá raibh Seán go moch inné?

Seinn an rann arís.

Dearbhaigh an freagra. (Ar scoil.)

Ní gá an rann a fhoghlaim de ghlanmheabhair an chéad lá.

Ionchur teanga nua

Mála scoile páiste amháin a thógáil

Múinteoir: Cad tá sa mhála?

Ó, féach. Banana. Cad tá ann?

Páistí: Banana.

An rud céanna le cóla, lón, oráiste, úll, cóipleabhar, leabhar, peann daite

Cumarsáid

Cluiche ranga

An rang go léir le chéile:

Cad tá sa mhála?

Páiste amháin ag cur lámh sa mhála agus ag tomhas

Dúshláin bhreise

Cluiche beirte

Páiste 1: Cad tá i mo mhála scoile?

Páiste 2: (Ag cur lámh sa mhála) Do lón,

oráiste, leabhar, peann luaidhe ...

2. Plean ceachta

Ranganna naíonán

Téama: An scoil

Dráma le dhá phuipéad

Ag teacht déanach, ag gabháil leithscéalta

Feidhmeanna teanga

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- treoir shimplí a leanúint
- leithscéal a ghabháil.

Áiseanna

Dhá phuipéad láimhe nó méar

Modh múinte

Le puipéid ar dhá lámh an mhúinteora

Réamhchumarsáid

Rann

Úsáideann an múinteoir geáitsí agus tuin chuí chun go dtuigfidh na páistí an chaint ón gcomhthéacs. Ní gá gach focal a mhíniú.

Go mall, mall, go hana-mhall,
Sleamhnaíonn na seilidí garraí,
Go mall, mall, go hana-mhall,
Suas na cuailí agus na ráillí. (Seán Ó Cionnaith)

Rann eile

Go gasta, go gasta, go hana-ghasta,
Ritheann an luichín bheag bhuí,
Go gasta, go gasta, go hana-ghasta,
Timpeall an tí, timpeall an tí. (Seán Ó Cionnaith)

Aithris agus athrá

Na rainn a rá go mall agus go gasta.
Abair é go maaaall!
Abair é go gasta!

Éisteacht le dráma puipéad

Puipéad 1: Tá tú mall!
Puipéad 2: Tá brón orm.
Puipéad 1: Siúil go gasta!
Puipéad 2: Tá go maith!

Forbairt

Páiste agus an puipéad

Cumarsáid

Suímh nua

A: Rith go mall!

Sa chlós

B: Tá go maith!
A: Rith go gasta!
B: Tá go maith! Féach orm!

Am lóin

A: Tá tú mall!
B: Tá brón orm!
A: Ith go gasta! Beidh cluiche againn.
B: Tá go maith!

Iarchumarsáid

Athrá na rann

3. Plean ceachta

Ranganna naíonán

Téama: An scoil

Scéal

Déanach don scoil ar maidin

Feidhmeanna teanga

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- ábaltacht a chur in iúl
- scéal a insint faoi bheith déanach don scoil.

Áiseanna

Ceithre phictiúr a insíonn an scéal nó

Ríomhaire le cláir réamhullmhaithe

Modh múinte

Modh na sraithe

Iarchumarsáid

Dul siar

Dul siar ar na rainn

Go gasta, go gasta

Go mall, mall





Réamhchumarsáid

Ionchur teanga nua

Pictiúr nó samhail de phiscín agus luaschárta

Mím de na focail *tiomáint* agus *gortaithe*

Clog chun *déanach* a mhúineadh



Ceithre phictiúr i sraith

Ceithre phictiúr in ord le feiceáil ag an rang. An múinteoir ag insint an scéil go han-simplí ag an am céanna. Is leor líne ghairid do gach pictiúr agus geáitsí leis an mbriathar más féidir.

Cleachtadh

An scéal á insint ag an rang

1. D'fhág mise agus Mamaí an teach. Bhí Mamaí ag tiomáint.

2. Chonaic mé piscín beag gortaithe.

3. Stop Mamaí an carr. Thug mé liom an piscín.

4. Bhí mé déanach don scoil.

Cumarsáid

Cleachtadh

Grúpaí páistí ag cur na bpictiúr in ord. Ceithre phictiúr ag gach grúpa.

Duine amháin ón ngrúpa ag insint an scéil don rang, b'fhéidir.

Dúshláin bhreise

Pictiúir nua

Scéal eile le hinsint ag na páistí agus iad ag úsáid na teanga céanna beagnach is a bhí acu sa chéad scéal.

4. Plean ceachta

Ranganna naíonán

Téama: An scoil

Tasc

Éist agus ainmnigh

Feidhmeanna teanga

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- teoracha a thuiscint
- pictiúir a aithint.

Áiseanna

Troscán an tseomra ranga

Taifeadán

Modh múinte

Modh na lánfhreagartha gníomhaí

Réamhchumarsáid

Tuiscint á cothú

Troscán an tseomra ranga: Deimhnigh go bhfuil an foclóir ar eolas nó é a mhúineadh.

Mím a úsáid chun an troscán a mhúineadh:

Suigh ar an gcathaoir.

Seas ar an gcathaoir.

Seas ag an doras/ag an bhfuinneog.

Cuir air an solas/an ríomhaire/an taifeadán.

Scríobh ar an gclár dubh/ar an gcóipleabhar/leis an gcailc/leis an bpeann luaidhe.

Éisteacht ghníomhach

An troscán a aithint sa seomra féin

Taispeáin dom an bord.

Taispeáin dom an chathaoir.

Taispeáin dom an fhuinneog.

Taispeáin dom an clár dubh.

Taispeáin leabhar dom.

Taispeáin peann luaidhe dom.

Éist agus cuir méar ar an bpictiúr.

Troscán an tseomra ranga a aithint i bpictiúr

An múinteoir ag tabhairt teoracha ar dtús don rang

Na páistí ag tabhairt teoracha do pháistí aonair sula i bhfad.

Cumarsáid

Páiste amháin agus an rang

Taispeáin dom an bord.

Taispeáin dom an chathaoir.

Taispeáin dom an madra.

Taispeáin dom an piscín.

Páiste amháin agus grúpa

Is féidir leis na páistí aon fhocal atá ar eolas acu a thaispeáint dá chéile.

Iarchumarsáid

Féachaint siar

Dúshlán breise nó measúnú

(pictiúir leis na teoracha céanna ach foclóir difriúil)

Na páistí ag aithint na bpictiúr

Cuir do mhéar ar an doras dearg/gorm/buí/bán ...

Taispeáin eilifint/bosca/madra/cat/leoraí/carr dom.

5. Plean ceachta

Ranganna naíonán

Téama: An scoil

Cluiche

Deir Ó Grádaigh

Feidhmeanna teanga

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- teoracha a thuiscint
- teoracha a leanúint
- teoracha a thabhairt.

Áiseanna

Taifeadán

Caiséad le ceol agus gluaiseachtaí

Modh múinte

Modh na lánfhreagartha gníomhaí

Réamhchumarsáid

Ionchur teanga nua
nó dul siar

Rann

Lámh, lámh eile, a haon, a dó,
Cos, cos eile, a haon, a dó,
Ceann, srón, béal, smig
agus fiacla bána sa bhéal istigh.

leis na geáitsí cuí

Cluiche

Deir Ó Grádaigh

Tugann an múinteoir na teoracha agus leanann na páistí iad le taispeáint go dtuigeann siad iad.

Cuir do lámh ar do cheann.
Cuir do lámh (chlé) ar do shúil.
Cuir do lámh (dheas) ar do chluas.
Sín amach do chos (chlé/dheas).
Crom do cheann.

Déanann an múinteoir féin na gníomhartha ag an am céanna go dtí go dtuigeann na páistí iad.

Cumarsáid

Páiste aonair

Sín amach do lámh.
Seas ar do chos chlé.
Crom do cheann.

Iarchumarsáid

Traschur eolais

Tarraing an pictiúr

Tarraing an pictiúr (Ag leibhéal níos deacra)

Páiste amháin agus grúpa

Buachaillín Sinséir nó
Fear sneachta/Daidí na Nollag

Dul siar


Tarraing fear sneachta.
Tarraing ceann.
Tarraing corp.
Tarraing cosa.
Tarraing cóta.
Tarraing hata.
Tarraing mála.

Tarraing fear sneachta.
Tarraing a cheann.
Cuir lámh dheas air.
Cuir dhá chos faoi.
Cuir cóta air.
Cuir hata air.
Tarraing cnaipí. Trí cinn.
Tabhair mála dó.

Measúnú

Teoracha a leanúint ag éisteacht le caiséad de cheol le gluaiseachtaí
Pictiúr a thabhairt do na grúpaí.
Páiste amháin ag tabhairt teoracha don ghrúpa chun é a tharraingt.

Aonad teagaisc agus foghlama do ranganna 1 agus 2



1. Plean ceachta

Ranganna 1 agus 2

Téama: Mé féin

Rólanna:

Bronntanais a thabhairt dá chéile

Rann: 'Breithlá Mo Dhaidí'

Feidhmeanna teanga

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- beannú do pháiste eile ar a lá breithe
- freagra a thabhairt don bheannacht
- bronntanas a thairiscint.

Áiseanna teagaisc:

Císte, coinne, cárta lá breithe, bronntanas
Pictiúir de na hainmhithe, den chóisir,
taifeadadh den dán

Modh múinte

An modh díreach

An modh closamhairc

Réamhchumarsáid

Spéis á cothú

Beannacht: Lá breithe sona duit! (Abair *dhuit*.)

Freagra: Go raibh maith agat!

Gníomhaíocht

An múinteoir ag croitheadh lámh le cúpla páiste agus á rá nó á chanadh.

Na páistí á dhéanamh lena chéile.

Rann

'Breithlá mo Dhaidí a bhí ann inné'

(Treasa Ní Ailpín)

Roimh éisteacht

Éist agus tarraing

Na hainmhithe a tháinig chuig an gcóisir a mhúineadh, ag úsáid pictiúr
(tíogar, béar, leon).

Pictiúr d'ainmhí amháin ag an gcóisir

Ceist réamhéisteachta

Cad a d'íth na hainmhithe? (An císte agus na coinne go léir.)

Seinn an rann

Mím de na heachtraí ag an gcóisir

Éisteacht arís agus teacht isteach anseo is ansiúd

(Ní gá an rann a fhoghlaim an chéad lá)

Rólanna á gcleachtadh

Bronntanas á thairiscint

Múinteoir: Seo duit!

Páiste: Go raibh maith agat!

Cumarsáid

Rólanna:

Ag teacht chuig an gcóisir

A: Lá breithe sona duit!

B: Go raibh maith agat!

A: Seo duit teidí!

B: Go raibh maith agat!

Na 'bronntanais' ar phictiúir. Tá a ceathair nó a cúig de phictiúir ag gach páiste.

Iarchumarsáid

Traschur eolais

An múinteoir agus na páistí ag cleachtadh go minic i rith na bliana le rudaí eile sa seomra: an
glantóir, peann luaidhe, leabhar

Seo duit!

Go raibh maith agat!

2. Plean ceachta

Ranganna 1 agus 2

Téama: Mé féin

Tasc: pictiúir a chur san ord ceart chun scéal leanúnach a insint

Rann: ‘Tá mé sé’

Feidhmeanna teanga

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- scéal a insint faoin gcóisir a bhí aige/aici dá lá breithe.

Áiseanna teagaisc

Cáca, coinne, cárta lá breithe, beart, pictiúir

Sé phictiúr den chóisir in ord, téacs an scéil.

Modh múinte

Modh na sraithe don scéal

Réamhchumarsáid

Spéis á cothú le réamhchaint faoi lá breithe agus aois

Dul siar ar an rann ‘Breithlá Mo Dhaidí’ trí huaire
Aithris an rainn ‘Haon, dó, capall is bó’

Lámha suas na daoine atá sé bliana d’aois! Seacht mbliana!
Rann nua: ‘Tá mé sé’ (Gabriel Rosenstock)

Ionchur na teanga nua don scéal

1. Bhí lá breithe ag (ainm páiste sa rang) inné (an ... seo caite).
2. Tháinig a c(h)airde go léir chuig an gcóisir.
Thug siad bronntanais dheasa dó/di.
3. D’imir siad cluichí agus bhí siad ag damhsa.
4. Tháinig Mamaí isteach leis an gciste. Las sí na coinne.
5. Chan gach duine ‘Lá breithe sona duit!’
6. Mhúch (ainm an pháiste) na coinne in aon anáil amháin.

Sé phictiúr, ceann do gach cuid den scéal

Gníomhaíocht: Mím

Déanaigí mím:
Thug siad bronntanas dó/di.
Las sí na coinne.
Mhúch sí na coinne.

Aithris agus athrá

Cumarsáid

Gníomhaíocht:
Obair ghrúpa
Cuir na pictiúir in ord

Tugtar na pictiúir do na páistí.
An grúpa ag insint an scéil eatarthu féin.
pictiúr a haon
pictiúr a dó, srl.

Na pictiúir in ord agus líne fúthu don scríbhneoireacht, de réir chaighdeán an ranga

Dul siar

Na rainn chomhairimh
‘Breithlá Mo Dhaidí’

3. Plean ceachta

Ranganna 1 agus 2

Téama: Mé féin

Cluiche tomhais:

Páistí ag tomhas cén bronnantas atá sa phictiúr.

Feidhmeanna teanga

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- na bronnantais a aithint agus a ainmniú
- ceist a chur faoi cad a fuair duine eile
- a rá cad a fuair sé/sí féin.

Áiseanna teagaisc

Pictiúir de na bronnantais: brící, ríomhaire, bábóg, liathróid

Modh múinte

An modh díreach

Réamhchumarsáid

Spéis á cothú le scéilín

Múinteoir: Nuair a bhí mise a cúig fuair mé bábóg. Fuair mé péire scátaí nuair a bhí mé a sé. Fuair mé leabhar nuair a bhí mé seacht mbliana. Fuair mo dheartháir Meccano nuair a bhí sé seacht mbliana. Fuair sé rothar nuair a bhí sé ocht mbliana, ach ní bhfuair mise aon rothar.

Gníomhaíocht aonair

Múinteoir: Cuir marc ar an bpictiúr den rothar ... den charr, den ríomhaire, den taifeadán, den leabhar.

Ionchur teanga

Ceist: Cad a fuair tú?
Freagra: Fuair mé scátaí.

Cumarsáid

Cluiche le cártaí

Ceist: Cad a fuair tú?
Freagra: Fuair mé scátaí.

Bíonn pictiúir de na brontannais ag na páistí.
Cuireann an múinteoir agus na páistí gach dara ceist.

Cumarsáid

Na bréagáin a ainmniú

Fuair mé carr/leoraí/scátaí/liathróid/cluiche ríomhaire

Cluiche tomhais i ngrúpaí

Conas imirt: Pictiúir bunoscionn i lár an ghrúpa.
Roghnaíonn páiste 1 pictiúr (de ríomhaire).
Fuair mé bronnantas do mo lá breithe. Cad é?
Na páistí eile ag tomhas: Rothar? Ní hea.
Carr? Ní hea.
Ríomhaire? Is ea. (Sea.)

4. Plean ceachta

Ranganna 1 agus 2

Téama: Mé féin

Tasc:

a (h)uimhir theileafóin féin á tabhairt ag gach páiste

Cluiche

Cluiche *bingo* a imirt

Feidhmeanna teanga

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- na huimhreacha 1–10 a aithint agus a ainmniú
- ceist a chur faoi uimhir theileafóin duine eile
- a rá cén uimhir atá aige/aici féin.

Áiseanna teagaisc

An clár dubh agus cailc

Uimhreacha

Cártaí *bingo*, teileafón bréige

Modh múinte

An modh díreach

Réamhchumarsáid

Dul siar

‘Haon, dó, capall is bó’

‘Ceithre rón thuas ar an gcloch’

(Teresa Ní Ailpín)

‘Cúig ubh istigh sa nead’

(Teresa Ní Ailpín)

Cluiche: *Bingo*

Múinteoir: Ag glaoch na n-uimhreacha

a dó (clúdaíonn an páiste 2)

a trí, a haon, a deich

Cleachtadh:

Cleachtaíonn na páistí sraith uimhreacha ar an gclár dubh

Uimhir theileafóin

1, 2, 3 ... 7, 8, 9, 8, 9, 2 ... 3, 5, 6, 8, 7, 3

Cleachtann na páistí a n-uimhreacha féin.

an múinteoir agus an rang ag cleachtadh don chumarsáid san obair bheirte

Cumarsáid

Obair bheirte

A: An bhfuil teileafón agat sa bhaile?

B: Tá.

A: Cén uimhir?

B: Uimhir a ... (Deir gach páiste a (h)uimhir féin.)

Nóta:

B'fhéidir go dtógfadh an ceacht seo cúpla lá.

5. Plean ceachta

Ranganna 1 agus 2

Téama: Mé féin

Tasc:

Uimhir theileafóin á rá

Comhrá gearr ar an teileafón

Cárta aitheantais a líonadh

Na feidhmeanna teanga

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- éisteacht le comhrá teileafóin
- rólanna a imirt ar an teileafón.

Áiseanna teagaisc

An clár dubh

Uimhreacha, teileafón bréige

Modh múinte

An modh closlabhartha don chomhrá teileafóin taifeadta

Iarchumarsáid

Dul siar

ar na huimhreacha teileafóin go tapa

Réamhchumarsáid

Éisteacht

Ionchur ó chomhrá teileafóin taifeadta

A: Haló! An é sin 765489?

B: Is é!

A: An bhfuil Liam ansin?

A: Tá. Cé atá ag caint?

B: Pól.

A: Tá go maith. Fan nóiméad!

Ceisteanna

réamhéisteachta

Múinteoir: Éist agus abair liom cé atá ag caint.

Seinn an téip. Stop. Deimhnigh an freagra. (Pól)

Múinteoir: Éist arís agus abair liom cén t-ainm atá ar an mbuachaill eile. (Liam)

Múinteoir: Éist arís agus abair liom cén uimhir theileafóin atá ag Pól.

Cumarsáid

Rólanna

Tugann an múinteoir treoracha do na páistí faoin gcomhrá teileafóin atá le déanamh.

Déanann sé/sí sampla le páiste amháin.

Páiste 1. Haló!

Páiste 2. Haigh! Cé atá ag caint?

Páiste 1. Máire! (Gach páiste ag rá a (h)ainm féin.)


Tasc scríofa

Cárta aitheantais simplí a líonadh

Ainm: _____ Seoladh: _____

Uimhir theileafóin: _____

Aonad teagaisc agus foghlama do ranganna 3 agus 4



1. Plean ceachta

Ranganna 3 agus 4

Téama: Bia

Tascanna:

- Sú oráistí a dhéanamh
- Ord a chur ar na briathra agus ar na pictiúir

Feidhmeanna teanga

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- oideas cócaireachta a thuiscint as Gaeilge
- bianna a aithint agus a ainmniú
- ord a chur ar na briathra.

Áiseanna

oráiste, scian, gloine, fáiscire

Luaschártaí de na briathra agus pictiúir den bhia

Modh múinte

An modh díreach

Modh na sraithe don oideas

Réamhchumarsáid

Spéis á cothú
Tomhas le mí

‘Chaith mé suas é chomh bán le sneachta, agus tháinig sé anuas chomh buí le hór. Cad é?’
Freagra: Ubh.

Tasc ranga
An sú á dhéanamh sa rang ag an múinteoir

- Ionchur teanga
1. Gearr an t-oráiste.
 2. Fáisc leath amháin.
 3. Fáisc an leath eile.
 4. Doirt isteach sa ghloine é.
 5. Ól é! (Caith siar é.)

Na briathra ar luaschártaí á gcur in ord ar an gclár dubh.

Cumarsáid

Tasc

Cuir pictiúir an oidis in ord:
1, 2, 3 ...

Grúpaí ag cur na bpictiúr in ord chun an t-oideas a chur le chéile.
Bíonn na páistí ag caint eatarthu féin.

Tascanna

Cuir téacs an oidis in ord.
Meaitseáil an téacs agus na pictiúir.

Duine amháin ón ngrúpa ag insint an oidis arís.

--	--	--	--	--	--

Iarchumarsáid

Na briathra a chleachtadh arís le mí

Múinteoir: Ar dtús cad a dhéanfaidh mé?
Páistí: Gearr an t-oráiste.
Múinteoir: Agus ansin?
Páistí: Fáisc leath amháin.

Agus mar sin de.

An aimsir chaite

Múinteoir: Cad a rinne mé?
Páistí: Ghearr tú ... d'fháisc tú ... dhoirt tú ... d'ól tú ...

Beannacht

‘Go ndéana sé maitheas is sláinte duit!’

Tasc breise

An t-oideas a scríobh sna cóipleabhair

2. Plean ceachta

Ranganna 3 agus 4

Téama: Bia

Cluichí teanga

Pictiúir a mheaitseáil le focail i gcluiche *bingo* nó snap

Chuaigh mé go dtí an siopa agus cheannaigh mé (+ liosta bia)

Feidhmeanna teanga

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- an bia a itheann sé/sí gach lá a aithint agus a ainmniú
- ceisteanna a chur agus a fhreagairt i gcluiche.

Áiseanna

Pictiúir de bhia, nó an bia féin

Luaschátaí den fhoclóir

Físeán de chócaireacht ar Theilifís na Gaeilge

Modh múinte

An modh díreach don fhoclóir

Réamhchumarsáid

Spéis á cothú

Ionchur teanga

An foclóir: oráiste, úll, arán, bainne, uisce, cóla, sceallóga, ispíní, anlann trátaí, briosaí, uachtar reoite

An foclóir i gcomhthéacs: Ithim ... gach lá
Ólaim ... gach lá

Gníomhaíocht

Ceist: Cad a itheann tusa gach lá, a Mháire?
Cad a ólann tusa gach lá, a Keith?

Freagraí: Pictiúir ag gach páiste, agus úsáideann siad iad chun na freagraí a thabhairt.

Cumarsáid

Cluiche ranga

Chuaigh mé go dtí an siopa.

Mínigh an cluiche le cúpla focal.

Imir cluiche samplach le cúpla páiste.

Páiste 1: Chuaigh mé go dtí an siopa. Cheannaigh mé úll.

Páiste 2: Chuaigh mé go dtí an siopa. Cheannaigh mé úll agus oráiste.

Páiste 3: Chuaigh mé go dtí an siopa. Cheannaigh mé úll agus oráiste, agus seacláid ...

Iarchumarsáid

Dul siar ar an bhfoclóir

bainne

ceapaire

feoil

uisce

úll

iasc

tae

seacláid

sceallóga

arán

oráiste

calóga arbhair

anlann trátaí

ispíní

Páistí aonair

Páistí aonair ag roghnú bia dóibh féin ó bhéal os comhair an ranga.
'Ithim sceallóga agus anlann trátaí gach lá.'

Grúpaí ag scríobh

Togh bia ón liosta agus scríobh biachlár do lón an phop-ghrúpa is fearr leat.
Cuid de na biachláir á scrúdú agus á léamh os ard.

3. Plean ceachta

Ranganna 3 agus 4

Téama: Bia

Tasc

Oideas a chumadh i ngrúpaí

Scéal

‘An Tíogar a Tháinig chun Tae’

Feidhmeanna teanga

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- foclóir: an bia agus na huirlisí a aithint agus a ainmniú
- ord a chur ar na briathra.

Áiseanna

Físeán d’oideas cócaireachta do pháistí ó TG4

Pictiúir de bhia

Luaschártaí de na briathra

Modh múinte

An modh díreach

Modh na sraithe

Réamhchumarsáid

Cluiche tomhais

Múinteoir: Tá rud beag cruinn agam. Cad é?

Páistí: An bhfuil dath buí/bán/dearg air?

An bhfuil dath flannbhuí air?

Cén dath atá air?

An féidir é a ithe?

An féidir é a ól?

Freagra: Oráiste (nó bia ar bith)

Dul siar ar an oideas a bhí acu cheana

gearr, fáisc, doirt

agus cabhair a fháil ó na páistí le briathra eile

Ionchur teanga nua

Briathra: nigh, rollaigh, cuir isteach

Foclóir: babhla, pláta, cruiscín

Cumarsáid

Tasc

Oideas a chumadh i ngrúpaí

Cumann na páistí oideas don bhéile is fearr leo.

Is féidir leo a bheith chomh haisteach agus is maith leo. Úsáidfidh siad an foclóir agus na briathra a d’fhoghlaim siad thuas.

Bíonn na páistí ag caint agus ag plé na n-oideas agus iad ag scríobh nó ag cóipeáil ó liostaí.

Iarchumarsáid

Tasc

Scríobh an t-oideas

Le cabhair an mhúinteora scríobhann na grúpaí na hoidis a bhí acu.

Cuireann siad ar phóstaí iad agus cuireann an múinteoir ar an mballa iad.

Maisíonn siad iad le pictiúir as irisí nó le pictiúir a tharraingíonn siad féin.

4. Plean ceachta

Ranganna 3 agus 4

Téama: Bia

Gníomhaíocht

Bia a léamh agus a roghnú ó bhiachlár chun béile a ordú sa bhialann

Feidhmeanna teanga

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- bia a aithint agus a ainmniú
- biachlár a léamh agus béile a ordú sa bhialann.

Áiseanna

Biachlár samplach

Léarscáil, luaschártaí

Físeán de Muzzy i mbialann

Modh múinte

An modh díreach chun na ceisteanna a mhúineadh i rólanna

An modh closamhairc don fhíseán

Réamhchumarsáid

Ceisteanna

Cad a itheann siad i Meiriceá? Borgairí agus sceallóga.

Sa Spáinn? Paella.

Sa Fhrainc? Arán bog bán—baguettes.

Cad a itheann páistí na hÉireann? Sibhse?

Ionchur teanga nua

Múinteoir: Cad a deir tú nuair a bhíonn tú sa bhialann?

Beidh ... agam (+ an foclóir)

An bhfuil ... agat?

Éisteacht le sceitse

1. Bhuel, cad a bheidh agat?

taifeadta

2. Beidh **sceallóga** agus **borgaire** agam.

1. Aon rud eile?

2. An bhfuil **anlann trátaí** agat?

1. Tá. Tá deich bpingin air.

Cleachtadh

Rogha ag na páistí

Beirteanna oscailte

ansin focail eile ó liosta bia a chur in áit na bhfocal sa chló trom.

agus dúnta

Cumarsáid

Béile a ordú

Grúpaí sa bhialann. Biachlár ag gach grúpa agus seans acu iad a léamh agus a phlé.

Biachlár ag an bhfreastalaí, tic a chur ar an mbia seachas scríobh.

Iarchumarsáid

Tuairisc

Seasann an freastalaí agus tugann cuntas ar an mbia a d'ordaigh na daoine sa ghrúpa.

Liosta mar seo:

‘Ba mhaith leo sceallóga, cóla, ispiní, borgaire, cáis ...’

5. Plean ceachta

Ranganna 3 agus 4

Téama: Bia

Cluiche

Aimsigh na difríochtaí idir dhá phictiúr den chistin. Na huirlisí cócaireachta agus na gréithe i suímh dhifriúla.

Feidhmeanna teanga

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- na gréithe a aithint agus a ainmniú
- ceisteanna a chur agus a fhreagairt faoi dhá phictiúr.

Áiseanna

Pictiúir de na gréithe agus na huirlisí nach féidir a thabhairt isteach

Dhá phictiúr do gach beirt sa rang

Modh múinte

An modh díreach

An modh closamhairc

Réamhchumarsáid

Spreagadh

Pictiúr amháin a chur suas ar an gclár dubh nó ar an osteilgeoir.

Na páistí ag cabhrú leis an múinteoir chun na huirlisí a ainmniú.

Ag barr an phictiúir tá ...

Ag bun an phictiúir tá ...

Ar an taobh clé/deas den phictiúr tá ...

An foclóir: bord, gloine, cófra, seilf, fáiscire, taephota, crúiscín, cupán, pláta, forc, scian

Cumarsáid

Cluiche a imirt

Tugtar an dá phictiúr do na beirteanna.

Tá difríochtaí beaga eatarthu.

Cuireann na beirteanna ceisteanna mar seo:

Páiste A: An bhfuil scian i do phictiúr?

Páiste B: Tá./Níl. An bhfuil fáiscire i do phictiúr?

Páiste A: Tá./Níl. An bhfuil gloine i do phictiúr?

Páiste B: Tá./Níl. Cá bhfuil sí?

Páiste A: Ar an taobh clé. An bhfuil pláta ar an mbord?

Páiste B: Tá./Níl.

agus mar sin de

Iarchumarsáid

Seanfhocal

‘Is maith an t-anlann an t-ocras.’

Lúibín (amhrán)

‘Lúibín Ó Lú, bí lú is bí láidir,
Lúibín a’ chitil is lúibín a’ tsáspain
Lúibín Ó Lú, bí lú is bí láidir.’

Measúnú

Cumarsáid i suímh eile

- Ag an mbricfeasta
- Ag an dinnéar
- Am lóin ar scoil

Scribhneoireacht

Biachlár nó oideas nó scéal a scríobh le cabhair an ríomhaire.


Tasc

Is féidir leis na páistí cur leis an amhrán. Níl le cumadh ach líne amháin in áit na líne sa chló trom; mar shampla,

Lúibín a chumadh

‘**Lúibín a’ chupáin is lúibín a’ tsásair.**’

Aonad teagaisc agus foghlama do ranganna 5 agus 6



1. Plean ceachta

Ranganna 5 agus 6

Téama:
Caitheamh aimsire

Tasc

Teideal a chur ar scannán gan féachaint air

Feidhmeanna teanga

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- teideal a chur ar scannán
- fuaimeanna an scannáin a phlé
- ceist agus freagra faoi na fuaimeanna a chuala sé/sí.

Áiseanna

Cúpla nóiméad de scannán (*Back to the Future*, mar shampla).

Póstaeir de scannáin dhifriúla

Modh múinte

Úsáid físeáin

Réamhchumarsáid

Spéis á cothú	An múinteoir agus na páistí ag plé fuaimeanna a chloiseann siad go hiondúil sna scannáin
Ionchur teanga	Cloiseann tú fuaim, fuaimeanna, glór, glórtha, ard, íseal, ceol ag tús an scannáin ...
Beirteanna	Ceist: Cad a chloiseann tú? Freagra: Cloisim glór nó ceol ard nó íseal ...
Tasc réamhchumarsáide	Seinneann an múinteoir taifeadadh de ghlórtha nó d'fhuaimeanna ceoil. Ná páistí ag tomhas.

Cumarsáid

Tasc	Éisteacht le tús an scannáin gan é a fheiceáil (1–2 nóiméad)
Cuir ainm ar an scannán	Eolas a bhailiú faoi na fuaimeanna nó faoin gceol Cén saghas scannáin? (Leideanna ón gceol) Ainm an scannáin a thomhas Comparáid a dhéanamh leis an ainm ceart An bhrí a bhí leis na fuaimeanna, agus mar sin de. Plé
Tasc	Na páistí ag tomhas cad a tharla ina dhiaidh sin.
Beirteanna	Cad a tharla ansin?

Iarchumarsáid

Dul siar	Chuaigh, tháinig, thit, throid sé, phós sé/sí, ar dtús, ansin, ag an deireadh. Tuirisc ar an obair bheirte don rang.
Dúshlán breise	Sílim go/gur ... Measaim go/gur ... Ní dóigh liom go/gur ...

2. Plean ceachta

Ranganna 5 agus 6

Téama:

Caitheamh aimsire

Tasc

Fáil amach cé na scannáin atá ar siúl

Feidhmeanna teanga

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- a rá cén scannán atá ar siúl
- ceist a chur faoi am
- ceist a chur faoi mhian duine eile
- a rá gur maith leis/léi agus gur fearr leis/léi X ná Y.

Áiseanna

Póstaeir ó shiopa físeán

Seanchóip de *Foinse*

Páipéar nuachta—treoir do na scannáin

Modh múinte

An modh díreach

Luaschártaí

Réamhchumarsáid

Ionchur teanga

Cad tá ar siúl sa phictiúrlann?

‘X’ (ainm an scannáin)

Cleachtadh

Ceisteanna agus freagraí

simplacha

Cad tá ar siúl ar an teilifís?

Tá ‘Sa Bhaile agus i gCéin’ ar RTÉ ag a seacht a chlog anocht.

Tá quiz ar siúl ar TG4 ar an Domhnach

Tá clár taistil ar an mBBC ag leathuair tar éis a seacht ar an Aoine.

Cé atá sa scannán?

Tá X agus Y ann.

Cumarsáid

Ábhar dílis

Úsáideann na páistí leathanaigh as *Foinse* nó as an *RTÉ Guide*.

Leathanach éigin idir gach beirt, cúpla ceann difriúil timpeall an ranga más féidir.

Tasc

Cad tá ar siúl ar an teilifís?

Beirteanna

A: Ceist: Cad tá ar siúl anocht?/ar an Satharn?

(rogha ag an bpáiste)

B: Freagra (rogha ag an bpáiste)

Iarchumarsáid

Graf a dhéanamh ar an gclár dubh de na scannáin is fearr leis na páistí as an rogha a bhí acu. É a fhágáil ar an mballa mar dhaingniú.

Is maith linn ...

Is fearr linn ...

Dúshlán breise

Cluiche: ‘Cé mise?’

Leid: Tá mé óg.

Is fear mé.

Tá mé an-dathúil.

3. Plean ceachta

Ranganna 5 agus 6

Téama:

Caitheamh aimsire

Rólanna

Fadhb le réiteach ag grúpa páistí faoi cá rachaidh siad anocht

Feidhmeanna teanga

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- a rá cén scannán a thaitníonn leis/léi
- fiosrú faoi am agus faoi phraghas an scannáin.

Áiseanna

Leidchártaí don imirt i rólanna chun an fhadhb a réiteach.

Póstaeir do scannán leis an am agus na réaltóga air.

Modh múinte:

An modh díreach

Sampla ón múinteoir do na rólanna

Iarchumarsáid

Dul siar go tapa

Tá X ar siúl sa phictiúrlann.

Ní maith liom X.

An maith leat X?

Ar mhaith leat dul go dtí ... (scannán éigin)?

Ba mhaith/Níor mhaith. Mar ní maith liom ...

Cumarsáid

Fadhb le réiteach

An cárta seo le léamh agus le míniú ag an múinteoir

Tá James Bond (nó scannán éigin) ar siúl sa phictiúrlann. Tá ceathrar agaibh ag iarraidh teacht ar chomhréiteach faoi cá rachaidh sibh anocht, cén t-am, agus cén praghas a íocfaidh sibh.

Cárta ag gach duine sa ghrúpa. Ní fheiceann siad cártaí a chéile. Tá bearna in eolas na bpáistí mar sin.

Cárta 1

Ba mhaith leat dul go dtí an Savoy anocht ag a hocht. Níl mórán airgid agat.

Cárta 2

Ba bhreá leat dul chuig an gcoirm cheoil anocht ach tá sé an-daor. Rachaidh tú chuig scannán le do chairde.

Tabhair cúpla nóiméad don rang na cártaí a léamh agus an ról a ullmhú.

Cárta 3

Ná habair dada ar feadh tamaillín. Ní maith leat aon scannán atá ar siúl. Bí ag rá: 'Is fuath liom X' nó 'Ní maith liom Y.'

Cárta 4

Is breá leat James Bond, ach tá an scannán sin feicthe agat. Ba mhaith leat scannán nua Disney a fheiceáil.

Iarchumarsáid

Tuairisc

An cúigiú duine ag scríobh nótaí den phlé agus den chomhréiteach nuair a bhíonn an plé ar siúl.

Tuairisc le léamh don rang tar éis an imirt i rólanna.

4. Plean ceachta

Ranganna 5 agus 6

Téama:
Caitheamh aimsire

Tasc

Tuairisc a thabhairt ar scannán

Feidhmeanna teanga

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- tuairisc a thabhairt
- scéal a insint
- eachtraí a chur in ord.

Áiseanna

Cártaí le briathra an scéil

Modh múinte

Modh na sraithe don scéal

Réamhchumarsáid

Spéis á cothú

Scéal scannáin a chonaic an múinteoir agus na páistí le chéile a insint
Cad a tharla ar dtús?

Briathra in ord ar
an gclár dubh

Chonaiceamar na réaltóga ... Bhí siad ag troid.
Bhuail sé le ... agus thit siad i ngrá. Chuaigh X in eitleán. Thit sé ...
Tháinig sé ... D'éalaigh sé ...
Ansin ... agus ansin ...
agus faoi dheireadh ...

Cumarsáid

Tasc

Sé cárta ag gach grúpa agus scéal scríofa orthu.
Caint agus plé chun teacht ar ord an scéil.

Leideanna ón teanga ar na cártaí, mar shampla:
Ar dtús ... agus faoi dheireadh.

Iarchumarsáid

Tuairisc

Duine amháin as gach grúpa ag tabhairt tuairisce don rang agus ag insint an scéil.
An múinteoir ag cur na dteideal éagsúil ar an gclár dubh.
Caint agus plé faoi na scannáin.

Dúshláin bhreise

Ríomhaire a úsáid chun scannán ranga a chumadh. Clár réamhullmhaithe pictiúr a úsáid.
An scéal a scríobh
nó
Script shimplí a scríobh.

5. Plean ceachta

Ranganna 5 agus 6

Téama:

Caitheamh aimsire

Sceitse

Oscar a bhronnadh ar aisteoir X.

Feidhmeanna teanga

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- a rá gur maith leis/léi aisteoir áirithe
- a rá cén t-aisteoir is fearr ar fad
- na haisteoirí agus na scannáin a chur i gcomparáid.

Áiseanna

Samhail den ‘Oscar’

Físeán de sheó na ‘nOscars’
(dhá nóiméad)

Modh múinte

An modh díreach

An modh closamhairc —úsáid físeáin

Réamhchumarsáid

Argóint idir an múinteoir agus na páistí

Comparáid a dhéanamh idir na haisteoirí ina mbeirteanna

Tá X níos fearr ná Y.

Tá X go hiontach/go han-mhaith.

Níl X níos fearr ná Y. Tá Y níos fearr ná X.

Ionchur teanga nua

Is aisteoir/stiúrthóir an-mhaith é.

Is é/í X an t-aisteoir/an stiúrthóir is fearr ar fad.

Cumarsáid

Sceitse

‘Oscar’ don aisteoir is fearr

Máistir na searmanas:

Agus seo Oscar don aisteoir is fearr.

Bhí sé/sí sa scannán (+ teideal)

Seo duit!

An t-aisteoir:

Go raibh maith agat!

Cleachtadh

Beirteanna dúnta ar dtús

Beirt os comhair an ranga ansin

Iarchumarsáid

Plé

Plé faoi oíche na nOscars i Hollywood. Cad a tharlaíonn?

1. Gabhann an buaiteoir buíochas le gach duine.

2. Ainmníonn sé/sí iad.

Sceitse

Dhá thaobh an ranga ar dtús

Beirteanna ansin

An t-aisteoir: Agus anois gabhaim buíochas le gach duine—

le mo bhean chéile/fhear céile,

leis an stiúrthóir,

libh go léir atá anseo inniu.

Go raibh maith agaibh arís.

Dúshlán breise

Físeán: Comparáid le giota as oíche na nOscars ó Hollywood. É a fháil ó TG4, más féidir.

Pleanáil an mhúinteora

Fráma d’ullmhú an cheachta

Plean ceachta

Rang:

Téama:

Tasc nó cluiche:

Amhrán nó dán:

Feidhmeanna teanga

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- ceist a chur faoi ...
- a rá gur ...
- freagra a thabhairt faoi ...

Áiseanna

Pictiúir
Póstaeir
Físeán
Taifeadán
Dlúthcheirnín
Ríomhaire
Modh múinte

Réamhchumarsáid

(timpeall 12 nóiméad)

Gníomhaíochtaí

Ionchur teanga:

Foclóir nua i gcomhthéacs

Feidhmeanna teanga i gcomhthéacs

Aithris agus athrá

Cleachtadh

Cumarsáid

(timpeall 12 nóiméad)

Tasc

Úsáid na teanga ón tréimhse réamhchumarsáide

nó

Cluiche

nó

Gníomhaíocht

Iarchumarsáid

(timpeall 6 nóiméad)

Athchúrsáil na teanga

Dul siar

Cleachtadh ar chuid den ghramadach a bhí míchuinn le linn úsáid na teanga.

Traschur an eolais:

go suímh eile

go tascanna eile

Tascanna breise nó dúshláin bhreise chun tuilleadh úsáide a bhaint as

an teanga nua agus as na feidhmeanna teanga.

Amhrán nó dán

Spreagadh

Curfá éasca nó téama ceangailte leis an gceacht

Foclóir úsáideach

Teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide

Tá sé ríthábhachtach go mbeidh múinteoirí bunscoile agus páistí araon in ann úsáid a bhaint as na deiseanna uile atá ar fáil trí theicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide.

Na háiseanna éagsúla

Is iomaí áis atá ar fáil laistigh de theicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide. Beidh na páistí in ann úsáid a bhaint as an-chuid acu ach iad a chur ar an eolas fúthu. Is iad na cinn is minice a úsáidfear i múineadh na Gaeilge sna bunscoileanna ná:

- cláir faoi leith ar dhiosca
- dlúthdhiosca-ROM

An ríomhaire pearsanta

- cluichí do pháistí de gach aois
 - cluichí matamaitice
 - eachtraí
 - scéalta idirghníomhacha
- cláir speisialta pictiúr as ar féidir ‘scannáin’ a dhéanamh nó scéal leanúnach a scríobh
 - an scríbhneoireacht a chleachtadh sa rang
 - próiseas na scríbhneoireachta ullmhú, dréachtú, ceartú agus eagarthóireacht an ghiota scríbhneoireachta
 - litriú agus ord aibítire a dheimhniú
- graificí, pictiúir agus léarscáileanna a úsáid i scríobh scéalta nó i ndearadh cartúin nó mar léaráid i scéal nó i gcur síos

Ríomhphost

- nótaí agus teachtaireachtaí á scríobh chuig scoileanna eile agus chuig na páistí i ranganna eile sa scoil chéanna
- nótaí agus litreacha ó pháistí eile á bhfáil agus á léamh

Idirlíon

- eolas a lorg agus a fháil ó na seirbhísí atá ar fáil agus ó GaelOidNet
- úsáid a bhaint as an eolas i dtionscadail ghrúpa agus ranga



Páistí ag obair le ríomhairí

- ceachtanna Gaeilge sa seomra ranga fíorúil

páirt a ghlacadh i gceachtanna breise Gaeilge

caint le múinteoirí agus le foghlaimoirí eile trí cheangal leis an seomra ranga fíorúil.

Achoimre

Is féidir teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide a úsáid i múineadh agus i bhfoghlaim na Gaeilge. Is maith le páistí í agus tá béim láidir ar úsáid an ríomhaire i ngach gné den saol. Ní gá go mbeadh páistí óga in ann clóscríobh as Gaeilge, ach is féidir leo léitheoireacht shimplí a dhéanamh agus treoracha a leanúint chun cluiche a imirt. Uaireanta is féidir úsáid a bhaint as cláir Bhéarla ach bun an scáileáin a chlúdach má tá scríbhneoireacht air. D'fhéadfaí léarscáileanna, eolas stairiúil agus ginearálta a thraschoipeáil tar éis a bheith ag scimeáil ar an idirlíon agus is féidir an t-eolas seo a aistriú go Gaeilge. Tá eolas trí Ghaeilge le fáil freisin ó ghréasáin atá curtha ar bun ag gníomhaireachtaí áirithe. Is féidir Gaeilge a fhoghlaim taobh amuigh den scoil sa seomra ranga fíorúil ach a bheith ceangailte leis an gclár sin.

Ag féachaint go géar ar obair an pháiste

Úsáid na n-uirlisí measúnaithe

Is féidir leis an múinteoir forbairt theanga an pháiste a mheasúnú san fhadtearma agus sa ghearrthearma. Trí úsáid a bhaint as uirlisí cuí measúnaithe is féidir súil a choimeád ar dhul chun cinn an pháiste. Ag an am céanna úsáidfídh an múinteoir ábhar teagaisc agus foghlama agus straitéisí a sholáthróidh comhthéacsanna taitneamhacha do na páistí a chuirfidh le héifeacht a gcuid foghlama.

Dírbhreathnú an mhúinteora ar an bpáiste

Is í seo an uirlis mheasúnaithe is coitianta a úsáideann múinteoirí agus sonrú leanúnach á dhéanamh acu ar scileanna teanga an pháiste. Measúnú neamhfhoirmiúil a bhíonn ar siúl ag an múinteoir. Ar an mbealach seo coimeádann an múinteoir súil ar an bpáiste ó lá go lá—má éiríonn nó mura n-éiríonn lena c(h)uid iarrachtaí i dtuiscint agus in úsáid na teanga, a d(h)earcadh i leith na teanga agus an chaoi a n-úsáideann sé/sí í go fonnmhar nó a mhalairt. D'fhéadfadh an múinteoir nótaí gairide a dhéanamh ó am go ham faoi pháistí aonair nó díriú isteach ar ghrúpa páistí anois is arís agus mar sin dul timpeall an ranga go léir.

Tascanna agus trialacha deartha ag an múinteoir

Úsáideann an múinteoir tascanna go minic chun ábaltacht an pháiste i láimhseáil na ceithre scil teanga a mheasúnú. Sna ceachtanna éagsúla bíonn na ceithre scil comhtháite lena chéile agus go hiondúil bíonn tasc nó gníomhaíocht le déanamh nó cluiche le himirt. Is féidir leis an múinteoir díriú ar pháiste nó ar ghrúpa i measúnú an taisc nó an chluiche. Ní gá i gcónaí tascanna difriúla a dhearadh go speisialta don mheasúnú ach is féidir díriú ar chodanna den tasc, mar shampla ar thuiscint nó ar úsáid na teanga, nó ar chumas léitheoireachta nó scríbhneoireachta an pháiste, nuair a bhíonn an tasc ar siúl. Beidh an measúnú níos éifeachtaí fós má thugtar tasc breise do na páistí ina bhfeicfidh an múinteoir an bhfuil an páiste in ann an teanga a foghlaimíodh i suíomh amháin a thraschur nó a ghinearálú go suíomh nua.

Bailiúchán d'obair agus de thionscadail an pháiste

Tá na bailiúcháin seo an-úsáideach chun dul chun cinn agus deacrachtaí an pháiste a mheasúnú. B'fhéidir go gcoinneofaí taifeadadh de/di ag léamh os ard, ag rá dáin nó ag glacadh páirte i gcomhrá, nó píosa scríbhneoireachta nó torthaí scríofa tionscadail ina raibh na ceithre scil comhtháite. Is féidir pictiúr suimitheach d'obair an pháiste a fháil mar sin.

Próifílí curaclaim

Cabhraíonn an measúnú leanúnach leis an múinteoir pictiúr iomlán d'ábaltacht an pháiste aonair i leith na Gaeilge a chur le chéile i bpróifíl curaclaim. Coinnítear cur síos gairid ar dhearcadh agus ar iompar an pháiste i leith cuspóirí an curaclaim sa phróifíl. Trí phróifíl curaclaim gheobhaidh an múinteoir pictiúr iomlán d'ábaltacht an pháiste, óna c(h)umas i leith foghlaim na teanga go dtí a c(h)umas cumarsáide, is é sin toradh na hoibre sa rang.

Trialacha diagnóiseacha agus caighdeánaithe

Chuirfeadh raon trialacha diagnóiseacha agus caighdeánaithe gairmiúla go mór le próiseas an mheasúnaithe sna scoileanna. Ba cheart go mbeadh noirm dhifriúla sna cineálacha éagsúla scoileanna, agus bheadh an múinteoir ag súil le cumas cumarsáide níos airde dá réir sna scoileanna Gaeltachta agus scoileanna lán-Ghaeilge. Is é an príomhrud atá le tomhas ná a éifeachtaí is a éiríonn leis an bpáiste aonair cumarsáid a dhéanamh. Ba cheart go mbeadh na tascanna measúnaithe i gcoitinne ar aon dul leis na tascanna foghlama a bhfuil taithí ag an bpáiste orthu, is é sin go bhfuil cur chuige na dtrialacha cumarsáideacha cosúil leis an gcur chuige sna straitéisí teagaisc agus foghlama. Ag an am céanna tá sé tábhachtach go dtaispeánfadh an córas measúnaithe gur féidir leis an bpáiste

an cumas a léiríonn sé/sí i suíomh sóisialta amháin a aistriú go suíomh nó go comhthéacs eile, ag úsáid réimsí éagsúla labhartha agus scríofa.

Dá mbeadh deacrachtaí tuisceana agus foghlama léirithe ag an bpáiste ba chóir don mhúinteoir obair bhreise nó tascanna faoi leith a ullmhú dó/di. D'fhéadfadh an múinteoir trialacha dá c(h)uid féin a chumadh agus féachaint chuige go soláthróidís an t-eolas a chuirfeadh ar a c(h)umas cabhrú leis an bpáiste.

Cothromaíocht sa chóras measúnaithe

Caithfear na trialacha foirmiúla nó na tascanna neamhfhoirmiúla a dháileadh ar bhealach nach dtógfaidh rómhór ón am teagaisc. Má bhíonn ceangal soiléir idir na cuspóirí foghlama agus an cur chuige sa rang ón tús bíonn an múinteoir níos cinnte faoin toradh a bhfuil súil aige/aici leis, agus amanna is féidir an measúnú a dhéanamh le linn an taisc atá mar chuid den cheacht.



*Gaeilge sa
chlós*

Roinn 6

Aguisín

Tagairtí sa churaclam agus sna treoirlínte

Atlatis, J., Altman, H., agus Atlatis, P.	<i>The Second Language Classroom: Directions for the 1980s</i>	Oxford University Press, 1981
Baudains, R. agus M.	<i>Alternatives Games, Exercises and Conversations for the Language Classroom</i>	Pilgrims Longman Resource Books, 1990
Brown, G., agus Yule, G.	<i>Teaching the Spoken Language An Approach Based on the Analysis of Conversational English</i>	Cambridge Language Teaching Library, 1991
Brumfit, C., agus Johnson, K. (eag.)	<i>The Communicative Approach to Language Teaching</i>	Oxford University Press, 1983
Byrne, D.	<i>Techniques for Classroom Interaction</i>	Longman Keys to Language Teaching, 1987
Candlin, C. (eag.)	<i>The Communicative Teaching of English</i>	Longman Group, 1981
Doyé, P., agus Hurrell, A. (eag.)	<i>Foreign Language Education in Primary Schools</i>	Council for Cultural Co-operation, Council of Europe Press, 1997
Dunn, O.	<i>Developing English with Young Learners</i>	Essential Language Teaching Series, Modern English Publications, 1989
Edge, J.	<i>Essentials of English Language Teaching</i>	Longman Keys to Language Teaching, 1993
Ellis, R.	<i>Second Language Acquisition and Language Pedagogy</i>	Multilingual Matters, 1992
Finocchiaro, M., agus Brumfit, C.	<i>The Functional-Notional Approach From Theory to Practice</i>	Oxford University Press, 1983
Garton, S., agus Pratt, C.	<i>Learning to Be Literate</i>	Blackwell, (1989) 1995
Geekie, P., agus Raban, B.	<i>Learning to Read and Write Through Classroom Talk</i>	Trentham Books, 1993
Grellet, F.	<i>Developing Reading Skills</i>	Cambridge University Press, 1981
Hadfield, J.	<i>Advanced Communication Games Elementary Communication Games</i>	Nelson, 1987 Nelson, 1984

Hall, D., agus Foley, M.	<i>Survival Lessons Resource Material For Teachers</i>	Nelson, 1990
Hall, N., agus Robinson, A.	<i>Exploring Writing and Play in the Early Years</i>	David Fulton Publishers, 1995
Hannon, P.	<i>Literacy, Home and School</i>	Falmer Press, 1995
Harmer, J.	<i>The Practice of English Language Teaching</i>	Longman, 1993
	<i>Teaching and Learning Grammar</i>	Longman Keys to Language Teaching, 1989
Harris, J., Uí Dhufaigh, M., Ó Súilleabháin, E. agus Ó Néill, P.	<i>Cúrsaí Nua Gaeilge na Bunscoile: Moltaí agus Ábhar Samplach Imleabhar 1: Naíonáin Shóisearacha/Rang 2. Imleabhar 2: Rang 3/6</i>	Institiúid Teangeolaíochta Éireann, 1996
Hickey, T.	<i>An Luath-Thumadh in Éirinn: Na Naíonraí</i>	Institiúid Teangeolaíochta Éireann, 1997
Holden, S.	<i>Drama in Language Teaching</i>	Longman Handbooks for Language Teachers, 1981
Johnson, K.	<i>Communicative Syllabus Design and Methodology</i>	Pergamon Institute of English, Pergamon Press, 1983
Jolly, D.	<i>Writing Tasks An Authentic-Task Approach to Individual Writing Needs</i>	Cambridge University Press, 1992
Larsen-Freeman, D.	<i>Techniques and Principles in Language Teaching</i>	Oxford University Press, 1986
Lee, W. R.	<i>Language Teaching Games and Contests</i>	Oxford English, Oxford University Press, 1987
Lindstromberg, S.	<i>The Recipe Book Practical Ideas for the Language Classroom</i>	Pilgrims Longman Resource Books, 1990
Little, D., et al.	<i>Towards a Communicative Curriculum for Irish</i>	Centre for Languages and Communication Studies, Trinity College, Dublin, i gcomhar le Bord na Gaeilge, gan dáta
Littlewood, W.	<i>Communicative Language Teaching: An Introduction</i>	Cambridge University Press, 1981
Littlewood, W.	<i>Foreign and Second Language Learning</i>	Cambridge Language Teaching Library, 1984

Littlewood, W.	<i>Teaching Oral Communication</i>	Blackwell, 1992
Mac Eoin, Tomás	<i>Loscadh Sléibhe</i>	Cló Iar-Chonnachta, 1989
Maley, A.	<i>Roleplay</i>	Oxford English, Oxford University Press, 1994
Matterson, E.	<i>Play With a Purpose for the Under Sevens</i> (eagrán nua)	Penguin, 1989
Matthews, A., et al.	<i>At the Chalkface</i>	Edward Arnold, 1988
Morgan, J., agus Rinvolucrí, M.	<i>Once Upon a Time</i>	Cambridge Handbooks for Language Teachers, 1987
Munby, J.	<i>Communicative Syllabus Design</i>	Cambridge University Press, 1978
Ní Ailpín, Treasa	<i>Amhráin do Phaistí</i> <i>Sonás is Só</i> <i>Timpeall an Tí</i>	An Comhchoiste Réamhscolaíochta, gan dáta An Gúm, 1993, an tríú cló An Gúm, 1993, an dara cló
Ní Nuadháin, N.	‘Spléachadh ar an gcúrsa comhrá bunscoile: atógáil agus forlíonadh’ in <i>Teagasc na</i> <i>Gaeilge 5</i> , Liam Mac Mathúna (eag.)	Comhar na Múinteoirí Gaeilge, 1985
	<i>Cluichí Teanga sa Seomra Ranga</i> Físeán de chluichí teanga á n-eagrú	Lárionad na Múinteoirí, an Charraig Dhubh, 1988
	<i>Aimsigh na Difríochtaí</i> Leabhar cluichí teanga	1986
	<i>Cluichí Teanga sna Bunranganna</i> Pacáiste teagaisc	Aonad Forbartha Curaclaim, Coláiste Mhuire gan Smál, 1992
Norton, S.	‘Bridging the formal and informal in fields of Irish language learning at primary level’ in <i>Language Learning in Formal and Informal</i> <i>Contexts</i> , D. Singleton and D. G. Little (eag.)	IRAAL, 1984
Nunan, D.	<i>Designing Tasks for the Communicative Classroom</i>	Cambridge University Press, 1989
	<i>The Learner-Centred Curriculum</i>	Cambridge University Press, 1989
	<i>Syllabus Design</i>	Oxford University Press, 1988

Ó Baoill, D. (eag.)	<i>Insealbhú na Gaeilge mar Chéad Teanga/ Acquisition of Irish as a First Language</i>	Irish Association for Applied Linguistics, 1992
Ó Cathasaigh, R.	<i>Rabhlaí Rabhlaí Rogha Rannata Traidisiúnta don Aos Óg</i> Na rainn á rá ag trí ghlúin de mhuintir Chorca Dhuibhne agus á dtionlacan ag Stiofán Ó Cuanaigh	Aonad Forbartha Curacalaim, – Ollscoil Luimnigh – agus Oidhreacht Chorca Dhuibhne, Baile an Fheirtéaraigh, 1998
Ó Cionnaith, Seán	<i>Rainn agus Rimeanna</i>	Cló Iar-Chonnachta, 1990
Ó Conchúir, D.	‘An drámaíocht chruthaitheach mar áis teagaisc i múineadh na Gaeilge’ in <i>Teagasc na Gaeilge 2</i> , Liam Mac Mathúna (eag.)	Comhar na Múinteoirí Gaeilge, 1981
Ó Conchúir, D., agus Ó Súilleabháin, E.	<i>Modh an Aoibhnis: An Drámaíocht mar Áis do Mhúineadh na Gaeilge</i> <i>Modh an Aoibhnis</i> Físeán do mhúinteoirí	Cló Iar-Chonnachta, 1993 Cló Iar-Chonnachta, 1991
Ó Dubhghaill, A.	‘Múineadh scríbhneoireacht na Gaeilge i scoileanna na Galltachta’ in <i>Teagasc na Gaeilge 3</i> , Liam Mac Mathúna (eag.)	Comhar na Múinteoirí Gaeilge, 1983
Ó Háinle, Í., agus Ó Murchú, H.	<i>Ceol agus Gluaiseacht</i> Treoracha agus ceol do ghluaiseachtaí don chorp (leabhar agus caiséad)	An Comhchoiste Réamhscolaíochta, 1984
Ó hEachthigheirn, S.	<i>Féach</i> dánta greannmhara do ranganna 5 agus 6	Cló Iar-Chonnachta, 1991
Ó Murchú, H. (eag.)	<i>Gaeilge sa Bhunscoil: Scileanna agus Spriocanna Scáthshiollabas</i>	Comhar na Múinteoirí Gaeilge, 1983
Ó Raghallaigh, C.,	<i>Muzzy</i> <i>Cúrsa Nua Gaeilge ar Video</i>	Telegael, BBC agus Lingua, 1994
Prabhu, N. S.	<i>Second Language Pedagogy</i>	Oxford University Press, 1987
Prodromou, L.	<i>Mixed Ability Classes</i>	MEP Monographs, Macmillan, 1992
Rinvolutri, M., agus Davis, P.	<i>More Grammar Games</i>	Cambridge University Press, 1995

Rivers, W.	<i>Communicating Naturally in a Second Language</i>	Cambridge Language Teaching Library, Cambridge University Press, 1994
Roinn Oideachais	<i>Notes For Teachers—Irish</i>	An Roinn Oideachais, 1933
Rosenstock, G.	<i>Dánta Duitse</i> leabhar dánta agus caiséad	Cló Iar-Chonnachta, 1988
	‘Labhraidh Loingseach’ in <i>Tríocha Dráma do Dhaltai Bunscoile</i> in eagar ag N. Ní Nuadháin	Cló Iar-Chonnachta 1998, athchló
Saracho, O. N., agus Spodek, B. (eag.)	<i>Language and Literacy in Early Childhood Education</i>	Teachers' College Press, Columbia University, 1993
Scott, W., agus Ytreberg, L. H.	<i>Teaching English to Children</i>	Longman Keys to Language Teaching, 1990
Sheils, J.	‘Implications of the communicative approach for the role of the teacher’ in <i>New Approaches in the Language Classroom: Coping with Change</i> , D. Little, B. Ó Meadhra, agus D. Singleton (eag.)	CLCS, Coláiste na Tríonóide, 1986
Sheils, J.	<i>Communication in the Modern Languages Classroom</i>	Council of Europe, 1988
Uí Ghrádaigh, D.	‘Múineadh léitheoireacht na Gaeilge mar dhara teanga sa bhunscoil’ in <i>Teagasc na Gaeilge 2</i> , Liam Mac Mathúna (eag.)	Comhar na Múinteoirí Gaeilge, 1981
van Ek, J. A., agus Trim, J. L. M.	<i>Waystage 1990</i>	Council for Cultural Co-operation, Council of Europe Press, 1994
Walcyn-Jones, P.	<i>Pair-work A</i> <i>Pair-work B</i>	Penguin, 1981
White, R., agus Arndt, V.	<i>Process Writing</i>	Longman Handbooks for Language Teachers, 1991
Whitehead, M. R.	<i>Language and Literacy in the Early Years</i>	Paul Chapman, 1990
Widdowson, H. G.	<i>Teaching Language as Communication</i>	Oxford University Press, 1983
Willis, J.	<i>Teaching English through English</i>	Longman Handbooks for Language Teachers, 1987
Willis, J., agus D. (eag.)	<i>Challenge and Change in Language Teaching</i>	Heinemann, 1996

Wright, A., agus
Haleem, S.

Visuals for the Language Classroom

Longman Keys to Language
Teaching, 1996

Irisí:

Teagasc na Gaeilge
1–7

ailt faoi mhúineadh na Gaeilge

Comhar na Múinteoirí Gaeilge,
7 Cearnóg Mhuirfean,
Baile Átha Cliath 2

Teanga

Iris Chumann na Teangeolaíochta Feidhmí

ITÉ, 31 Plás Mhic Liam,
Baile Átha Cliath 2

Teangeolas

Iris ráithiúil le hailt faoin dátheangachas
agus faoi mhúineadh teangacha iasachta
agus an dara teanga

ITÉ, 31 Plás Mhic Liam,
Baile Átha Cliath 2

Leabhair: seoltaí na n-eagraíochtaí agus na bhfoilsitheoirí

ÁIS	31 Sráid na bhFiníní Baile Átha Cliath 2 Teil: (01) 6616522 Facs: (01) 6612378
Aonad Forbartha Curaclaim	Coláiste Mhuire gan Smál Luimneach Teil: (061) 314588 Facs: (061) 313632 Ríomhphost: cdu@mic.ul.ie
An Foras Teanga	7 Cearnóg Mhuirfean Baile Átha Cliath 2 (01) 6763222 Ríomhphost: bng@iol.ie
Bord na Leabhar Gaeilge	36 Páirc Gharrán na gCnó Baile Átha Cliath 14
Cló Iar-Chonnachta	Indreabhán Co. na Gaillimhe Teil: (091) 593307 Facs: (091) 593362 Ríomhphost: cic@iol.ie
Cló Mhaigh Eo	Colmán Ó Raghallaigh Clár Chlainne Mhuiris Co. Mhaigh Eo Teil: (094) 71744
Comhar na Múinteoirí Gaeilge	Bord na Gaeilge 7 Cearnóg Mhuirfean Baile Átha Cliath 2 Teil: (01) 6763222 Facs: (01) 6616564

An Comhchoiste Réamhscolaíochta Tta.	7 Cearnóg Mhuirfean Baile Átha Cliath 2 (01) 6763222
An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta	Camas Conamara Co. na Gaillimhe
Comhluadar	46 Sráid Chill Dara Baile Átha Cliath 2 (01) 6794780
CONCOS	Comhchoiste na gColáistí Samhraidh Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge 46 Sráid Chill Dara Baile Átha Cliath 2 (01) 6794780
Conradh na Gaeilge	6 Sráid Fhearchair Baile Átha Cliath 2 (01) 4757401
An Cumann Scoildrámaíochta	46 Sráid Chill Dara Baile Átha Cliath 2
Feachtas	37 Sráid na bhFíiníní Baile Átha Cliath 2 (01) 6681165
Gael-Linn	26 Cearnóg Mhuirfean Baile Átha Cliath 2 (01) 6767283

GaelOidNet

Mícheal Ó Broin
Scoil Chaitlín Maude
Cnoc Mór,
Tamhlacht
Baile Átha Cliath 24
Teil: (01) 4596141
Ríomhphost: obroin@iol.ie
Is féidir cuairt a thabhairt ar:
<http://www.iol.ie/~obroin/gaeloidnet/>

Gaelscoileanna

7 Cearnóg Mhuirfean
Baile Átha Cliath 2
(01) 6763222

Institiúid Teangeolaíochta Éireann

31 Plás Mhic Liam
Baile Átha Cliath 2
(01) 6765489

Lárionad na Múinteoirí

An Charraig Dhubh
Carrigles, Ascaill na Cille
Dún Laoghaire
Co Bhaile Átha Cliath
(01) 2300977

Telegael

Telegael,
An Spidéal
Co. na Gaillimhe
(091) 553460

Gluais

agallamh
airdeall (bí san)
aithnidiúil
aschur
athchúrsáil
bainisteoireacht
béim
brí ghinearálta
ceisteanna deimhnithe

ceistiúchán
cluasáin
comhaimseartha
comhchiallach
comhréir
comhtháite
comhthéacs
contanam
cruth
cuí
cúinsí
cumarsáideach
cur chuige
cur i gcéill

dialogue
be alert
well-known
output
recycling
management (of people)
stress
general gist
ceisteanna le deimhniú go bhfuil a fhios ag na páistí cad atá le déanamh acu sa chluiche nó sa tasc.

Cad atá le déanamh agat, a Mháire?

Cad is brí le 'ríomhaire', a Mháire?

questionnaire
earphones
contemporary
synonym
syntax (Gaeilge, an briathar ar dtús)
integrated
context
continuum
shape
appropriate
circumstances
communicative
approach
simulate

dáttheangach
défhoghar
dílis/ábhar dílis

dioscúrsa
dírbhreathnú
díisle
eagraíocht
éagsúlacht téacsanna
earráidí

eascróidh as
easnamhach
éilíonn
eiseamláirí

eispéaras (foghlama)
feasacht cultúir
feasacht teanga
feiceálach
feidhmeanna
féinmhuinín
fíorchumarsáid

bilingual

dhá fhuaime ag dhá ghuta, diphthong

authentic material, texts; audio or written.
Téacsanna scríofa nó taifeadta a ullmhaíodh i
gcomhair phobal na teanga sin agus ní chun
an dara teanga a mhúineadh.

discourse

observation

dice

organisation

a variety of texts

errors (developmental errors in language
learning)

will spring from

incomplete

demands, elicits

exponents, mar shampla

feidhm: Ceist a chur

eiseamláirí: *Cén t-am é?*

Cá bhfuil tú ag dul?

experience (learning)

cultural awareness

language awareness

noticeable

language functions: greetings, leave-takings,
asking and answering questions

self-confidence

real communication

fíorúil	virtual
físeán	video
fogharluach na litreacha	phoneme-grapheme correspondence
forlíonadh	supplement
foscileanna léitheoireachta	subskills of reading
gabhcumas	receptive (scil; éisteacht agus léitheoireacht go hiondúil)
geamaireacht	pantomime
ginchumas	productive (scil; labhairt agus scríbhneoireacht go hiondúil)
gníomhaíochtaí	activities
gréasán	web
greille	grid
grinnléitheoireacht	intensive reading
iarchumarsáid	post-communication Tar éis na ngníomhaíochtaí cumarsáide tugtar seans don pháiste dul siar ar an teanga a úsáideadh agus ceartaítear aon earráid ghramadaí. Déantar anailís ar an teanga ag leibhéal a oireann don pháiste.
iarléitheoireacht	post-reading
idirghníomhú	interaction
idirlíon	internet
ilroghnach	multiple-choice
infhilleadh	inflexion
inniúlacht labhartha	linguistic competence
insamhlaithe	simulated
iomlánaíoch	holistic

ionchur

input

Téarma a úsáidtear i gcomhair na teanga a mhúineann an múinteoir roimh tasc a thabhairt le réiteach. Déantar an t-ionchur sa chéad tréimhse den cheacht nó aon uair is gá.

leidchártaí

cue-cards

Cártaí a úsáidtear i gcomhair imirt i rólanna. Ullmhaíonn an múinteoir cártaí chun leideanna a thabhairt do na páistí chun cabhrú leo i rith na ngníomhaíochtaí réamhchumarsáide.

léitheoireacht leathan

extensive reading; ní gá gach focal a thuiscint

licín

a counter (i gcluiche boird)

logainmneacha

place-names

malartú

substitution

máthairtheanga

mother tongue (native language)

meáin (na)

the media

miotaseolaíocht

mythology

mír mearaí

jigsaw puzzle

modh na lánfhreagartha
gníomhaí

total physical response

oideas

recipe

OSPS

oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte (SPHE)

rabhlóg

tongue-twister

raidhse

abundance

réamhchumarsáid

precommunication

(an tréimhse ina ndéanann an páiste cleachtaí agus gníomhaíochtaí labhartha nó éisteachta le cabhair an mhúinteora agus leidchártaí)

réamhinsint

prediction

reatha

current

ríomhaire, -í

computer, -s

ríomhphost

e-mail

rólghlacadh

role-playing

sainfhoclóir

specific vocabulary

samhail

model

scimeáil

‘surf’ (ar an idirlíon)

seiftiú

improvisation

sleamhnáin

slides

snáithaonad

strand unit

snáithe

strand

sochar

advantage

spléachadh

scanning the text for information

spreagadh

stimulus. Ag tús an cheachta músclaíonn an múinteoir suim an pháiste sa topaic atá le teacht.

sraithscéal

serial

stiallghreannáin

comic

straitéisí cúitimh

compensatory strategies (geáitsí, méar a dhíriú)

suibiachtúil

subjective

súil thapa

skimming the text for gist

suimitheach

summative

tacú, -aíonn

tánaisteach

taoiléitheoireacht

tascanna

téacs

teagmhasach

tionchar

tomhas

TPR

tráchttaireacht

traschur eolais

tuairisc

tuar

tuin (chainte)

support-s

secondary in importance

léitheoireacht chiúin, silent reading

tasks; fadhbanna a thugtar don pháiste le réiteach as Gaeilge. Bíonn cuspóir cinnte le gach tasc agus bíonn aire an pháiste dírithe air.

text, spoken or written (scríofa nó taifeadta)

incidental

influence

a riddle (ainmfhocal), to guess (briathar)

total physical response, modh na lánfhreagartha gníomhaí, ina n-úsáideann an páiste a c(h)orp. Tugann an múinteoir na treoracha as Gaeilge agus leanann na páistí iad gan aon rud a rá.

commentary

transfer of information

a report

to predict

tone of voice, accent

Ballraíocht an Choiste Curaclaim Ghaeilge

Ullmhaíodh na treoirlínte seo faoi stiúir an Choiste Curaclaim Ghaeilge a cuireadh ar bun ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

Cathaoirligh	Nollaig Feirtéir Proinsias Ó Brodlaigh	Cumann Múinteoirí Éireann Cumann Múinteoirí Éireann
Baill an choiste	Hazel Allen (<i>go 1992</i>) Irene Barber (<i>go 1994</i>) Br Séamus Cinsealach Teresa Curley Pádraig de Bhál Valerie Jones Helen Lane Traolach Mac Giontaigh (<i>ó 1994</i>) Liam Mac Mathúna (<i>go 1996</i>) Aodán Mac Suibhne (<i>go 1993</i>) Proinsias Mac Suibhne Réamonn Mac Uait Máire Ní Bhric Máirín Ní Bhroin Sr Bríd Ní Scolaigh (<i>ó 1994</i>) Clár Ní Thuathail Gearóid Ó Conluain (<i>go 1994</i>) Antóin Ó Dubhghaill (<i>1996</i>) Mícheál Ó Lionáird (<i>ó 1994</i>) Br Ó Murchú (<i>go 1994</i>) Dónall Ó Murchú (<i>ó 1993</i>) Pádraig Ó Néill Eoghan Ó Súilleabháin Máire Roycroft Deirdre Uí Ghrádaigh Sr Rosario Waldron (<i>go 1993</i>)	Bord Oideachais Shionad Ginearálta Eaglais na hÉireann Cumann Múinteoirí Éireann Bainisteoireacht na gColáistí Oideachais Cumann Múinteoirí Éireann Cónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile Bord Oideachais Shionad Ginearálta Eaglais na hÉireann Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí–Bunbhrainse Cumann Múinteoirí Éireann Cónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile Cumann Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha Roinn Oideachais agus Eolaíochta Cumann Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha Cumann Múinteoirí Éireann Cumann Múinteoirí Éireann Aontas na Siúracha/mBráithre Teagaisc Bunscoileanna Cumann Múinteoirí Éireann Roinn Oideachais agus Eolaíochta Cónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile Roinn Oideachais agus Eolaíochta Aontas na mBráithre/Siúracha Teagaisc Bunscoileanna Cumann Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha Cumann Múinteoirí Éireann Roinn Oideachais agus Eolaíochta Bord Oideachais Shionad Ginearálta Eaglais na hÉireann Bainisteoireacht na gColáistí Oideachais Aontas na Siúracha/mBráithre Teagaisc Bunscoileanna
Oifigigh oideachais	Aodán Mac Suibhne (<i>ó 1993</i>) Caoimhe Máirtín (<i>go 1994</i>) Nóirín Ní Nuadháin (<i>ó 1996</i>)	
Comhairleoirí ó ITÉ	John Harris Máire Uí Dhufaigh (<i>1993–1996</i>)	

Ballraíocht an Choiste Comhordaithe Bunscolaíochta

Chun obair na gCoistí Curaclaim a chomhordú is ea a bunaíodh an Coiste Comhordaithe Bunscolaíochta ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

Cathaoirleach	Tom Gilmore	
Baill an choiste	Séadhna de Blán (ó 1995)	Bord Oideachais Shionad Ginearálta Eaglais na hÉireann
	Liam Ó hÉigeartha (ó 1996)	Roinn Oideachais agus Eolaíochta
	Dympna Glendenning (ó 1995)	Cumann Múinteoirí Éireann
	Fionnuala Kilfeather (ó 1995)	Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí – Bunbhrainse
	Éamonn MacAonghusa (go 1996)	Roinn Oideachais agus Eolaíochta
	Ath Gearóid Mac Conmara (ó 1995)	Cumann Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha
	Peadar Ó Maoláin	Cumann Múinteoirí Éireann
	Síle Ní Núnáin (ó 1995)	Cumann Múinteoirí Éireann
	Eugene Wall	Cónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile
Comhordaitheoir	Caoimhe Máirtín (go 1995)	
Leas- phríomhfheidhmeannach	Lucy Fallon-Byrne (ó 1995)	
Príomhfheidhmeannach	Albert Ó Ceallaigh	

Cathaoirligh na Comhairle: Dr Tom Murphy (go 1996), Dr Caroline Hussey (ó 1996)

Buíochas

Tá na foilsitheoirí buíoch de na daoine seo a leanas a thug cead a gcuid ábhar a úsáid.

<i>Cóipcheart</i>	<i>Ábhar</i>	<i>Lth.</i>
Cló Iar-Chonnachta Co. na Gaillimhe	<i>Labhraidh Loinseach</i> le Gabriel Rosenstock as 'Tríocha Dráma do Dhaltáí Scoile' 1998	47
Cló Iar-Chonnachta	<i>Taidhgín Turcaí</i> le Gabriel Rosenstock as 'Dánta Duitse' 1988	107
Cló Iar-Chonnachta	<i>Dumpysaurus agus an Chearc</i> le Seán Ó hEachthigheirn as 'Féach' 1991	108
An Comhchoiste Réamhscolaíochta	<i>Buail Bos, Gread Cos</i> le Treasa Ní Ailpín as 'Amhráin do Pháistí' gan dáta	110
Cló Iar-Chonnachta	<i>Go Mall, Mall</i> <i>Go Gasta, Go Gasta</i> le Seán Ó Cionnaith as 'Rainn agus Rímeanna' 1990	148
An Gúm, Baile Átha Cliath	Rogha leabhar le cead An Gúm	137

Tá na foilsitheoirí buíoch de na grúpaí seo a leanas as cead a fháil dul isteach sna scoileanna agus na grianghraif a thógáil: boird bhainisteoireachta, príomhoidí, múinteoirí agus páistí na mbunscoileanna ar fud na tíre a chomhoibrigh leis an tionscadal seo.

